



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0398/2023**

5.12.2023

**\*\*\*I**

# **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú. (COM(2022)0697 – C9-0412/2022 – 2022/0403(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Danuta Maria Hübner

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scríosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....	114
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH.....	116
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	118



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imréitigh an Aontais a fheabhsú.

(COM(2022)0697 – C9-0412/2022 – 2022/0403(COD))

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0697),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0412/2022),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0398/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\*

ar an togra ón gCoimisiún

-----  
2022/0403 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an [xxxx]**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargaí imrétigh an Aontais a fheabhsú.**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach<sup>1</sup>,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>2</sup>,

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rannchuidíonn Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup> leis an riosca sistéamach a laghdú trí thrédhearcacht mhargadh na ndíorthach thar an gcuntar a mhéadú agus trí rioscaí creidmheasa an chontrapháirtí agus na rioscaí oibríochtúla a bhaineann le díorthaigh thar an gcuntar a laghdú.

---

\* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■**.

<sup>1</sup> [...]

<sup>2</sup> [...]

<sup>3</sup> Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

- (2) Gné bhunúsach d’Aontas na Margaí Caipitil is ea iad bonneagair iarthrádála agus tá siad freagrach as réimse próiseas iarthrádála, lena n-áirítear imréiteach. Tá córas imréitigh éifeachtúil iomaíoch san Aontas fíor-riachtanach d’fheidhmiú mhargaí caipitil an Aontais agus is bunchloch de chobhsaíocht airgeadais an Aontais é. Is gá, dá bhrí sin, rialacha breise a leagan síos chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht **agus iomaíochas** na seirbhísí imréitigh san Aontas i gcoitinne, agus ar éifeachtúlacht contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) go háirithe, trí nósanna imeachta a chuíchóiriú, go háirithe maidir le seirbhísí nó gníomhaíochtaí breise a chur ar fáil agus maidir le samhlacha riosca CPLanna a athrú, trí leachtacht a mhéadú, trí imréiteach ag CPLanna an Aontais a spreagadh, tríd an gcreat faoina n-oibríonn CPLanna a nuachóiriú, agus tríd an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil do CPLanna agus do ghníomhaithe airgeadais eile chun dul san iomaíocht laistigh den mhargadh aonair.
- (3) ***Tá sé buntábhachtach go mbainfeadh an córas imréitigh tairbhe as níos mó roghanna imréitigh agus roghanna malartacha chun a áirithiú go mbeidh rochtain leanúnach ag na bainc agus ag an bhfíorgheilleagar ar réitigh imréitigh shábháilte agus éifeachtúla. Ní mór don Aontas rannchuidiú go suntasach trí bhonneagair imréitigh shábháilte, éifeachtúla agus nuálacha a fhorbairt agus a thairiscint. Le héabhlóid na margaí imréitigh, cuirtear ar fáil tairiscintí nua táirgí, próifílí riosca agus cineálacha cur chuige nua chun riosca a bhainistiú. Chuige sin, is gá cineálacha cur chuige maoirseachta agus rialála a oiriúnú agus ní mór do rialtóirí agus don tionscal oibriú go dlúth le chéile.*** Chun gnólachtaí a mhealladh, ní mór do CPLanna a bheith sábháilte agus athléimneach. Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, leagtar síos bearta chun trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú agus rioscaí a mhaolú trí imréiteach agus malartú éarlaise. I ndáil leis sin, tá ról tábhachtach ag CPLanna maidir le rioscaí airgeadais a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a leagan síos chun cobhsaíocht CPLanna an Aontais a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe trí ghnéithe áirithe den chreat rialála a leasú. Ina theannta sin, agus mar aitheantas ar ról CPLanna an Aontais maidir le cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chaomhnú, is gá a maoirseacht a neartú a thuilleadh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ról atá acu laistigh den chóras airgeadais níos leithne agus ar an bhfíoras go gcuireann siad seirbhísí ar fáil thar theorainneacha.
- (4) Gnó domhanda is ea an t-imréiteach lárnach agus tá rannpháirtithe i margadh an Aontais gníomhach go hidirnáisiúnta. Mar sin féin, ó ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint in 2017<sup>4</sup>, tá ábhair imní curtha in iúl arís agus arís eile, lena n-áirítear ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM)<sup>5</sup>, maidir leis na rioscaí leanúnacha do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a eascraíonn as comhchruinniú iomarcach an imréitigh i roinnt CPLanna tríú tír, go háirithe mar gheall ar na rioscaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn i gcás struis. Sa ghearrthéarma, chun maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le héifeachtaí aille a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar gheall ar chur isteach tobann ar rochtain rannpháirtithe margaidh an Aontais ar CPLanna na Ríochta

<sup>4</sup> COM(2017) 331.

<sup>5</sup> Tuarascáil ÚEUM ‘Tuarascáil mheasúnachta faoi Airteagal 25(2c) de EMIR — Assessment of LCH Ltd and ICE Clear Europe Ltd’ [Measúnú ar LCH Ltd agus ICE Clear Europe Ltd], an 16 Nollaig 2021, ESMA91-372-1945.

Aontaithe, ghlac an Coimisiún sraith cinntí coibhéise chun rochtain ar CPLanna na Ríochta Aontaithe a choinneáil ar bun. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar rannpháirtithe margaidh an Aontais a neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha lasmuigh den Aontas a laghdú sa mheántearma. D'athdhearbhaigh an Coimisiún an glao sin sa teachtaireacht uaidh dar teideal 'Córas eacnamaíoch agus airgeadais na hEorpa: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú'<sup>6</sup>, i mí Eanáir 2021. Rinneadh na rioscaí agus na héifeachtaí a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha lasmuigh den Aontas a mheas sa tuarascáil a d'fhoilsigh ÚEUM i mí na Nollag 2021<sup>7</sup> tar éis measúnú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go raibh tábhacht shistéamach chomh mór sin ag roinnt seirbhísí arna soláthar ag na CPLanna sin de chuid na Ríochta Aontaithe a bhfuil tábhacht shistéamach leo nach raibh na socrúithe reatha faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 leordhóthanach chun na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a bhainistiú. Chun na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar an spleáchas iomarcach leanúnach ar CPLanna sistéamacha tríú tír, ach freisin chun feabhas a chur ar chomhréireacht na mbeart do na CPLanna tríú tír sin a mbaineann níos lú rioscaí leo do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, is gá an creat a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2099 a oiriúnú a thuilleadh do na rioscaí a bhaineann le CPLanna éagsúla tríú tír. ***Ag an am céanna, is gá na hathruithe a chalabrú go maith, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag bearta rialála ar iomaíochas rannpháirtithe margaidh an Aontais.***

- (5) Le hAirteagal 4(2) agus le hAirteagal 11(5) go (10) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, díolmhaítear idirbhearta laistigh de ghrúpa ón oibleagáid imréitigh agus ó na ceanglais éarlaise. Chun tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthachta a sholáthar maidir leis an gcreat d'idirbhearta laistigh de ghrúpa, ba cheart creat níos simplí a chur in ionad na gcinntí coibhéise in Airteagal 13 den Rialachán sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 3 den Rialachán sin a leasú chun liosta tríú tíortha nár cheart díolúine a dheonú ina leith a chur in ionad an ghá atá le cinneadh coibhéise. Dá réir sin, ba cheart Airteagal 13 den Rialachán sin a scriosadh. Ós rud é go dtagraítear in Airteagal 382 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup> d'idirbhearta laistigh de ghrúpa dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart Airteagal 382 a leasú dá réir freisin.
- (6) Ós rud é go bhfuil eintitis atá bunaithe i dtíortha a liostaítear mar thríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup>, nó i dtríú tíortha a liostaítear

<sup>6</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'An córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú' (COM(2021) 32 críochnaitheach).

<sup>7</sup> Tuarascáil ÚEUM 'Tuarascáil mheasúnachta faoi Airteagal 25(2c) de EMIR — Assessment of LCH Ltd and ICE Clear Europe Ltd'[Measúnú ar LCH Ltd agus ICE Clear Europe Ltd], an 16 Nollaig 2021, ESMA91-372-1945.

<sup>8</sup> Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

<sup>9</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena



in Iarscríbhinní I **agus II** a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach<sup>10</sup>, faoi réir timpeallacht rialála nach bhfuil chomh dian céanna, féadfaidh a n-oibríochtaí an riosca a mhéadú, lena n-áirítear mar gheall ar riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil méadaithe, do chobhsaíocht airgeadais an Aontais. Dá réir sin, níor cheart eintitis den sórt sin a bheith incháilithe lena gcur san áireamh i gcreat na n-idirbheart laistigh de ghrúpa.

- (7) Ní gá gurb iad easnaimh straitéiseacha sa chóras maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, nó easpa comhair chun críoch cánach an t-aon fhachtóir a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar riosca, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil, a bhaineann le conarthaí díorthach. Tá ról freisin ag tosca eile, amhail an creat maoirseachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na tríú tíortha a shainaitheant nach bhféadfaidh a n-eintitis tairbhiú de na díolúintí sin in ainneoin nár sainaitheant iad ar na liostaí sin. Ós rud é go dtairbhíonn idirbhearta laistigh de ghrúpa de cheanglais rialála laghdaithe, ba cheart do rialtóirí agus do mhaoirseoirí faireachán agus measúnú cúramach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hidirbhearta a bhaineann le heintitis ó thríú tíortha.
- (8) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir institiúidí creidmheasa de chuid an Aontais agus institiúidí creidmheasa tríú tír a thairgeann seirbhísí imréitigh do shocruithe do scéimeanna pinsean, ba cheart díolúine ón oibleagáid imréitigh faoi Airteagal 4, pointe (iv), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a thabhairt isteach i gcás ina ndéanann contrapháirtí airgeadais de chuid an Aontais nó contrapháirtí neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh idirbheart le socrú scéimeanna pinsean atá bunaithe i dtríú tír agus atá díolmhaithe ón oibleagáid imréitigh faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin.
- (9) Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirtear chun cinn úsáid an imréitigh lárnaigh mar an bpríomhtheicníc maolaithe riosca do dhíorthaigh thar an gcuntar. Dá bhrí sin, is fearr na rioscaí a bhaineann le conradh díorthach thar an gcuntar a mhaolú nuair atá an conradh díorthach sin imréitithe ag CPL arna údarú faoi Airteagal 14 nó arna aithint faoi Airteagal 25 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, agus an suíomh á ríomh, suíomh a chuirtear i gcomparáid leis na tairseacha a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, níor cheart ach na conarthaí díorthach sin nach bhfuil imréitithe ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a aithnítear faoi Airteagal 25 den Rialachán sin a áireamh sa ríomh sin.
- (9a) *Gineann seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála idirbhearta nach bhfoirmíonn praghsanna chun riosca a laghdú i bpunanna díorthach gan an riosca margaidh a athrú. Áirítear le seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála comhbhrú punainne, barrfheabhsú punainne agus seirbhísí athchothromaithe. Laghdaítear le seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála an riosca sistéamach agus an riosca oibriúcháin, agus, dá bhrí sin, is uirlis luachmhar iad chun athléimneacht mhargadh na ndíorthach a fheabhsú. Mar a mhínigh ÚEUM i dTuarascáil chuig an gCoimisiún Eorpach uaidh***

---

leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

<sup>10</sup> Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo (IO C 413 I, 12.10.2021, lch. 1).

*an 10 Samhain 2020<sup>11</sup> agus i litir uaidh chuig an gCoimisiún an 1 Aibreán 2022<sup>12</sup>, cuireann cur i bhfeidhm na hoibleagáide imréitigh maidir le hidirbhearta a eascraíonn as seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála teorainn le húsáid na seirbhísí sin do phunanna neamh-imréitithe, agus d'fhéadfadh méadú ar úsáid táirgí casta nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide imréitigh a bheith mar thoradh air sin. Chun úsáid seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála a éascú, ba cheart díolúine spriocdhírithé agus choinníollach ón oibleagáid imréitigh d'idirbhearta a eascraíonn as seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála a thabhairt isteach. Níor cheart go mbainfeadh an díolúine sin ach leis na hidirbhearta riosca-neodracha a eascraíonn as an gcleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála, cé go bhfágfaí na trádálacha bunaidh, ar a ndéantar na cleachtaí laghdaithe riosca, faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcás inarb infheidhme. Dá réir sin, chuirfeadh an díolúine deireadh le bacainní ar úsáid seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála i bpunanna a bheadh le himréiteach, cheadódh sí do raon níos leithne contrapháirtithe rochtain a bheith acu ar na teicnící laghdaithe riosca sin, agus laghdódh sí castacht an mhargaidh. Trí laghdú riosca a éascú, laghdófaí ceanglais maidir le comhthaobhacht do chontrapháirtithe trí úsáid níos mó a bhaint as seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála, agus ar an gcaoi sin, chuirfí feabhas ar infhaighteacht fhoriomlán leachtachta i margadh díorthach an Aontais. Chun aon teacht timpeall ar an oibleagáid imréitigh a sheachaint, ba cheart an díolúine a bheith spriocdhírithé agus coinníollach. Is é sin le rá, ba cheart í a bheith teoranta do sheirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála lena maolaítear nó lena laghdaítear rioscaí agus arb iad soláthraí seirbhíse laghdaithe riosca iarthrádála tríú páirtí a dhéanann iad go neamhspleách agus faoi choinníollacha áirithe. Ba cheart sainordú a thabhairt do ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na coinníollacha sin a shonrú tuilleadh agus chun a áirithiú go gcuirfear na coinníollacha sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Ina theannta sin, chun a áirithiú gur féidir le ÚEUM agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta a gcúraimí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid imréitigh, ba cheart do chontrapháirtithe fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn acu an díolúine a chur i bhfeidhm.*

- (10) Is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha chomhaltaí imréitigh agus chliaint an Aontais ar CPLanna tríú tír (CPLanna Leibhéal 2) a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo agus a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh atá sainaitheanta ag ÚEUM mar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo de bhun Airteagal 25(2c) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. I mí na Nollag 2021, tháinig ÚEUM ar an gconclúid go bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit ag baint le soláthar seirbhísí imréitigh áirithe arna soláthar ag dhá CPL

<sup>11</sup> Tuarascáil ar sheirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála i ndáil leis an oibleagáid imréitigh (Airteagal 85(3a) de ÚEUM [https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma70-156-3351\\_report\\_on\\_ptrr\\_services\\_with\\_regards\\_to\\_the\\_clearing\\_obligation\\_0.pdf](https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma70-156-3351_report_on_ptrr_services_with_regards_to_the_clearing_obligation_0.pdf)

<sup>12</sup> [https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma91-372-2125\\_letter\\_chair\\_esma\\_response\\_to\\_ec\\_consultation\\_on\\_targeted\\_emir\\_review.pdf](https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma91-372-2125_letter_chair_esma_response_to_ec_consultation_on_targeted_emir_review.pdf)

Leibhéal 2, is é sin le rá do dhíorthaigh ráta úis arna n-ainmniú in euro agus in zloty na Polainne, Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa (CDS) arna n-ainmniú in euro, agus do dhíorthaigh ráta úis ghearrthearmaigh (STIR) arna n-ainmniú in euro. Faoi mar a thug ÚEUM dá aire ina thuarascáil mheasúnachta i mí na Nollag 2021, dá mbeadh ar na CPLanna sin ar Leibhéal 2 aghaidh a thabhairt ar anás airgeadais, d'fhéadfadh athruithe ar chomhthaobhacht incháilithe, ar chorrtaigh nó ar chaolchorrtaigh na CPLanna sin tionchar diúltach a imirt ar mhargaí bannaí ceannasacha Ballstáit amháin nó níos mó, agus ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais i gcoitinne. Ina theannta sin, d'fhéadfadh suaitheadh sna margáí atá ábhartha do chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta cur isteach ar an sásra tarchurtha atá rithábachtach do bhainc cheannais eisiúna. Dá bhrí sin, is iomchuí **bearta lena gceanglaítear ar** chontrapháirtithe airgeadais agus ar chontrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh cuntais **ghníomhacha** a shealbhú, go díreach nó go hindíreach, ag CPLanna atá bunaithe san Aontas. Leis an gceanglas sin, ba cheart soláthar na seirbhísí imréitigh sin ag na CPLanna sin ar Leibhéal 2 a laghdú go leibhéal nach bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leis a thuilleadh. ***I bhfianaise forbairtí sa mhargadh le déanaí, go háirithe maidir le taisclanna lárnaigh urrús, is iomchuí freisin nach mbeidh feidhm ag an gceanglas ach amháin maidir le díorthaigh ráta úis a ainmnítear in euro agus díorthaigh zloty agus STIR na Polainne a ainmnítear in euro, sa bhreis ar aon seirbhís imréitigh eile a measann ÚEUM go bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil aici ina mheasúnuithe amach anseo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.***

- (10a) ***I bhfianaise úrnuacht an cheanglais ar chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh cuntais a shealbhú, go díreach nó go hindíreach, ag CPLanna atá bunaithe san Aontas agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar iomaíochas na gcomhaltaí imréitigh atá bunaithe san Aontas agus ar chliaint, is iomchuí an ceanglas a chéimniú isteach de réir a chéile. Ar dtús, ba cheart a cheangal ar chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais éarlaisí tosaigh agus éarlaisí athrúcháin a mhalartú i gcuntas ag CPL atá bunaithe san Aontas, agus a áirithiú go mbeidh an nascacht TF agus an doiciméadacht dhlíthiúil is gá i bhfeidhm. Chun athléimneacht na gcuntas sin a áirithiú i bhfianaise méadú suntasach tobann ar ghníomhaíocht imréitigh, is iomchuí freisin tástáil struis a dhéanamh go rialta ar na cuntais sin, agus tuairisc a thabhairt do ÚEUM maidir le toradh na dtástálacha struis sin. Ar deireadh, is iomchuí freisin nach mbeidh feidhm ag an gceanglas ach amháin maidir le conarthaí díorthach a dhéanfar tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, ionas nach gcuirfear as do shuímh reatha na gcontrapháirtithe faoi réir an cheanglais.***
- (11) ***D'fhéadfadh sé, leis an gceanglas cuntais ghníomhacha a shealbhú ag CPLanna atá bunaithe san Aontas, nach rachfaí i ngleic go leordhóthanach leis na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a bhaineann le neamhchosaintí iomarcacha comhaltaí imréitigh atá bunaithe san Aontas agus cliant ar CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach leo (CPLanna Leibhéal 2). Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh d'fhonn an ceanglas sin a fhorlónadh trí mhionsonraí leibhéal na seirbhísí imréitigh sistéamacha substaintiúla a shonrú atá le coinneáil ar bun sna cuntais ghníomhacha i CPLanna de chuid an Aontais ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Níor cheart don chalabhrú sin dul thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach***

chun an t-imréiteach sna seirbhísí imréitigh sainaitheanta ag CPLanna Leibhéal 2 lena mbaineann a laghdú. *Ba cheart don Choimisiún sprioc aontas na margáí caipitil a chur san áireamh, agus níor cheart dó an gníomh tarmligthe a ghlacadh ach amháin má rannchuidítear, de thairbhe shainaitheanta leibhéal na seirbhísí imréitigh sistéamacha atá le coinneáil ar bun sna cuntais ghníomhacha san Aontas, leis an gcobhsaíocht airgeadais gan dinimic na hiomaíochta san Aontas a shaobhadh trí, i measc nithe eile, chruthú neamhsrianta ingearacha i mbonneagair an mhargaidh a dhreasú, agus gan difear a dhéanamh do chumacht idirnáisiúnta chontrapháirtithe an Aontais. I ndáil leis sin, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó thuarascáil ÚEUM más gá, anailís costais is tairbhe a dhéanamh chun breathnú ar bhealach níos fearr ar na costais, na rioscaí agus an t-ualach a bhaineann le calabrú den sórt sin ar chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais, an riosca go laghdófar a sciar den mhargadh, agus an riosca go gcuirfí na costais sin ar aghaidh chuig gnólachtaí neamhairgeadais nó chuig infheisteoirí deiridh. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tréimhsí céimnithe isteach oiriúnacha chun an ceanglas maidir le leibhéal áirithe den ghníomhaíocht imréitigh a bheith i gcuntais CPLanna an Aontais a chur chun feidhme de réir a chéile.*

- (11a) *Tá nasc láidir idir comaoineacha cobhsaíochta airgeadais agus creat maoirseachta leormhaith, agus ní féidir éifeacht a bheith ag sonrú mionsonraí leibhéal na seirbhísí imréitigh sistéamacha atá le coinneáil ar bun sna cuntais ghníomhacha ag CPLanna san Aontas ach amháin má dhéantar bearta comhréireacha in éineacht leis a bhaineann le maoirseacht CPLanna an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndéanfaí glacadh an ghnímh tharmligthe ag an gCoimisiún lena bhforlíontar an ceanglas cuntas gníomhach a bheith ina sheilbh ag CPLanna atá bunaithe san Aontas a fo-ordú i leith maoirseacht dhíreach ag ÚEUM ar CPLanna an Aontais.*
- (12) *Chun a áirithiú go mbeidh cliaint ar an eolas faoina roghanna agus gur féidir leo cinneadh eolasach a dhéanamh i dtaobh cá háit a n-imréiteoidh siad a gconarthaí díorthach, ba cheart do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil san Aontas agus i CPLanna tríú tír aitheanta araon a gcliaint a chur ar an eolas faoin rogha conradh díorthach a imréiteach i CPL de chuid an Aontais, agus ba cheart dóibh na costais a bhaineann le seirbhísí imréitigh sna contrapháirtithe lárnacha éagsúla a nochtadh go soiléir i gcás inar féidir na conarthaí sin a imréiteach. Ba cheart go mbeadh an oibleagáid sin maidir le faisnéis a chur ar fáil a bheith éagsúil ón gceanglas maidir le cuntas gníomhach. Ba cheart do chomhaltaí imréitigh ábhartha roghanna malartacha imréitigh de chuid an Aontais a mholadh go córasach do chliaint fiú i gcás seirbhísí nach gcinneann ÚEUM go bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo.*
- (13) *Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis is gá ag ÚEUM maidir leis na gníomhaíochtaí imréitigh a dhéanann comhaltaí imréitigh nó cliaint i CPLanna aitheanta, ba cheart oibleagáid tuairiscithe a thabhairt isteach do na comhaltaí imréitigh sin nó do na cliaint sin. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh san fhaisnéis atá le tuairisciú idir idirbhearta urrús, idirbhearta díorthach arna dtrádáil ar mhargadh rialáilte agus idirbhearta díorthach thar an gcuntar (OTC). Ba cheart do ÚEUM, i ndlúthchomhar le CEBC, ábhar agus formáid bheacht na faisnéise atá le tuairisciú a shonrú, agus le linn dó déanamh amhlaidh, ba cheart dó a áirithiú nach gcruthaíonn an oibleagáid ceanglais tuairiscithe bhreise mura bhfuil gá leis, ionas go n-íoslaghdófar an t-ualach riaracháin do chomhaltaí imréitigh nó do chliaint. Is iomchuí freisin breathnú ar na hábhair inní a chuir an pobal maoirseachta in iúl maidir le cáilíocht sonraí an*

*tuairiscithe arna dhéanamh ag contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar eintitis atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe de bhun an Rialacháin sin dícheall cuí a fheidhmiú trí sheiceálacha cáilíochta sonraí a chur i bhfeidhm sula gcuirfidh siad a gcuid sonraí isteach. Ba cheart go mbeadh ÚEUM in ann pionóis iomchuí a ghlacadh i gcás sárúithe ar an gceanglas díchill chuí sin.*

- (13a) *Faoin gcreat atá ann faoi láthair, faigheann ÚEUM sonraí idirbheart faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus faoi Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>13</sup>, lena dtugtar léargas uile-Aontais ar mhargaí, ach ní ar bhainistiú riosca CPLanna. Cruthaíonn an easpa sonraí sin saincheistanna suntasacha do ÚEUM, rud a éilíonn faisnéis thráthúil iontaofa maidir le gníomhaíochtaí agus cleachtais CPLanna chun a shainordú cobhsaíochta airgeadais a chomhlíonadh. Is gá, dá bhrí sin, ceanglas foirmiúil tuairiscithe maidir le sonraí bainistithe riosca CPL a thabhairt isteach chuig ÚEUM. Chuideodh sé sin freisin le caighdeánú agus inchomparáideacht idir sonraí a neartú tuilleadh agus lena áirithiú go gcuirfear ar fáil in am iad, agus ós rud é go gcumhdaítear leis sonraí atá cosúil leis na sonraí a ullmhaíonn CPLanna an Aontais agus a roinntear leis an gcoláiste ar bhonn míosúil, fágann sé sin nach mbeadh sé ina ualach breise ar CPLanna. Sa bhreis ar an bhféidearthacht atá ag ÚEUM sonraí a iarraidh go díreach ar chontrapháirtithe lárnacha, ar chomhaltaí imréitigh agus ar chliaint le linn tréimhsí suaite sa mhargadh, ba cheart na sonraí a fhaightear sna tuarascálacha sonraí míosúla deonacha tríd an gcoláiste a chur ar bhonn foirmiúil chun caighdeánú níos airde, inchomparáideacht agus cur i gcrích tráthúil a áirithiú.*
- (14) *Níl maoirseacht mhacrastuamachta teoranta d'idirbhearta idir contrapháirtithe airgeadais, ach ceanglaítear léi freisin faireachán a dhéanamh ar neamhchosaintí idir contrapháirtithe airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais a bhaineann leis an gcomhdhlúthú céanna. Le Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>14</sup>, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun, *inter alia*, díolúine ó cheanglais tuairiscithe a thabhairt isteach le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar idir contrapháirtithe laistigh de ghrúpa, i gcás inar contrapháirtí neamhairgeadais ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe. Tugadh isteach an díolúine sin toisc gur céatadán sách beag iad na hidirbhearta laistigh de ghrúpa a bhfuil baint ag contrapháirtithe neamhairgeadais leo de na conarthaí díorthach thar an gcuntar uile agus is le haghaidh fálú inmheánach laistigh de ghrúpaí is mó a úsáidtear iad. Dá réir sin, ní chuireann na hidirbhearta sin go mór leis an riosca sistéamach agus leis an idirnascthacht leis an gcuid eile den chóras airgeadais. Mar sin féin, leis an díolúine do na hidirbhearta sin ó cheanglais tuairiscithe, tá teorainn curtha le cumas ÚEUM, BERS agus údaráis eile na rioscaí a ghabhann contrapháirtithe neamhairgeadais a shainathint agus a mheasúnú go soiléir. Chun níos mó infheictheachta a áirithiú maidir le hidirbhearta laistigh de ghrúpa, i bhfianaise a n-idirnascthachta féideartha leis an gcuid eile den chóras airgeadais agus na forbairtí margaidh a tharla le déanaí á gcur san*

<sup>13</sup> Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe úrrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2365/o> )

<sup>14</sup> Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca do chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42).

áireamh, go háirithe brúnna ar mhargaí fuinnimh mar thoradh ar an bhfogha gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin, **agus cur chuige comhréireach á choinneáil ag an am céanna nach mbeidh méadú suntasach ar na costais do contrapháirtithe neamhairgeadais mar thoradh air**, ba cheart an díolúine sin a bhaint **ar dtús** i gcás **contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh. Ba cheart é a bheith de cheangal ar ÚEUM measúnú a dhéanamh i dtaobh an dtiocfaidh feabhas soiléir go leor ar a chúraimí maoirseachta mar thoradh ar bhaint na díolúine do na contrapháirtithe neamhairgeadais sin agus, más gá, ba cheart dó a mholadh go leathnófaí an oibleagáid tuairiscithe chuig na contrapháirtithe neamhairgeadais uile.**

- (15) Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla ar an eolas i gcónaí faoi neamhchosaintí ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal an ghrúpa agus go mbeidhsiad in ann faireachán a dhéanamh ar neamhchosaintí den sórt sin, ba cheart do na húdaráis inniúla nósanna imeachta comhair éifeachtacha a bhunú chun suíomhanna i gconarthaí nach bhfuil imréitithe ag CPL údaraithe nó aitheanta a ríomh agus chun meastóireacht agus measúnú gníomhach a dhéanamh ar leibhéal na neamhchosanta i gconarthaí díorthach thar an gcuntar ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal an ghrúpa.
- (16) Is gá a áirithiú go leanfaidh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>15</sup> maidir leis na critéir chun a shuí cé na conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear rioscaí de bheith iomchuí i gcónaí i bhfianaise forbairtí sa mhargadh. Is gá a áirithiú freisin leis na tairseacha imréitigh a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin ón gCoimisiún a bhaineann le luachanna na dtairseach sin go léireofar go cuí agus go cruinn na rioscaí agus na saintréithe éagsúla i ndíorthaigh, seachas díorthaigh ráta úis, malairte eachtraí, creidmheasa agus cothromais. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM athbhreithniú agus soiléiriú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an Rialachán Tarmligthe sin ón gCoimisiún agus a mholadh go ndéanfaí é a leasú más gá. Moltar do ÚEUM tuilleadh gráinneachta a mheas agus a sholáthar, *inter alia*, do dhíorthaigh tráchtearraí. D'fhéadfaí an ghráinneacht sin a bhaint amach trí na tairseacha imréitigh a dheighilt de réir earnála agus cineáil, amhail idirdhealú a dhéanamh idir talmhaíocht, fuinneamh nó tráchtearraí a bhaineann le miotail nó idirdhealú a dhéanamh idir na tráchtearraí sin bunaithe ar ghnéithe eile amhail critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais, infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó gnéithe a bhaineann le criptea-airgeadraí. Le linn an athbhreithnithe, ba cheart do ÚEUM féachaint le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha a bhfuil eolas sonrath acu ar thráchtearraí ar leith.
- (17) Contrapháirtithe neamhairgeadais ar gá dóibh comhthaobhacht a mhalartú le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach, ba cheart a ndóthain ama a bheith acu chun caibidlíocht a dhéanamh agus chun tástáil a dhéanamh ar na socrúithe maidir leis an gcomhthaobhacht sin a mhalartú.
- (18) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na nósanna imeachta bainistithe riosca a áirithiú lena gceanglaítear malartú tráthúil comhthaobhachta a bheidh cruinn agus deighilte go hiomchuí i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar a dhéanann contrapháirtithe

<sup>15</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar shocrúithe imréitigh indíreach, an oibleagáid imréitigh, an clár poiblí, rochtain ar ionad trádála, contrapháirtithe neamhairgeadais, agus teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

airgeadais agus contrapháirtithe neamhairgeadais, ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfeair i bhfeidhm go haonfhoirmeach mar sin iad.

- (18a) *Tá roinnt eintiteas poiblí ann, amhail an rialtas láir, údaráis áitiúla agus eintitis eile san earnáil phoiblí, a dhéanann imréiteach ar bhonn deonach. Agus seirbhísí imréitigh á n-úsáid acu, ba cheart d'eintitis phoiblí, i bprionsabal, úsáid a bhaint as seirbhísí imréitigh CPLanna an Aontais. I litir uaidh an 1 Aibreán 2022, chuir ÚEUM i bhfios go láidir go bhfuil éagsúlacht sna módúlachtaí a bhaineann le heintitis phoiblí a bheith rannpháirteach i CPLanna ar fud na mBallstát. Go háirithe, shaináithin ÚEUM cleachtais éagsúla maidir le ríomh neamhchosaintí na n-eintiteas poiblí ar CPLanna an Aontais agus a ranníocaíochtaí le hacmhainní airgeadais an CPL. Dá bhrí sin, ba cheart a iarraidh ar ÚEUM obair a dhéanamh ar chomhchuibhiú agus comhordú breise maidir le gníomhaíochtaí imréitigh eintiteas poiblí.*
- (18b) *Chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú, ag aithint nach bhfuil malartú athrúcháin agus éarlaise tosaigh le haghaidh roghanna stoic aonair agus roghanna innéacs cothromais faoi réir ceanglais éarlaise choibhéiseacha i ndlínsí áirithe, ba cheart láimhseáil na dtáirgí sin a chéimniú isteach. Leis an tréimhse bhreise sin den chéimniú isteach, thabharfaí am do ÚEUM chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí rialála i ndlínsí eile agus don Choimisiún chun a áirithiú go bhfuil ceanglais iomchuí i bhfeidhm san Aontas chun riosca creidmheasa contrapháirtí a mhaolú i leith conarthaí den sórt sin, agus aon deis le haghaidh arbatráiste rialála á seachaint ag an am céanna.*
- (18c) *Chun na ceanglais éarlaise tosaigh a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chomhlíonadh, úsáideann go leor rannpháirtithe i margadh an Aontais samhlacha éarlaise tosaigh ar fud an tionscail, amhail an tsamhail chaighdeánach éarlaise tosaigh (SIMM) a d'fhorbair an Comhlachas Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). Cinntear dearadh na samhlacha sin go lárnach agus ní féidir difear suntasach a dhéanamh dó mar gheall ar roghanna gach úsáideora aonair ná measúnuithe éagsúla gach údaráis inniúil a dhéanann úsáid na samhlacha ag na heintitis a ndéanann sé maoirseacht orthu a bhailíochtú. Go hiarbhir, ós rud é go n-úsáideann líon mór contrapháirtithe de chuid an Aontais an tsamhail chéanna, eascraíonn fadhb chomhordúcháin as an ngá atá ann dá thoradh sin leis an tsamhail sin a bheith á bailíochtú ag an iliomad údarás inniúil. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, ba cheart a chur de chúram ar ÚBE feidhmiú mar bhailíochtóir lárnach eilimintí ginearálta samhlacha uile-thionscail den sórt sin. Ina ról mar bhailíochtóir lárnach, ba cheart do ÚBE comhdhearadh a fhorbairt maidir le gnéithe ginearálta na samhlacha sin, amhail a gcalabhrú, a ndearadh agus a n-ionstraimí agus a gcumhdach aicme sócmhainní. Chun cabhrú le ÚBE ina chuid oibre, ba cheart do ÚBE aiseolas a bhailiú ó údaráis inniúla, ó ÚEUM agus ó ÚEÁPC, agus a dtuairimí a chomhordú. Ós rud é go leanfadh na húdaráis inniúla de bheith freagrach as cur chun feidhme na samhlacha sin a bhailíochtú ar leibhéal an eintitis faoi mhaoirseacht, ba cheart do ÚBE cúnaimh a thabhairt dóibh ina bpróisis formheasa maidir leis na gnéithe ginearálta de chur chun feidhme na samhlacha sin.*

***Ina theannta sin, ba cheart go bhfeidhmeadh ÚBE mar phointe aonair plé leis an tionscal chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh tionchar níos éifeachtaí ag an Aontas ar dhearadh na samhlacha sin.***

- (19) Chun cur chuige comhsheasmhach agus cóineasaithe a áirithiú i measc na n-údarás inniúil ar fud an Aontais, ba cheart do CPLanna údaraithe nó do dhaoine dlítheanacha ar mian leo údarú a fháil faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 seirbhísí imréitigh agus gníomhaíochtaí in ionstraimí airgeadais a chur ar fáil a bheith in ann a bheith údaraithe freisin seirbhísí imréitigh agus gníomhaíochtaí eile i ndáil le hionstraimí neamhairgeadais a chur ar fáil. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le CPLanna mar eintitis, agus ní maidir le seirbhísí sonracha, mar a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Rialachán sin. Nuair a imréitíonn CPL ionstraimí neamhairgeadais, de bhreis ar ionstraimí airgeadais, ba cheart do **ÚEUM** a bheith in ann a áirithiú go gcomhlíonfaidh an CPL ceanglais uile Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le haghaidh na seirbhísí uile a thairgeann sé.
- (20) ***Is gá féachaint ar bhealaí breise chun tarraingteacht CPLanna an Aontais a fheabhsú agus chun iomaíochas ghnólachtaí an Aontais a mhéadú. Chun cur chuige comhréireach a bhaint amach lena dtreiseofar margaí caipitil an Aontais, lena gcoinneofar cobhsaíocht airgeadais agus lena neartófar iomaíochas chóras imréitigh an Aontais ar scála domhanda, is gá córas dreasachtaí a chur chun feidhme chun contrapháirtithe idirnáisiúnta a spreagadh le himréiteach a dhéanamh san Aontas.*** Tá dúshlán roimh CPLanna an Aontais, ***áfach***, maidir lena dtairiscint táirgí a leathnú agus bíonn deacrachtaí acu táirgí nua a thabhairt chun an mhargaidh. Is féidir na dúshlán agus na deacrachtaí sin a mhíniú le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a fhágann go bhfuil roinnt nósanna imeachta údarúcháin rófhada, róchasta agus éiginnte maidir lena dtoradh. Ba cheart simpliú a dhéanamh, dá bhrí sin, ar an bpróiseas maidir le CPLanna an Aontais a údarú nó síneadh a chur lena n-údarú, agus rannpháirtíocht iomchuí **ÚEUM** agus an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a áirithiú san am céanna. Ar an gcéad dul síos, chun moilleanna móra, agus moilleanna a d'fhéadfadh a bheith éiginnte, a sheachaint nuair a dhéanann **ÚEUM measúnú** ar iomláine iarratais ar údarú, ba cheart do **ÚEUM** a admháil go mear go bhfuarthas an t-iarratas sin agus a fhíorú go tapa ar sholáthair an CPL na doiciméid is gá don mheasúnú. Chun a áirithiú go dtíolacfaidh CPLanna an Aontais na doiciméid riachtanacha uile i dteannta a n-iarratas, ba cheart do **ÚEUM** dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme a fhorbairt ina sonrú na doiciméid ba cheart a sholáthar, an fhaisnéis ba cheart a bheith sna doiciméid sin agus an fhormáid inar cheart iad a thíolacadh. ***Agus dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á n-ullmhú aige, cuirfidh ÚEUM san áireamh na ceanglais agus na cleachtais doiciméadachta atá ann cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus déanfaidh sé a dtíolacadh a chuíchóiriú i gcás inar féidir, chomh maith lena thábhachtaí atá sé go seachnófaí am iomarcach chun an mhargaidh agus go n-áiritheofaí go mbeidh an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag an gcontrapháirtí lárnach a dhéanfaidh iarratas ar shíneadh ar údarú comhréireach le hábharthacht an athraithe a bhfuil an contrapháirtí lárnach ag cur isteach air.*** Ar an dara dul síos, chun measúnú éifeachtúil agus comhthráthach ar iarratais a áirithiú, ba cheart do CPLanna a bheith in ann na doiciméid uile a thíolacadh trí bhunachar sonraí lárnach inar cheart iad a roinnt láithreach le húdarás inniúil an CPL, le **ÚEUM** agus leis an gcoláiste. Ar an tríú dul síos,



ba cheart d'údarás inniúil an CPL, do ÚEUM agus don choláiste, le linn na tréimhse measúnaithe, páirt a ghlacadh agus aon cheist a chur ar an CPL chun próiseas mear, solúbtha agus comhoibritheach a áirithiú le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach. Chun dúbláil agus moilleanna nach bhfuil gá leo a sheachaint, ba cheart na ceisteanna agus na soiléirithe uile ina dhiaidh sin a roinnt go comhuaineach idir údarás inniúil an CPL, ÚEUM agus an coláiste.

- (21) Tá éiginnteacht ann faoi láthair maidir le cathain a chumhdaítear seirbhís nó gníomhaíocht bhreise le húdarú contrapháirtí lárnaigh atá ann cheana. Is gá aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht sin agus comhréireacht a áirithiú nuair nach méadaíonn an tseirbhís nó an ghníomhaíocht bhreise atá beartaithe na rioscaí don CPL. Dá bhrí sin, is gá a leagan síos nár cheart iarratais sna cásanna sin a chur faoi réir an nós imeachta measúnaithe iomláin. Ar an gcúis sin, ba cheart a shonrú cé na seirbhísí agus gníomhaíochtaí imréitigh breise atá neamhábhartha, agus, dá bhrí sin, nach méadaíonn na rioscaí do chontrapháirtí lárnach de chuid an Aontais, agus ba cheart do **ÚEUM** iad a fhormheas trí nós imeachta neamhagóide. Ba cheart an nós imeachta neamhagóide sin a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an CPL ***airgeadra nua*** a imréiteach ***in aicme ionstraimí airgeadais a chumhdaítear cheana le húdarú an chontrapháirtí lárnaigh nach bhfuil an tsaoráid íocaíochta ábhartha i bhfeidhm ag an CPL ina leith, nó i gcás ina mbeartaíonn sé sásra nua socraíochta nó seachadta nó seirbhís nua a thairiscint lena mbaineann naisc a bhunú le córas socraíochta urrús, taisclann lárnach urrús nó córas íocaíochta difriúil nó a bhfuil sé beartaithe aige conarthaí a thairiscint nach féidir a leachtú ar an mbealach céanna nó in éineacht le conarthaí a d'imréitigh sé cheana féin.*** Ina theannta sin, ba cheart do CPL a bheith in ann a iarraidh ar ÚEUM an nós imeachta neamhagóide a chur i bhfeidhm i gcás ina measfaidh an CPL sin nach méadóidh an tseirbhís bhreise nó an ghníomhaíocht bhreise atá beartaithe a rioscaí, go háirithe i gcás ina bhfuil an tseirbhís nó an ghníomhaíocht imréitigh nua cosúil leis na seirbhísí a bhfuil an CPL údaraithe cheana féin a sholáthar. Níor cheart go mbeadh gá le tuairim ar leithligh ó ÚEUM agus ón gcoláiste de bharr an nós imeachta neamhagóide ós rud é go mbeadh ceanglas den sórt sin díreireach. ***Tá roinnt athruithe ann freisin a ghlacann CPL ar bhonn rialta (athruithe 'gnó mar is gnách') agus d'fhéadfadh sé nach gcáileoidís mar athruithe ábhartha nó neamhábhartha. I gcás na n-athruithe sin, níor cheart do na CPLanna a bheith faoi réir na nósanna imeachta chun síneadh a chur leis na húdaruíthe, ach ba cheart dóibh fógra a thabhairt do ÚEUM sula gcuirfidh sé chun feidhme go díreach iad. Ba cheart do ÚEUM na hathruithe sin a sheiceáil go rialta mar chuid den athbhreithniú bliantúil CPL. Leis an mbeart sin, ba cheart an t-ualach ar údaráis inniúla a laghdú go mór, agus méadú mór a dhéanamh ar chumas na CPLanna athruithe a chur chun feidhme nach modhnaíonn a bpróifíl riosca fhoriomlán. Mar sin féin, ba cheart do ÚEUM athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear na hathruithe ar na nósanna imeachta údarúcháin agus measúnaithe chun feidhme go hiarbhír, chun a áirithiú nach méadóidh siad an riosca cobhsaíochta airgeadais don Aontas.***
- (22) Chun maoirseacht chomhoibríoch ar CPLanna a chothú ar bhonn leanúnach, ba cheart don choláiste tuairim a eisiúint i gcás ina ndéanfaidh **ÚEUM** breithniú ar údarú CPL a tharraingt siar agus i gcás ina ndéanfaidh **ÚEUM** an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht bhliantúil ar an CPL sin.

- (24) *Tá athruithe móra tagtha ar thimpeallacht an imréitigh san Aontas ó 2019 i leith, agus rialacháin á leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 glactha, agus dealraíonn sé go bhfuil gá le cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite maidir le maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna an Aontais, go háirithe ós rud é go meastar go n-aistreofar gníomhaíocht níos sistéamaí chuig an Aontas mar gheall ar an gceanglas cuntais ghníomhacha a choinneáil ag CPLanna an Aontais le haghaidh seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM a bheith ina mhaoirseoir díreach ar CPLanna an Aontais, agus ba cheart go mbeadh comhar agus comhtháthú feabhsaithe idir na húdaráis ábhartha uile riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus bainistiú leordhóthanach ar rioscaí atá comhchruinnithe i CPLanna an Aontais, chun an riosca sistéamach agus na héifeachtaí iarmharta ar fud na mBallstát a íoslaghdú. Chun ról maoirseachta díreach a thabhairt do ÚEUM i leith CPLanna an Aontais, ní mór an creat maoirseachta atá ann cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a oiriúnú, cumhachtaí cinnteoireachta ar CPLanna an Aontais a thabhairt do ÚEUM, ach freisin soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhódh na cumhachtaí nua sin le ról maoirseachta na n-údarás inniúil náisiúnta. Faoi chur chuige nua agus níos comhtháite, ba cheart do ÚEUM cinntí maoirseachta ábhartha a dhréachtú agus a ghlacadh, tar éis dó tuairim an choláiste a chur san áireamh. Féadfaidh ÚEUM a iarraidh ar údarás inniúil an CPL cuidiú le cinntí a dhréachtú, gníomhaíochtaí an CPL a fhíorú, agus na measúnuithe ó lá go lá. Ba cheart go dtabharfí de chumhacht do ÚEUM cúraimí maoirseachta sonracha a tharmligean chuig údarás inniúla. Ba cheart do ÚEUM a bheith i gceannas ar chomhghníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú, lena n-áirítear i ndáil le cigireachtaí ar an láthair ar CPLanna an Aontais. Ba cheart go gcumhdódh an t-athrú cur chuige na hathbhreithnithe bliantúla freisin.*
- (25) Is gá a áirithiú go gcomhlíonfaidh an CPL Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear tar éis nós imeachta neamhagóide lena bhformheastar seirbhísí imréitigh breise nó gníomhaíochtaí imréitigh breise a chur ar fáil, nó tar éis nós imeachta neamhagóide chun athrú samhla a bhailíochtú, ar athrú é nach n-eisíonn ÚEUM agus an coláiste tuairim ar leithligh ina leith. Ba cheart, dá bhrí sin, san athbhreithniú a dhéanfaidh ÚEUM ar bhonn bliantúil ar a laghad, na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí imréitigh nua sin agus aon athrú ar an tsamhail a mheas. Chun cóineasú maoirseachta a áirithiú agus chun go mbeidh CPLanna an Aontais sábháilte, láidir agus iomaíoch maidir lena seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Aontais, ba cheart tuarascáil ÚEUM a bheith faoi réir tuairime<sup>16</sup> ón gcoláiste agus ba cheart í a thíolacadh gach bliain.
- (26) Ba cheart go mbeadh na hacmhainní ag ÚEUM chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a shainaithint. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM, i gcomhar le **BERS**, **ÚBE**, **ÚEÁPC**, agus **BCE** faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi chuimsiú an tsásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle<sup>16</sup>, idirnáisc agus idirthuilleamaíochtaí idir CPLanna éagsúla agus daoine dlítheanacha a shainaithint, lena n-áirítear, *a mhéid is féidir*, comhaltaí imréitigh comhroinnte, cliaint agus cliaint indíreacha, soláthraithe seirbhísí ábhair chomhroinnte, soláthraithe leachtachta ábhartha comhroinnte, socruithe maidir le comhthaobhacht

---

<sup>16</sup> [...]

fhriothpháirteach, forálacha trasmhainneachtana agus glanluachála tras-CCP, comhaontuithe trasráthaíochta agus aistrithe riosca agus socruithe trádála droim-le-droim.

- (27) Maidir le bainc cheannais eisiúna airgeadraí an Aontais, ar sna hairgeadraí sin atá na hionstraimí airgeadais arna n-imréiteach ag CPLanna údaraithe a d'iarr comhaltas ar an gCoiste Maoirseachta do CPLanna, is comhaltaí den choiste sin gan ceart vótála iad. Ní ghlacann siad páirt sna cruinnithe a bhíonn ag CPLanna an Aontais ach amháin i gcomhthéacs an phlé faoi mheasúnuithe uile-Aontais ar athléimneacht na CPLanna sin i leith forbairtí dochracha sa mhargadh agus forbairtí ábhartha sa mhargadh. Murab ionann agus a rannpháirtíocht i maoirseacht CPLanna tríú tír, ní bhíonn baint leordhóthanach ag bainc cheannais eisiúna le cúrsaí maoirseachta do CPLanna an Aontais a bhfuil ábharthacht dhíreach acu maidir le feidhmiú an bheartais airgeadaíochta agus oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, rud a fhágann nach dtugtar aird leordhóthanach ar rioscaí trasteorann. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeidh na bainc cheannais eisiúna sin in ann freastal ar chruinnithe uile an Choiste Maoirseachta do CPLanna, mar chomhaltaí nach bhfuil vóta acu, nuair a thionólfadh sé le haghaidh CPLanna an Aontais.
- (28) Is gá malartú pras faisnéise, comhroinnt eolais agus comhar éifeachtach a áirithiú idir na húdaráis a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna údaraithe **agus le faireachán a dhéanamh ar rioscaí do chobhsaíocht airgeadais an Aontais**, agus go háirithe i gcás ina mbeidh gá le cinneadh tapa ó **ÚEUM**. Is iomchuí, dá bhrí sin, **creat a chruthú le haghaidh comhghníomhaíochtaí** maoirseachta do gach CPL de chuid an Aontais chun cúnaimh a thabhairt do na húdaráis maoirseachta sin, lena n-áirítear trí ionchur a sholáthar do **ÚEUM** i gcomhthéacs an nós imeachta neamhagóide chun an t-údarú atá ag CPL cheana a leathnú, cúnaimh a thabhairt maidir le minicíocht agus doimhneacht athbhreithnithe agus meastóireachta contrapháirtí lárnaigh a shuíomh, agus páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair. ■
- (29) Chun feabhas a chur ar chumas chomhlachtaí ábhartha an Aontais forléargas cuimsitheach a fháil ar fhorbairtí sa mhargadh atá ábhartha don imréiteach san Aontas, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceanglas áirithe a bhaineann le himréiteach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus plé comhchoiteann a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as idirnasacht gníomhaithe airgeadais éagsúla agus saincheistanna eile a bhaineann leis an gcobhsaíocht airgeadais, is gá sásra faireacháin trasearnála a bhunú lena dtabharfar le chéile comhlachtaí ábhartha an Aontais a bhfuil baint acu le maoirseacht a dhéanamh ar CPLanna, comhaltaí imréitigh agus cliaint an Aontais. Ba cheart do **ÚEUM** an Sásra Comhpháirteach Faireacháin sin a bhainistiú agus cathaoirleacht a dhéanamh air mar údarás an Aontais. ■ **a dhéanann maoirseacht** ar CPLanna an Aontais agus maoirseacht ar CPLanna tríú tír a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo. Ba cheart go n-áireofaí ar na rannpháirtithe eile ionadaithe ón gCoimisiún, ó **ÚBE**, ó **ÚEÁPC**, ó **BERS**, ó **BCE** agus ó **BCE** faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi chuimsiú an tsásra maoirseachta aonair arna dtabhairt dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle.
- (30) Chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo, ba cheart do **ÚEUM**, i gcomhar leis na comhlachtaí eile atá rannpháirteach sa Sásra Comhpháirteach Faireacháin, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le torthaí a gcuid gníomhaíochtaí. ■

- (31) Léirigh suaitheadh margaidh 2020 mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus praghsanna arda 2022 ar mhargaí mórdhíola fuinnimh tar éis fhogha gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin, cé go bhfuil sé ríthábhachtach go n-oibreoidh na húdaráis inniúla i gcomhar le chéile agus go malartóidh siad faisnéis chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as sin nuair a thagann teagmhais a bhfuil tionchair trasteorann acu chun cinn, nach bhfuil na huirlisí is gá fós ag ÚEUM chun an comhordú sin agus cur chuige cóineasaithe a áirithiú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann cruinnithe den Choiste Maoirseachta do CPLanna a thionól, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin dó, a bhféadfadh comhdhéanamh méadaithe a bheith i gceist leis, chun freagairtí na n-údarás inniúil i gcásanna éigeandála a chomhordú go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh ÚEUM in ann freisin, trí iarraidh shimplí, faisnéis a iarraidh ar rannpháirtithe sa mhargadh, ar faisnéis í atá riachtanach do ÚEUM chun a fheidhm chomhordúcháin a chomhlíonadh sna cásanna sin agus chun bheith in ann moltaí a eisiúint chuig an údarás inniúil. *Ar deireadh, ós rud é go bhféadfadh impleachtaí díreacha a bheith ag forbairtí sna margáí airgeadais ar an gcóras baincéireachta nó ar chinntí beartais airgeadaíochta, ba cheart cuireadh a thabhairt i gcónaí d'ionadaithe na mbanc ceannais eisiúna ábhartha a bheith rannpháirteach i gcrúinnithe comhordúcháin an Choiste Maoirseachta do CPLanna mar fhreagairt ar na cásanna éigeandála sin.*
- (32) Chun an t-ualach ar CPLanna agus ar ÚEUM a laghdú, ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina ndéanann ÚEUM athbhreithniú ar aitheantas CPL tríú tír de bhun Airteagal 25(5), an chéad fhomhír, pointe (b), nár cheart oibleagáid a bheith ar an CPL tríú tír sin iarratas nua ar aitheantas a chur isteach. Ba cheart dó, áfach, an fhaisnéis uile is gá chun athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh a sholáthar do ÚEUM. Dá bhrí sin, an t-athbhreithniú a dhéanann ÚEUM ar aitheantas CPL tríú tír, níor cheart gur aitheantas nua don CPL sin a bheadh ann.
- (33) Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, agus cinneadh coibhéise á ghlacadh aige, tarscaoileadh a dhéanamh ar an gceanglas go mbeadh córas coibhéiseach éifeachtach ag an tríú tír sin chun aitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír. Agus breithniú á dhéanamh aige ar na cásanna ina mbeadh cur chuige den sórt sin comhréireach, d'fhéadfadh an Coimisiún réimse tosca éagsúla a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh na bPrionsabal maidir le Bonneagair Mhargaidh Airgeadais arna bhfoilsíú ag an gCoiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta agus ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, méid na CPLanna tríú tír atá bunaithe sa dlínse sin agus, i gcás inarb eol sin, an ghníomhaíocht a bhfuiltear ag súil léi sna CPLanna tríú tír sin ag comhaltáí imréitigh agus ag ionaid trádála atá bunaithe san Aontas.
- (34) Chun a áirithiú gur socrúithe comhréireacha a bheidh sna socrúithe comhair idir ÚEUM agus na húdaráis inniúla ábhartha i dtríú tíortha, ba cheart na socrúithe sin a bheith ina léiriú ar ghnéithe sonracha raon feidhme na seirbhísí a sholáthraíonn CPLanna arna n-údarú sa tríú tír sin, nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar, laistigh den Aontas agus ba cheart go léireofaí leo freisin an mbaineann rioscaí sonracha leis na seirbhísí sin don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit. Dá bhrí sin, ba cheart a léiriú sna socrúithe comhair an méid riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na CPLanna atá bunaithe i dtríú tír do chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit.
- (35) Dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM a shocrúithe comhair a chur in oiriúint do dhlínsí éagsúla tríú tír bunaithe ar na CPLanna atá bunaithe sa dlínse faoi seach. Go háirithe,

cumhdaíonn CPLanna Leibhéal 1 raon leathan próifílí CPL agus, dá bhrí sin, ba cheart do ÚEUM a áirithiú go bhfuil socrú comhair comhréireach leis na CPLanna atá bunaithe i ngach dlínse tríú tír. Ba cheart do ÚEUM a mheas, i measc nithe eile, leachtacht na margáí lena mbaineann, a mhéid atá gníomhaíochtaí imréitigh na CPLanna ainmnithe in euro nó in airgeadraí eile de chuid an Aontais agus a mhéid a bhaineann eintitis an Aontais úsáid as seirbhísí na CPLanna sin. Ós rud é go gcuireann formhór mór CPLanna Leibhéal 1 seirbhísí imréitigh ar fáil go feadh méid teoranta do chomhaltáí imréitigh agus d'ionaid trádála atá bunaithe san Aontas, ba cheart raon feidhme measúnaithe agus faisnéise ÚEUM atá le hiarraidh a theorannú freisin sna dlínsí sin go léir. Chun teorainn a chur le hiarrataí ar fhaisnéis le haghaidh CPLanna Leibhéal 1, ba cheart do ÚEUM, i bprionsabal, raon réamhshainithe faisnéise a iarraidh go bliantúil. I gcás ina bhféadfadh na rioscaí a bhaineann le CPL Leibhéal 1 a bheith níos mó, bheadh údar maith le níos mó iarrataí, uair sa ráithe ar a laghad, agus le raon feidhme níos leithne faisnéise a iarraidh. Mar sin féin, níor cheart go gceanglófaí aon socrú comhair a bheidh i bhfeidhm nuair a thiofadh an Rialachán seo i bhfeidhm a choigeartú mura n-iarraídh na húdaráis ábhartha tríú tír amhlaidh.

- (36) I gcás ina dtugtar aitheantas faoi Airteagal 25(2b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i bhfianaise go bhfuil tábhacht shistéamach leis na CPLanna sin don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, ba cheart a chumhdach leis na socruithe comhair idir ÚEUM agus na húdaráis ábhartha tríú tír an malartú faisnéise le haghaidh raon níos leithne faisnéise agus ar bhonn níos minice. Sa chás sin, ba cheart nósanna imeachta a bheith i gceist leis na socruithe comhair chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht ar CPL Leibhéal 2 den sórt sin de bhun Airteagal 25 den Rialachán sin. Ba cheart do ÚEUM a áirithiú gur féidir leis an fhaisnéis uile a fháil is gá chun a dhualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán sin, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 25(2b) den Rialachán sin agus chun a áirithiú go roinnfear faisnéis i gcás inar deonaíodh comhlíonadh inchomparáide i bpáirt nó ina iomláine do chontrapháirtí lárnach. ***I gcás ina ndeonaítear comhlíonadh inchomparáide, ba cheart do ÚEUM measúnú rialta a dhéanamh féachaint an leanann CPLanna Leibhéal 2 de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir lena n-aitheantas trí chomhlíonadh inchomparáide, trí fhaireachán a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16 agus i dTeideal IV agus Teideal V faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1304 ón gCoimisiún<sup>17</sup> a bheith á gcomhlíonadh ag CPLanna. Agus an measúnú sin á dhéanamh ag ÚEUM, ba cheart dó a bheith in ann, chomh maith leis an bhfaisnéis agus na dearbhuithe ábhartha a fháil ón CPL Leibhéal 2, comhoibriú leis an údarás tríú tír agus nósanna imeachta riaracháin a chomhaontú leis an údarás sin chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha ag ÚEUM agus chun an t-ualach riaracháin agus rialála ar na CPLanna Leibhéal 2 sin a laghdú.*** Ionas go mbeidh ÚEUM in ann maoirseacht iomlán éifeachtach a dhéanamh ar CPLanna Leibhéal 2, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do na CPLanna sin faisnéis a chur ar fáil do ÚEUM go tréimhsiúil.
- (37) Chun a áirithiú go gcuirfear ÚEUM ar an eolas freisin faoin gcaoi a n-ullmhaítear CPL Leibhéal 2 d'anás airgeadais, faoin gcaoi ar féidir leis é a mhaolú agus teacht slán as

<sup>17</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1304 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na heilimintí iosta atá le measúnú ag ÚEUM agus measúnú á dhéanamh aige ar iarrataí CPLanna tríú tír ar chomhlíonadh inchomparáide agus ar mhódúlachtaí agus coinníollacha an mheasúnaithe sin (IO L 305, 21.9.2020, lch. 13, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_del/2020/1304/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1304/oj))

anás airgeadais, ba cheart a áireamh sna socruithe comhair an ceart go gcuirfí ÚEUM ar an eolas i gcás ina mbunóidh CPL Leibhéal 2 plean téarnaimh nó i gcás ina mbunóidh údarás tríú tír pleananna réitigh. Ba cheart ÚEUM a chur ar an eolas freisin faoi na gnéithe is ábhartha do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, agus faoin gcaoi a bhféadfadh cur chun feidhme plean téarnaimh nó réitigh den sórt sin difear ábhartha a dhéanamh do chomhaltaí imréitigh aonair, agus a mhéid is eol do chliant agus cliant indíreacha. Ba cheart a léiriú sna socruithe comhair gur cheart ÚEUM a chur ar an eolas nuair atá sé beartaithe ag CPL Leibhéal 2 a phlean téarnaimh a ghníomhachtú nó i gcás ina gcinneann na húdaráis tríú tír go bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil géarchéim ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibríochtaí an CPL, a chomhaltaí imréitigh, a chliant agus a chliant indíreacha.

- (38) Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais, nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, níor cheart cead a thabhairt do chontrapháirtithe lárnacha agus do thithe imréitigh a bheith ina gcomhaltaí imréitigh de CPLanna eile ná níor cheart do CPLanna a bheith in ann glacadh le CPLanna eile mar chomhaltaí imréitigh nó mar chomhaltaí imréitigh indíreacha. ***Níor cheart don eisiámh sin difear a dhéanamh do shocruithe idir-inoibritheachta, ná do shocruithe eile amhail comhaltais urraithe nó rochtain dhíreach ar mhargaí athcheannaigh imréitithe, idir contrapháirtithe lárnacha.***
- (39) Léiríonn na heachtraí a tharla le déanaí ar mhargaí tráchtearraí mar thoradh ar fhogha gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin nach bhfuil an rochtain chéanna ag contrapháirtithe neamhairgeadais ar leachtacht agus atá ag contrapháirtithe airgeadais. Dá bhrí sin, níor cheart cead a bheith ag contrapháirtithe neamhairgeadais seirbhísí imréitigh cliant a thairiscint agus níor cheart cead a bheith acu cuntais a choimeád ag an CPL ach amháin le haghaidh sócmhainní agus suíomhanna arna sealbhú dá gcuntas féin. I gcás ina bhfuil contrapháirtithe neamhairgeadais ag CPL mar chomhaltaí imréitigh nó ina bhfuil sé beartaithe aige glacadh le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh, ba cheart don CPL sin a áirithiú gur féidir leis na contrapháirtithe neamhairgeadais na ceanglais éarlaise agus na ranníocaíochtaí cistí mainneachtana a chomhlíonadh, lena n-áirítear faoi choinníollacha struis. Ós rud é nach bhfuil contrapháirtithe neamhairgeadais faoi réir na gceanglas tuamachta agus na gcoimircí leachtachta céanna agus atá contrapháirtithe airgeadais, ba cheart d'údarás inniúla na CPLanna a ghlacann leo mar chomhaltaí imréitigh faireachán a dhéanamh ar a rochtain dhíreach ar CPLanna. . Ba cheart d'údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh tuairisciú do ÚEUM agus don choláiste ar bhonn rialta ar a iomchuí atá sé glacadh le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh. D'fhéadfadh ÚEUM tuairim a eisiúint maidir le hoiriúnacht na socruithe sin tar éis athbhreithniú piaraí ad hoc.
- (40) Chun a áirithiú go mbeidh infheictheacht agus intuarthacht níos fearr ag cliant agus ag cliant indíreacha maidir le glaonna ar éarlais, agus go ndéanfar a straitéisí bainistithe leachtachta, dá bhrí sin, a fhorbairt a thuilleadh, ba cheart do chomhaltaí imréitigh agus do chliant a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh trédhearcacht i leith a gcliant a áirithiú. Mar gheall ar an gcaidreamh níos dlúithe atá acu le CPLanna agus an taithí ghairmiúil atá acu ar imréitigh lárnach agus bainistiú leachtachta, is iad na comhaltaí imréitigh is fearr atá in ann a chur in iúl ar bhealach soiléir trédhearcach do chliant conas a

fheidhmíonn samhlacha CPL, lena n-áirítear i dteagmhais struis, agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na teagmhais sin ar na héarlaisí a iarrtar ar chliaint a bhreacadh, lena n-áirítear aon éarlais bhreise a d'fhéadfadh comhaltaí imréitigh a iarraidh iad féin. Le tuiscint níos fearr ar shamhlacha éarlaise CPLanna is féidir feabhas a chur ar chumas na gcliant glaonna ar éarlais a thuar go réasúnta agus iad féin a ullmhú le haghaidh iarrataí ar chomhthaobhacht, go háirithe i dteagmhais struis. ***Chun a áirithiú go mbeidh comhaltaí imréitigh ábalta na leibhéil trédhearcachta is gá maidir le glaonna ar éarlais agus samhlacha éarlaise CPL a chur ar fáil go héifeachtach dá gcliant, ba cheart do CPLanna aon fhaisnéis a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh freisin. Ba cheart do ÚEUM, i gcomhairle le ÚBE agus CEBC, sonrú sa bhreis a dhéanamh ar raon feidhme agus formáid an mhalartaithe faisnéise idir CPLanna agus comhaltaí imréitigh agus idir comhaltaí imréitigh agus a gcliant.***

- (41) Chun a áirithiú go dtugann samhlacha éarlaise léiriú ar dhálaí reatha an mhargaidh, ba cheart do CPLanna athbhreithniú a dhéanamh, ní hamháin ar bhonn rialta ach go leanúnach, ar leibhéal a n-éarlaisí agus aon éifeacht chomhthimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathbhreithnithe sin á gcur i gcuntas. Agus éarlaisí á nglao agus á mbailiú ar bhonn ionlae, ba cheart do CPLanna tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a mbailiúcháin éarlaisí ionlae agus a n-íocaíochtaí ar staid leachtachta a rannpháirtithe.
- (42) Chun a áirithiú go sainítear an riosca leachtachta go cruinn, i gcás na n-eintiteas ar cheart do CPL a mainneachtain a chur i gcuntas chun an riosca sin a chinneadh, ba cheart iad a leathnú ní hamháin chun mainneachtain na gcomhaltaí imréitigh a chumhdach ach chun soláthraithe seirbhísí leachtachta, soláthraithe seirbhísí socraíochta nó aon soláthraí seirbhíse eile a chumhdach freisin.
- (43) Chun rochtain ar imréiteach a éascú do na heintitis sin nach bhfuil méideanna leordhóthanacha sócmhainní fíorleachtacha ina seilbh acu, agus go háirithe do chuideachtaí fuinnimh, faoi choinníollacha a shonróidh ÚEUM agus chun a áirithiú go gcuirfidh CPL na coinníollacha sin i gcuntas agus a neamhchosaint fhoriomlán ar bhanc ar comhalta imréitigh é freisin á ríomh aige, ba cheart a mheas gur comhthaobhacht incháilithe iad ráthaíochtaí bainc tráchtála agus ráthaíochtaí bainc phoiblí, ***fiú ar bhonn neamh-chomhthaobhaithe i gcás contrapháirtithe neamhairgeadais, faoi réir teorainneacha comhchruinnithe agus ceanglais shonracha atá le socrú ag ÚEUM.*** Ina theannta sin, mar gheall ar a bpróifíl riosca creidmheasa íseal, ba cheart a shonrú go sainráite go bhfuil ráthaíochtaí poiblí incháilithe mar chomhthaobhacht freisin. Ar deireadh, ba cheart do CPL, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar leibhéal na gcaolchorrach a chuireann sé i bhfeidhm i leith na sócmhainní a nglacann sé leo mar chomhthaobhacht, aon éifeacht chomhthimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathbhreithnithe sin a chur i gcuntas.
- (44) Chun éascú a dhéanamh ar chumas na CPLanna freagairt go mear d'fhorbairtí sa mhargadh a bhféadfadh gá a bheith le leasuithe a dhéanamh ar a samhlacha riosca dá ndeasca, ba cheart simpliú a dhéanamh ar phróiseas bailíochtaithe na n-athruithe ar na samhlacha sin. I gcás nach athrú mór atá i gceist, ba cheart go mbeadh feidhm ag nós imeachta bailíochtaithe neamhagóide. Chun cóineasú maoirseachta a áirithiú, ba cheart na hathruithe ar cheart iad a mheas mar athruithe suntasacha a shonrú i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart gurbh amhlaidh an cás é i gcás ina gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe a thagraíonn do ghnéithe éagsúla de staid airgeadais agus do leibhéal foriomlán riosca an CPL.

- (44a) *Sa Tuarascáil ar Fheidhmiú Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ina bhfuil na hoibleagáidí gaolmhara faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a d'eisigh ÚBE agus ÚEUM go comhpháirteach i mí Eanáir 2017, saináithnítear ceanglais iomadúla a d'fhéadfadh a bheith dúblach agus neamhréireach i gcás CPLanna a bhfuil ceadúnas baincéireachta ina seilbh acu. Dá réir sin, moltar sa tuarascáil roinnt soiléirithe chun riosca rialála méadaithe, ualaí agus costais neamhriachtanacha a sheachaint i gcás faireachán ag na húdaráis inniúil. Níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar dhúbláil na gceanglas caipitil a shaináithnítear sa tuarascáil sin. Dá bhrí sin, mar a mholtar sa tuarascáil, ba cheart a shoiléiriú nach bhfuil sé de cheangal ar CPLanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 648/2012, cistí dílse a chur i leataobh dá ngníomhaíochtaí i gcás ina bhfuil na rioscaí atá ann faoi láthair cumhdaithe cheana trí na hacmhainní airgeadais a bhaineann go sonrach leis na CPLanna dá dtagraítear in Airteagail 41 go 44 den Rialachán sin. Cé go bhfuil an Eurochóras ag féachaint ar an tsaincheist maidir le beartais rochtana chóineasaithe na mbanc ceannais le haghaidh CPLanna an Aontais, ba cheart do bhainc cheannais eisiúna an Eurochórais faoi cheannaireacht an BCE, ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, tuarascáil a chur ar fáil ina ndéantar measúnú ar staid na himeartha agus, más iomchuí, moltaí a thabhairt maidir le conas rochtain ghinearálaithe ar an mbanc ceannais a áirithiú i gcás CPLanna de chuid an Aontais atá údaraithe ag EMIR gan an coinníoll a bheith ann i dtaobh ceadúnas baincéireachta a choinneáil ar bun.*
- (45) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart go dtabharfadh sé sin am chun na hathruithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Cé gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ina iomláine, ba cheart don athbhreithniú sin díriú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Rialacháin sin chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach, lena bhfeabhsófaí éifeachtúlacht agus sábháilteacht mhargaí imréitigh an Aontais agus lena gcaomhnófaí cobhsaíocht airgeadais an Aontais. Ba cheart machnamh a dhéanamh san athbhreithniú freisin ar tharraingteacht CPLanna an Aontais, ar thionchar an Rialacháin seo chun imréiteach a spreagadh san Aontas, agus ar a mhéid a chuaigh measúnú agus bainistiú feabhsaithe ar rioscaí trasteorann chun tairbhe an Aontais.
- (46) Chun comhsheasmhacht Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup> le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a áirithiú agus chun sláine agus cobhsaíocht an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú, is gá tacar aonfhoirmeach rialacha a leagan síos i Rialachán (AE) 2017/1131 chun aghaidh a thabhairt ar riosca contrapháirtí in idirbhearta díorthach airgeadais arna ndéanamh ag cistí margaidh airgid (CMA), nuair a bheidh na hidirbhearta imréitithe ag CPL atá údaraithe nó aitheanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ós rud é go maolaíonn socruithe imréitigh lárnacha an riosca contrapháirtí atá ina dhlúthchuid de chonarthaí díorthach airgeadais, is gá a chur san áireamh cibé acu an bhfuil díorthach imréitithe go lárnach ag CPL atá údaraithe nó aitheanta faoin Rialachán sin nó nach bhfuil, agus na teorainneacha riosca contrapháirtí is infheidhme á gcinneadh. Chomh maith leis sin, chun críoch rialála agus comhchuibhithe, ní gá deireadh a chur le teorainneacha riosca contrapháirtí ach amháin i gcás ina mbaineann na contrapháirtithe úsáid as CPLanna atá údaraithe nó aitheanta i

---

<sup>18</sup> Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8).



gcomhréir leis an Rialachán sin, chun seirbhísí imréitigh a chur ar fáil do chomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint.

- (47) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na rialacha agus an chleachtais maoirseachta a áirithiú i gcás iarratais ar údarú, síneadh a chur le húdarú agus bailíochtú samhla, an cheanglais maidir le cuntas gníomhach agus cheanglais rannpháirtíochta na CPLanna, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚEUM a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas: na doiciméid a cheanglaítear ar CPLanna a chur isteach agus iarratas á dhéanamh acu ar údarú, ar shíneadh a chur le húdarú agus ar bhailíochtú athruithe ar an tsamhail; an mhodheolaíocht ríofa atá le húsáid chun an cion sin a ríomh; raon feidhme agus mionsonraí an tuairiscithe a dhéanann comhaltaí imréitigh an Aontais agus a gcliaint dá n-údaráis inniúla maidir lena ngníomhaíochtaí imréitigh in CPLanna tríú tír agus na sásraí a chur ar fáil, san am céanna, lena spreagtar athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh tar éis luaineachtaí móra ar phraghsanna a bheith san aicme fholuíteach díorthach thar an gcuntar chun athbhreithniú a dhéanamh freisin ar raon feidhme na díolúine fálaithe agus na dtairseach chun an oibleagáid imréitigh a chur i bhfeidhm; agus na heilimintí atá le cur san áireamh agus na critéir iontrála i leith CPL á leagan síos. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (48) Ar mhaithe le coinniollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún freisin caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ÚEUM a ghlacadh a mhéid a bhaineann le formáid na ndoiciméad is gá le haghaidh iarratais agus fhormáid an tuairiscithe ó chomhaltaí imréitigh an Aontais agus ó chliaint chuig a n-údaráis inniúla maidir lena ngníomhaíocht imréitigh in CPLanna tríú tír. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (49) Chun a áirithiú go mbeidh an liosta de thríú tíortha ábhartha do chuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar tríú tíortha iad nach bhféadfaidh a n-eintitis tairbhe a bhaint as na díolúintí sin d'ainneoin nach bhfuil siad sainaitheanta sna liostaí sin, chun comhchuibhiú comhsheasmhach na hoibleagáide i dtaobh imréiteach a dhéanamh i leith idirbhearta áirithe atá i gcuntas le CPL údaraithe a áirithiú i gcás ina ndéanann ÚEUM measúnú de bhun Airteagal 25(2c) agus chun a áirithiú go mbeidh an liosta d'athruithe neamhábhartha fós ábhartha le haghaidh an nós imeachta neamhagóide, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hidirbhearta faoi raon feidhme na hoibleagáide a choigeartú agus chun an liosta de na hathruithe neamhábhartha a athrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>19</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid

<sup>19</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sábháilteacht agus éifeachtúlacht CPLanna an Aontais a mhéadú trína dtarraingteacht a fheabhsú, imréiteach san Aontas a spreagadh agus feabhas a chur ar bhreithniú trasteorann rioscaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (51) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 mar a leanas:

**(-1) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 1(5):**

*‘D’ainneoin phointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, faoin... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], eiseoidh ÚEUM treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun módúlachtaí rannpháirtíocht na n-eintiteas earnála poiblí in CPLanna an Aontais a shonrú tuilleadh, go háirithe maidir le neamhchosaintí eintiteas earnála poiblí ar CPLanna an Aontais agus ranníocaíochtaí eintiteas earnála poiblí le hacmhainní airgeadais CPLanna an Aontais a ríomh, agus aird chuí á tabhairt ar ról agus sainordú eintiteas poiblí agus ar an gcuspóir i dtaobh spreagadh a thabhairt do imréiteach lárnach a bheith á dhéanamh acu.’*

**(-1a) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:**

**(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (c):**

*ciallaíonn ‘CPL’ duine dlítheanach a idirchuireann é féin idir contrapháirtithe sna conarthaí a thrádáiltear ar mhargadh airgeadais amháin nó níos mó ná sin nó ar mhargadh (spotmhargadh) tráchtearra amháin nó níos mó ná sin, lena n-áirítear margáí mórdhíola fuinnimh, agus ar mhargadh amháin nó níos mó ná sin i gcriptea-shócmaidhinní, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhíonn ina cheannaitheoir ag gach díoltóir agus ina dhíoltóir ag gach ceannaitheoir;’;*

**(b) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:**

*'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun eilimintí teicniúla áirithe de na sainmhínithe a leagtar síos sa chéad mhír den Airteagal seo a shonrú, chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí sa mhargadh agus d'fhorbairtí teicneolaíocha.'*

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*'Airteagal 3*

**Idirbhearta laistigh de ghrúpa**

1. I ndáil le contrapháirtí neamhairgeadais, is éard a bheidh in idirbheart laistigh de ghrúpa Conradh díorthach thar an gcuntar a dhéanfar le contrapháirtí eile atá mar chuid den ghrúpa céanna ar choinníoll go n-áireofar an dá chontrapháirtí sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán agus go mbeidh siad faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú agus go mbeidh an contrapháirtí sin bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, nach mbeidh an tríú tír sin liostaithe de bhun mhíreanna 4 agus 5.
2. I ndáil le contrapháirtí airgeadais, is idirbheart laistigh de ghrúpa a bheidh in aon cheann de na nithe seo a leanas:
  - (a) Conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí eile atá ina chuid den ghrúpa céanna, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
    - (a) go bhfuil an contrapháirtí airgeadais bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil an tríú tír sin liostaithe de bhun mhíreanna 4 agus 5;
    - (b) gur contrapháirtí airgeadais, cuideachta sealbhaíochta airgeadais, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha é an contrapháirtí eile atá faoi réir ceanglais stuamachta iomchuí;
    - (c) go n-áirítear an dá chontrapháirtí sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán;
    - (d) go bhfuil an dá chontrapháirtí faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú;
  - (b) Conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí eile, i gcás inar cuid den scéim cosanta institiúideach chéanna an dá chontrapháirtí, dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar choinníoll go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a)(ii) den mhír seo;
  - (c) Conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar idir institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe leis an gcomhlacht lárnach céanna nó idir institiúid creidmheasa den sórt sin agus an comhlacht lárnach, dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
  - (d) Conradh díorthach thar an gcuntar a dhéantar le contrapháirtí neamhairgeadais atá mar chuid den ghrúpa céanna, ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:
    - (a) go n-áirítear an dá chontrapháirtí sa chonradh díorthach sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán agus go bhfuil siad faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú;
    - (b) go bhfuil an contrapháirtí neamhairgeadais bunaithe san Aontas nó, má tá sé bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil an tríú tír sin liostaithe faoi mhíreanna 4 agus 5.

3. Chun críocha an Airteagail seo, measfar go mbeidh contrapháirtithe san áireamh sa chomhdhlúthú céanna más rud é gur fíor aon cheann de na nithe seo a leanas fúthu araon:
- (a) go bhfuil siad san áireamh i gcomhdhlúthú i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE nó leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 nó, i ndáil le grúpa a bhfuil a cheannoifig ag a mháthairghnóthas i dtríú tír, i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta de chuid tríú tír agus a chinntear a bheith coibhéiseach le IFRS i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1569/2007 nó caighdeáin chuntasaíochta tríú tír a gceadaítear iad a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin;
  - (b) go bhfuil siad cumhdaithe ag an maoirseacht chomhdhlúthaithe chéanna i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE nó, i ndáil le grúpa a bhfuil a cheannoifig ag a mháthairghnóthas i dtríú tír, ag an maoirseacht chomhdhlúite chéanna ag údarás inniúil tríú tír atá fíoraithe a bheith coibhéiseach leis an maoirseacht sin atá á rialú ag na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 127 de Threoir 2013/36/AE.
4. Chun críocha an Airteagail seo, ní thairbheoidh idirbhearta le contrapháirtithe a bhunaítear in aon cheann de na tríú tíortha seo a leanas d'aon cheann de na díolúintí d'idirbhearta laistigh de ghrúpa:
- (a) i gcás ina liostaítear an tríú tír mar thríú tír ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*<sup>1</sup>;
  - (b) i gcás ina liostaítear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach\*<sup>2</sup> agus na nuashonruithe a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin a fhorfheastar go sonrach dhá uair sa bhliain, de ghnáth i mí Feabhra agus i mí Dheireadh Fómhair, agus a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an AontaisEorpaigh.
- Chun críocha na míre seo, maidir le tríú tír a luaitear go leanúnach le haghaidh tréimhse níos faide ná 3 bliana in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, measfar í a bheith luaite in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí sin.***
5. I gcás inarb iomchuí i bhfianaise socrúithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír maidir le rioscaí, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca dlíthiúil, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na tríú tíortha a shainaitheint nach bhféadfaidh a n-eintitis tairbhiú d'aon cheann de na díolúintí d'idirbhearta laistigh de ghrúpa d'ainneoin nach liostaítear iad de bhun mhír 4.

- 
- \*1 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).’
- \*2 Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibriúchá chun críoch cánach agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo (IO C 413 I, 12.10.2021, lch. 1).;

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Níl feidhm ag an oibleagáid chun na conarthaí díorthacha thar an gcuntar uile a imréiteach i leith conarthaí a thugtar i gcrích i gcásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a)(iv), idir, ar thaobh amháin, contrapháirtí airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4a(1), an dara fomhír, nó contrapháirtí neamhairgeadais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10(1), an dara fomhír, agus, ar an taobh eile, socrú scéimeanna pinsin a bhunaítear i dtríú tír agus atá ag feidhmiú ar bhonn náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil an t-eintiteas sin nó an socrú sin údaraithe, maoirsithe agus aitheanta faoin dlí náisiúnta agus i gcás inarb é is príomhchuspóir dó sochair scoir a sholáthar agus go bhfuil sé díolmhaithe ón oibleagáid imréitigh faoina dhlí náisiúnta.’;

(3) **leasaítear** Airteagal 4a mar a leanas:

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

*‘1. Gach 12 mhí, féadfaidh contrapháirtí airgeadais a ghlacann suíomhanna i gconarthaí díorthach thar an gcuntar a mheánsuíomhanna cinn míosa comhiomlána a ríomh i gconarthaí neamh-imréitithe don 12 mhí roimhe sin i gcomhréir le mír 3.*

*I gcás nach ndéanann contrapháirtí airgeadais a shuíomhanna a ríomh, nó i gcás ina sáraíonn an toradh atá ar ríomh a mheánsuíomh cinn míosa comhiomlán i gconarthaí neamh-imréitithe don 12 mhí roimhe sin aon cheann de na tairseacha imréitigh a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), pointe (b), nó i gcás ina sáraíonn an toradh atá ar ríomh a mheánsuíomh cinn míosa comhiomlán i gconarthaí thar an gcuntar don 12 mhí roimhe sin aon tairseach ghníomhaíochta a shonraítear de bhun Airteagal 10(4), pointe (b), déanfaidh an contrapháirtí airgeadais an méid seo a leanas:*

(a) *cuirfidh sé fógra láithreach chuig ÚEUM agus chuig an údarás inniúil ina leith sin;*

(b) *bunóidh sé socruithe imréitigh laistigh de 4 mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír den mhír seo a thabhairt; agus*

(c) *beidh sé faoi réir na hoibleagáide imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4 i gcás na gconarthaí díorthach thar an gcuntar uile a bhaineann le haon aicme de dhíorthaigh thar an gcuntar atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh a dhéantar*

*nó a nuaitear tráth is déanaí ná 4 mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír sin a thabhairt.’;*

**(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:**

‘Agus meánsuíomhanna *cinn míosa comhiomlána i gconarthaí neamh-imréitithe* dá dtagraítear i mír 1 á ríomh, áireoidh an contrapháirtí airgeadais gach Conradh díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe in CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a aithnítear faoi Airteagal 25, a rinne an contrapháirtí airgeadais sin nó a rinne eintitis eile laistigh den ghrúpa lena mbaineann an contrapháirtí airgeadais sin.’;

**(3a) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:**

**‘Airteagal 4aa**

***Díolúine ón oibleagáid imréitigh le haghaidh seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála***

**1. *Gan dochar do theicnící maolaithe riosca faoi Airteagal 11, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) i leith conarthaí díorthach thar an gcuntar a thionscnaítear agus a thugtar i gcrích mar thoradh ar fheidhmiú seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála i gcás ina gcomhaontaíonn an dá pháirtí leis an idirbheart.***

**2. *Ní dhiolmhófar idirbhearta laghdaithe riosca iarthrádála ón oibleagáid imréitigh faoi Airteagal 4 ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse laghdaithe riosca iarthrádála agus gach rannpháirtí sa chleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo.***

**3. *Comhlíonfaidh cleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála na coinníollacha uile seo a leanas:***

- (a) *is eintiteas atá neamhspleách ar na contrapháirtithe sna conarthaí díorthach thar an gcuntar a áirítear sa chleachtadh a dhéanfaidh é;***
- (b) *beidh sé neodrach ó thaobh riosca don mhargadh de;***
- (c) *ní rannchuideoidh sé le praghasmhúnlú;***
- (d) *beidh sé i bhfoirm comhbhrú, athchothromaithe nó optamaithe;***
- (e) *déanfar é a chur i gcrích ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach;***
- (f) *déanfar laghdú ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí a ghnóthú i ngach ceann de na punanna a chuirtear isteach don chleachtadh;***
- (g) *glacfar leis nó diúltófar dó ina iomláine, mar thoradh air sin, ní bheidh na rannpháirtithe sa chleachtadh ábalta a roghnú cé na trádálacha atá le forghníomhú faoin gcleachtadh;***
- (h) *ní bheidh sé oscailte le haghaidh rannpháirtíochta ach amháin do na heintitis a chuireann punann faoi bhráid an chleachtaidh ar dtús.***

4. *Is eintitis a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE (soláthraí seirbhíse PTRR) a sholáthróidh seirbhís laghdaithe riosca iarthrádála.*

*Agus seirbhísí laghdaithe riosca iarthrádála á soláthar aige, déanfaidh soláthraí seirbhíse PTRR an méid seo a leanas:*

- (a) cloí le rialacha, modhanna agus algartaim réamhaontaithe i dtimthriallta réamhsceidealaithe agus ar bhealach réasúnta, trédhearcach agus neamhidirdhealaitheach;*
- (b) a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ag eintitis atá rannpháirteach i gcleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála ar thoradh an chleachtaidh;*
- (c) chun carnadh idirbheart i bpunanna a chosc, comhbhrú punainne a dhéanamh tar éis gach cleachtaidh laghdaithe riosca iarthrádála a mbeidh idirbhearta nua mar thoradh air;*
- (d) taifid a choimeád ar na hidirbhearta go léir a fhorghníomhaítear de bhun cleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála, lena n-áirítear:
  - (i) faisnéis faoi idirbhearta arna ndéanamh laistigh den chleachtadh,*
  - (ii) faoi idirbhearta atá mar thoradh ar an gcleachtadh, ar idirbhearta modhnaithe nó ar idirbhearta nua iad, agus*
  - (iii) faoin athrú foriomlán ar riosca na bpunann éagsúil a áirítear sa chleachtadh; agus**
- (e) faireachán a dhéanamh ar na hidirbhearta ar ann dóibh de thoradh an chleachtaidh laghdaithe riosca iarthrádála d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbeidh ann d'aon mhí-úsáid ná d'aon imchéimniú ar an oibleagáid imréitigh mar thoradh ar an gcleachtadh laghdaithe riosca iarthrádála.*

5. *Tabharfaidh an t-údarás inniúil a d'údaraigh an soláthraí seirbhíse PTRR fógra do ÚEUM faoin údarú. Foilseoidh ÚEUM liosta de na soláthraithe seirbhíse PTRR údaraithe uile san Aontas agus coinneoidh sé ar bun é.*

*Deimhneoidh an t-údarás inniúil a d'údaraigh an soláthraí seirbhíse PTRR, ar bhonn bliantúil, go gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse PTRR sin na ceanglais a leagtar síos i mír 4.*

*I gcás nach gcomhlíonann soláthraí seirbhíse PTRR na ceanglais a leagtar síos i mír 4 a thuilleadh, féadfaidh an t-údarás inniúil a údarú a tharraingt siar.*

6. *Sula dtosóidh eintitis ag úsáid na díolúine imréitigh le haghaidh idirbhearta laghdaithe riosca iarthrádála dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh siad fógra dá n-údaráis inniúla faoi seach, agus soláthróidh siad tuairisc dóibh ar an gcineál cleachtaidh laghdaithe riosca iarthrádála atá beartaithe acu a úsáid agus míniú i scríbhinn ar an gcaoi a gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 ar bhonn leanúnach. Measfar úsáid an chineáil cleachtaidh laghdaithe riosca*

*iarthrádála a dtugtar fógra ina leith agus an díolúine imréitigh le haghaidh na n-idirbheart laghdaithe riosca iarthrádála ábhartha a bheith formheasta mura gcuireann an t-údarás inniúil dá dtugtar fógra an t-eintiteas a ndéanann sé maoirseacht air ar an eolas nach mbailíochnaíonn sé úsáid na díolúine laistigh de 30 lá féilire ón dáta a fhaightear an fógra. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚEUM faoi aon eintiteas a bheidh bailíochnaithe chun bheith rannpháirteach i gcleachtaí laghdaithe riosca iarthrádála nó faoi bhailíochnaíocht an eintitis sin a bheith tarraingthe siar ag an údarás.*

*7. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 a shonrú tuilleadh, lena n-áirítear gnéithe amhail neodracht an mhargaidh i gcleachtadh an PTRR, cineál na n-idirbheart is féidir a áireamh i gcleachtadh PTRR agus tairbhe a bhaint as díolúine ón oibleagáid imréitigh, na ceanglais maidir le bainistiú an chleachtaidh PTRR agus conas faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na díolúine a dheonaítear, lena n-áirítear nach ndéantar imchéimniú ar an oibleagáid imréitigh. Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.'*

*(3 b) in Airteagal 6(2), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

*'an ráta imréitigh i gcás conarthaí díorthacha a thugtar i gerích san Aontas, ar bhonn comhiomlán agus le haghaidh aicmí sócmhainne éagsúla;'*

*(4) cuirtear isteach na hAirteagail 7a agus 7b seo a leanas:*

*'Airteagal 7a*

#### **Cuntas Gníomhach**

*1. Contrapháirtithe airgeadais nó contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le hAirteagail 4a agus 10 agus a dhéanann aon cheann de chatagóirí na gconarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 2 a imréiteach, déanfaidh siad ar a laghad cion de na conarthaí sin a imréiteach ag cuntais ag CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14.*

*1a. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, measfar cuntas ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 a bheith gníomhach i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:*

*(a) breactar éarlaisí athrúcháin tosaigh agus laethúla in aghaidh suíomhanna atá ann cheana; (b) go bhfuil an nascacht TF, na próisis inmheánacha agus an doiciméadacht dhlíthiúil is gá i bhfeidhm; agus*



- (c) go léiríonn an CPL do ÚEUM trí thástálacha rialta struis nach ndéanfaí difear do ghnáthfheidhmiú an chuntais sin ná d'fheidhmiú inmheánach an CPL i gcás méadú suntasach agus tobann ar ghníomhaíocht imréitigh.

*Airitheoidh contrapháirtithe airgeadais nó neamhairgeadais atá faoi réir an cheanglais a leagtar síos i mír 1 go mbeidh a gcuntais ghníomhacha ag feidhmiú go hiomlán faoin ... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú breise a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo le cur i bhfeidhm chun go measfar an cuntas sin a bheith gníomhach.*

*Déanfaidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa tríú fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

- 1b. Faoin ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglas a thabhairt isteach ar chontrapháirtithe airgeadais nó ar chontrapháirtithe neamhairgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun cion de chonarthaí in aon cheann de chatagóirí na gconarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 2 ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 a imréiteach. Más gá, sonrú sa ghníomh tarmligthe freisin na hoibleagáidí tuairiscithe ábhartha a bhaineann leis an gceanglas sin a thabhairt isteach.*

*Ní ghlacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin má fhaigheann sé an fógra ó ÚEUM dá dtagraítear in Airteagal 22a, agus i gcás ina measann sé go ndéanann ceanglas a thugtar isteach i leith cion sonrach de chonarthaí a imréiteach ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 na critéir seo a leanas go léir a chomhlíonadh:*

- (a) *nach mbeadh saobhadh iomaíochta san Aontas mar thoradh ar an gceanglas;*
- (b) *go rannchuideodh an ceanglas le cobhsaíocht airgeadais an Aontais; agus*
- (c) *nach ndéanfaidh tabhairt isteach an cheanglais dochar d'iomaíochas idirnáisiúnta na gcontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir an Rialacháin seo.*

*Chun measúnú a dhéanamh ar phointe (c) den dara fhomhír den mhír seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an mbeadh laghdú ar sciar margaidh na gcomhaltáí imréitigh atá bunaithe san Aontas agus contrapháirtithe mar thoradh ar an gceanglas agus, i gcás na gcontrapháirtithe sin atá faoi réir oibleagáid an fhorghníomhaithe is fearr faoi Airteagal 27 de Threoir 2014/65/AE, i dtaobh an mbeadh méadú ar na praghsanna a thairgfí d'infheisteoirí deiridh i ngeall ar dhifriochtaí i leachtacht agus*

*an ndéanfaí difear suntasach do praghsanna idir CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14 agus faoi Airteagal 25 mar thoradh ar an gceanglas. Go sonrach, déanfaidh an Coimisiún anailís costais is tairbhe, lena n-áirítear tomhas ar na difríochtaí i bpraghsanna na n-ionstraimí a imréitítear ag CPL amháin i gcomparáid le CPL eile, chomh maith lena luaineacht.*

*Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ÚEUM freisin tuarascáil a chur ar fáil maidir le cion na gconarthaí atá le himréiteach ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 a chomhlíonadh na critéir a leagtar amach sa dara fómhír den mhír seo agus ar cheart nó nár cheart cionmhaireachtaí éagsúla a shocrú le haghaidh fochineálacha éagsúla conarthaí díorthach, le haghaidh cineálacha éagsúla contrapháirtí, agus le haghaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochta.*

*1c. Faoi cheann 24 mhí tar éis an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an ndéanann cion na gconarthaí atá le himréiteach ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 14, a shonraítear sa gníomh tarmligthe sin, na critéir a liostaítear i mír 1b den Airteagal seo a chomhlíonadh i gcónaí, agus an gá é a choigeartú. Sa chás sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.*

*2. Agus a oibleagáidí maidir le míreanna 1 agus 1b á gcinneadh aige, déanfaidh contrapháirtí airgeadais nó neamhairgeadais a bhaineann le grúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas, breithniú ar na conarthaí díorthach uile dá dtagraítear i mír 3 a dhéanann an contrapháirtí sin nó na heintitis eile atá laistigh den ghrúpa a imréiteach, ar grúpa é lena mbaineann an contrapháirtí sin.*

*3. Beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar síos i míreanna 1 agus 1b maidir leis an méid seo a leanas:*

*(a) díorthaigh ráta úis thar an gcuntar a ainmnítear in euro agus i zloty na Polainne;*

*(b) díorthaigh ráta úis ghearrthéarmaigh (STIR) a ainmnítear in euro;*

*(c) catagóirí eile conarthaí díorthach a bhaineann le seirbhísí imréitigh a shainaithníonn ÚEUM mar chonarthaí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 25(2c).*

*I gcás ina ndéanann ÚEUM measúnú de bhun Airteagal 25(2c), dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fómhír den mhír seo, agus ina dtagann sé ar an tátal nach bhfuil tábhacht a thuilleadh le seirbhísí nó gníomhaíochtaí áirithe arna soláthar ag CLPanna Leibhéal 2 agus a bhí sainaitheanta ag ÚEUM roimhe sin mar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil ag baint leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun mír 3 den Airteagal seo a leasú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 82.*

*Beidh feidhm ag an oibleagáid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1b fad a bheidh na conarthaí díorthach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo á n-imréiteach.*

- Déanfaidh ÚEUM faireachán agus ríomh ar bhonn eintitis, grúpa agus meánluachanna comhiomlána ar leibhéal na gníomhaíochta sna conarthaí díorthach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis sin chuig an Sásra Faireacháin Comhphárteach dá dtagraítear in Airteagal 23c.*

*I gcás ina bhfionntar go bhfuil a oibleagáidí faoin Airteagal seo á sárú ag contrapháirtí airgeadais nó neamhairgeadais, déanfaidh ÚEUM, le cinneadh, íocaíochtaí pionósacha thréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar an gcontrapháirtí sin deireadh a chur lena shárú.*

*Beidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa dara fomhír éifeachtach agus comhréireach, nach mó ná 3% ar a mhéad den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin. Déanfar í a fhorchur ar gach lá moille, agus déanfar í a ríomh ón dáta a shonraítear sa chinneadh lena bhforchuirtear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.*

*Déanfar an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa dara fomhír a fhorchur ar feadh uastréimhse 6 mhí tar éis an fógra faoin gcinneadh ó ÚEUM a fháil. Tar éis dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh ÚEUM athbhreithniú ar an mbeart agus cuirfidh sé síneadh leis más gá.*

- Déanfaidh ÚEUM faireachán ar chur chun feidhme na hoibleagáide a leagtar amach i míreanna 1 agus 1b agus tuairisceoidh sé ina taobh ar bhonn bliantúil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún.*

#### *Airteagal 7b*

##### **Faisnéis faoi sheirbhísí imréitigh**

- Comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh ag CPL a údaraítear faoi Airteagal 4 agus ag CPL a aithnítear faoi Airteagal 25 araon, nuair a dhéanfaidh ceann dá gcliaint conradh imréitigh a chur faoina mbráid, cuirfidh siad an cliant sin ar an eolas faoin bhféidearthacht conradh den sórt sin a imréiteach ag an CPL a údaraítear faoi Airteagal 14.

*Nochtfaidh na comhaltaí imréitigh agus na cliaint a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil freisin, ar bhealach soiléir agus intuigthe, na costais a bhaineann le seirbhísí imréitigh na CPLanna éagsúla ag a bhféadfar an conradh a imréiteach.*

- 1a. Forbróidh ÚEUM, i gcomhairle le ÚBE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú an cineál faisnéise atá le soláthar ag comhaltaí imréitigh agus cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh maidir le costais dá gcliaint.*

(4a) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

*‘Airteagal 7c*

*Faisnéis faoi CPLanna atá bunaithe san Aontas*

1. *Tuairisceoidh CPLanna a údaraítear faoi Airteagal 14 an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad do ÚEUM ar bhonn míosúil:*

- (a) *na luachanna agus na méideanna a imréitítear de réir airgeadra agus de réir aicme sócmhainní, lena n-áirítear luach na suíomhanna arna sealbhú ag rannpháirtithe imréitigh;*
- (b) *infheistíochtaí agus caipiteal an CPL, lena n-áirítear acmhainní dílse tiomnaithe a úsáidtear sa chascáid nó dá dtagraítear in Airteagal 45(4) den Rialachán seo agus in Airteagal 9(14) de Rialachán (AE) 2021/23;*
- (c) *ceanglais éarlaise na gcomhaltaí imréitigh, ranníocaíochtaí ciste mainneachtana, agus acmhainní atá geallta go conarthach sa bhainistiú mainneachtana nó sna pleananna téarnaimh dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/23;*
- (d) *leordhóthanacht na héarlaise agus na ranníocaíochtaí ciste mainneachtana agus na n-acmhainní cascáide;*
- (e) *acmhainní leachtacha an CPL atá ar fáil agus torthaí na tástála struis leachtachta;*
- (f) *mionsonraí na gcomhaltaí imréitigh, na gcliant a bhfuil cuntais leithscartha aonair ina seilbh acu, sonraí tríú páirtithe a sholáthraíonn mórghníomhaíochtaí atá nasctha le bainistiú riosca an CPL, soláthraithe leachtachta ábhartha atá nasctha leis an CPL, chomh maith le CPLanna idir-inoibritheacha agus nasctha;*
- (fa) *aon athrú atá curtha chun feidhme go díreach ag an CPL i gcomhréir le hAirteagal 17ba.*

*Cuirfidh ÚEUM an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar fáil go mear do choláiste an CPL dá dtagraítear in Airteagal 18.*

2. *Forbróidh ÚEUM i ndlúthchomhar le ÚBE agus CEBC, dréachtchaighdeán theicniúla rialála ina sonrúfar tuilleadh mionsonraí agus ábhar na faisnéise atá le soláthar faoi mhír 1.*

*Déanfaidh ÚEUM na dréachtchaighdeán theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeán theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír*

*den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

*3. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le mír 1 a chur i bhfeidhm, forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrúfar na caighdeáin sonraí agus na formáidí le haghaidh na faisnéise atá le tuairisciú.*

*Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Tugtar de cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;*

(5) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

*(-a) leasaítear mír 1 mar a leanas:*

*i. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

*‘Déanfaidh contrapháirtithe, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhaineann le grúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas, agus CPLanna a áirithiú go ndéanfar na mionsonraí maidir le haon chonradh díorthach atá tugtha i gcrích acu agus maidir le haon mhodhnú nó foirceannadh ar an gconradh a thuairisciú, i gcomhréir le míreanna 1d go 1f den Airteagal seo, do stór trádála atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 55 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 77. Déanfar na mionsonraí a thuairisciú tráth nach déanaí ná an chéad lá oibre tar éis an conradh a chur i gcrích, a mhodhnú nó a fhoirceannadh.’*

*cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír agus an cheathrú mír:*

*‘D’ainneoin Airteagal 3, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe i leith conarthaí díorthach laistigh den ghrúpa céanna i gcás inar contrapháirtí neamhairgeadais ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide imréitigh, nó a cháileofaí mar chontrapháirtí neamhairgeadais nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide imréitigh, dá mbeadh sé bunaithe san Aontas, ar an gcoinníoll:*

*(a) go n-áirítear an dá chontrapháirtí sa chomhdhlúthú céanna ar bhonn iomlán;*

*(b) go bhfuil an dá chontrapháirtí faoi réir nósanna imeachta iomchuí láraithe maidir le riosca a mheas, a thomhas agus a rialú; agus*

*(c) nach contrapháirtí airgeadais é an máthairghnóthas.*

*Tabharfaidh na contrapháirtithe fógra dá n-údaráis inniúla go bhfuil sé beartaithe acu an díolúine dá dtagraítear sa tríú fómhír a chur i bhfeidhm. Beidh an díolúine bailí ach amháin mura dtiocfaidh na húdaráis inniúla dá dtugtar fógra ar chomhaontú maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa tríú fómhír, laistigh de 3 mhí ó dháta an fhógra,*

(b) i mír 1a, an ceathrú fómhír,

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

‘go mbeadh an t-eintiteas tríú tír sin cáilithe mar chontrapháirtí airgeadais dá mbunófaí san Aontas é; agus’

- scriostar pointe (b).

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1f:

*“1f. Féadfaidh contrapháirtithe agus CPLanna atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 an oibleagáid tuairiscithe sin a tharmligean. I gcás ina ndéanfaidh siad amhlaidh, leanfaidh contrapháirtithe agus CPLanna de bheith freagrach go hiomlán, agus dliteanach go dlíthiúil, as mionsonraí na ndíorthach a thuairisciú agus as cruinneas na mionsonraí a thuairiscítear a áirithiú chomh maith.”;*

(bb) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

*"6a. I gcás ina mbeidh earráidí follasacha sna sonraí a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 9 nó i gcás nár fheidhmigh contrapháirtithe airgeadais nó neamhairgeadais dícheall cuí agus na sonraí sin á seiceáil agus á dtuairisciú acu, déanfaidh ÚEUM, le cinneadh, íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar an gcontrapháirtí sin deireadh a chur lena shárú.*

*Beidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil éifeachtach agus comhréireach, nach mó ná 1 % ar a mhéad den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin.*

*Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] dréachtóidh ÚEUM treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ina sonrú tuilleadh na seiceálacha agus na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a bhfuiltear ag dréim leo ó chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo agus na pionóis uasta is féidir a fhorchur, nach sáróidh in aon chás an t-uasmhéid a leagtar síos sa dara fómhír den mhír seo.*

*6b. Faoin... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin i dtaobh ar tháinig feabhas soiléir go leor ar sheoladh chúraimí mairseachta ÚEUM mar thoradh ar na hathruithe faoi Airteagal 9(1) agus faoi mhír 1 den Airteagal seo agus i dtaobh an raibh tionchar diúltach iomarcach acu ar rannpháirtithe sa mhargadh. Beidh anailís costais is tairbhe ag gabháil leis an tuarascáil.’*

(6) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2a go 5:

‘2a. Déanfaidh údaráis inniúla ábhartha an chontrapháirtí neamhairgeadais agus na n-eintiteas eile laistigh den ghrúpa nósanna imeachta comhair a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar na suíomhanna a ríomh go héifeachtach agus chun meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal na neamhchosanta i gconarthaí díorthacha thar an gcuntar ar leibhéal an ghrúpa.

3. Agus na suíomhanna dá dtagraítear i mír 1 á ríomh aige, cuirfidh an contrapháirtí neamhairgeadais san áireamh na conarthaí díorthach thar an gcuntar uile nach n-imréitítear in CPL a údaraítear faoi Airteagal 14 nó a aithnítear faoi Airteagal 25 a rinne an contrapháirtí neamhairgeadais, ar conarthaí iad nach féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear rioscaí a bhaineann go díreach le gníomhaíocht tráchtála nó le gníomhaíocht maoinithe cisteáin an chontrapháirtí neamhairgeadais **nó an ghrúpa sin**.

4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, tar éis dul i gcomhairle le BERS agus le húdaráis ábhartha eile, lena sonrú na nithe seo a leanas go léir:

- (a) na critéir chun a shuí cé na conarthaí díorthach thar an gcuntar is féidir a thomhas go hoibiachtúil mar chonarthaí lena laghdaítear rioscaí a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht tráchtála nó leis an ngníomhaíocht maoinithe cisteáin dá dtagraítear i mír 3;
- (b) luachanna na dtairseach imréitigh ***i gcás díorthaigh neamh-imréitithe***, a chinntear agus ábharthacht shistéamach ***shuim na nglansuíomhanna*** agus na neamhchosaintí de réir contrapháirtí á gcur i gcuntas. ***Déanfaidh ÚEUM measúnú freisin i dtaobh an bhfuil gá le tairseach gníomhaíochta chomhiomlán, agus an suíomh comhiomlán foriomlán i ndíorthaigh thar an gcuntar de chuid contrapháirtí airgeadais á chur i gcuntas, chun cumhdach stuama contrapháirtithe airgeadais a áirithiú faoin oibleagáid imréitigh agus leibhéal a shocrú i gcás tairseach den sórt sin;***
- (c) na sásraí lena spreagtar athbhreithniú a dhéanamh ar luachanna na dtairseach imréitigh tar éis luaineachtaí praghsanna móra san aicme fholuiteach de dhíorthaigh thar an gcuntar ***nó tar éis méadú suntasach ar rioscaí don chobhsaíocht airgeadais.***

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ...[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta =12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar cumhacht a tharmlígean don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Déanfaidh ÚEUM athbhreithniú, i gcomhairle le BERS, ar na tairseacha imréitigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), agus aird á tabhairt, go háirithe, ar idirnasctacht na gcontrapháirtithe airgeadais. Déanfar an t-athbhreithniú sin gach 2 bhliain ar a laghad, agus níos luaithe i gcás inar gá nó i gcás ina gceanglaítear sin faoin sásra a bhunaítear faoin gcéad fhomhír, pointe (c), agus féadfar athruithe ar na tairseacha a shonraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), a mholadh leis na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun an Airteagail seo. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag ÚEUM ar na tairseacha imréitigh, déanfaidh sé a mheas an aicmí ábhartha díorthach thar an gcuntar iad na haicmí díorthach thar an gcuntar, a bhfuil tairseach imréitigh socraithe ina leith, nó ar cheart aicmí nua a thabhairt isteach.

Beidh tuarascáil ó ÚEUM ar an ábhar ag gabháil leis an athbhreithniú tréimhsiúil sin.

5. Déanfaidh gach Ballstát údarás a ainmniú a bheidh freagrach as a áirithiú go ndéanfar oibleagáidí na gcontrapháirtithe neamhairgeadais faoin Rialachán seo a

chomhlíonadh. Tuairisceoidh an t-údarás sin do ÚEUM uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus níos minice ná sin i gcás ina sainithnítear staid éigeandála faoi Airteagal 24, maidir le gníomhaíocht i ndíorthaigh thar an gcuntar na gcontrapháirtithe neamhairgeadais a bhfuil sé freagrach astu chomh maith le gníomhaíocht an ghrúpa lena mbaineann siad.

Gach 2 bhliain ar a laghad, cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar ghníomhaíochtaí chontrapháirtithe neamhairgeadais de chuid an Aontais i ndíorthaigh thar an gcuntar, ina sainithneofar réimsí ina bhfuil easpa cóineasaithe agus comhsheasmhachta i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo chomh maith leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais.';

(7) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

- (a) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:  
'Contrapháirtí neamhairgeadais a thioctfaidh faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach sa chéad fhomhír den chéad uair, déanfaidh sé na socrúithe is gá a chur ar bun chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de 4 mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an dara fhomhír, pointe (a) a fháil. Beidh contrapháirtí neamhairgeadais díolmhaithe ó na hoibleagáidí sin i gcás conarthaí a dhéanfar le linn na 4 mhí tar éis an fhógra sin a fháil.';
- (b) i mír 3, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

***'Tabharfaidh contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais fógra do ÚBE agus dá n-údaráis inniúla faoi na samhlacha a úsáidtear chun éarlaisí tosaigh a ríomh maidir le nósanna imeachta bainistithe riosca a leagtar síos sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 15, pointe (a). I gcás ina ndéanann ÚBE nó na húdaráis inniúla náisiúnta agóid ina choinne, tá an contrapháirtí i dteideal leanúint den tsamhail éarlaise tosaigh a úsáid ar feadh tréimhse suas le bliain amháin tar éis an agóid a fháil. I gcás ina scoirfidh contrapháirtithe d'úsáid na samhlacha sin, tabharfaidh siad fógra do ÚBE agus dá n-údaráis inniúla ina leith sin faoi dheireadh na ráithe inar scoir siad den tsamhail a úsáid.***

***Tuairisceoidh contrapháirtithe airgeadais faisnéis faoi na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i ndáil leis na samhlacha éarlaise tosaigh a úsáidtear, do ÚBE agus dá n-údaráis inniúla.***

'Contrapháirtí neamhairgeadais a thioctfaidh faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach sa chéad fhomhír den chéad uair, déanfaidh sé na socrúithe is gá a chur ar bun chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh laistigh de 4 mhí tar éis an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an dara fhomhír, pointe (a). Beidh contrapháirtí neamhairgeadais díolmhaithe ó na hoibleagáidí sin i gcás conarthaí a dhéanfar le linn na 4 mhí tar éis an fhógra sin.

***(ba) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***“3a. D’ainneoin mhír 3, déanfar roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais nach bhfuil imréitithe ag CPL a dhiolmhú go sealadach ó***



*nósanna imeachta bainistithe riosca lena n-éilítear malartú comhthaobhachta atá tráthúil, beacht agus leithscartha go hiomchuí.*

*Déanfaidh ÚEUM faireachán ar thionchar na díolúine faoin gcéad fhomhír ar chobhsaíocht airgeadais, chomh maith le forbairtí rialála maidir le láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais i ndlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, agus cuirfidh sé tuarascáil ina leith sin faoi bhráid an Choimisiúin gach 2 bhliain ar a laghad. Tar éis do ÚEUM an tuarascáil a thíolacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil tuilleadh cóineasaithe tagtha ar láimhseáil roghanna aonstoic agus roghanna innéacs cothromais mar thoradh ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus i dtaobh an bhfuil údar fós le díolúine shealadach na roghanna sin. Féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena sonrú, tar éis do thréimhse oiriúnaithe dul in éag, go gcuirfear deireadh leis an díolúine. Ní rachaidh an tréimhse oiriúnaithe thar 2 bhliain.*

*Tugtar de chumhacht don Choimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82.’*

*(bb) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*‘12a. Déanfaidh ÚBE feidhm bailíochtaithe lárnach a chur ar bun le haghaidh samhlacha ar fud an tionscail a úsáidtear chun na ceanglais a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh. Ina ról mar bhailíochtóir lárnach, cuirfidh ÚBE treoir ar fáil maidir le gnéithe ginearálta na samhlacha sin, amhail a gcalabhrú, a ndearadh agus a n-ionstraimí agus a gcumhdach aicme sócmhainní.*

*Baileoidh ÚBE aiseolas ó údaráis inniúla, ó ÚEUM agus ó ÚEÁPC, agus comhordóidh sé a dtuairimí, agus feidhmeoidh sé mar phointe aonair plé leis an tionscal.*

*Tabharfaidh ÚBE cúnamh freisin d’údaráis inniúla ina bpróisis formheasa maidir leis na gnéithe ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme na samhlacha sin. Is iad na húdaráis inniúla amháin a bheidh freagrach as cur chun feidhme na samhlacha sin a bhailíochtú ar leibhéal an eintitis faoi mhaoirseacht. Gearrfaidh ÚBE táille ar chontrapháirtithe a úsáideann samhlacha ar fud an tionscail dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Beidh an táille comhréireach le láimhdeachas na gcontrapháirtithe lena mbaineann agus cumhdóidh sí na costais uile arna dtabhú ag ÚBE agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.’;*

**I** Féadfaidh ÚBE treoirlinnte nó moltaí a eisiúint d’fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír a áirithiú, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Forbróidh ÚBE dréachtaí de na treoirlinnte nó de na moltaí sin i gcomhar leis na ÚMEnna.’;

- (c) *leasaítear* mír 15, an chéad fhomhír, *mar a leanas*:
- i. *cuirtear an méid seo a leanas in ionad* pointe (aa):  
*‘na nósanna imeachta maoirseachta, chun bailíochtú tosaigh agus leanúnach na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear i mír 3 a áirithiú, arna gcur i bhfeidhm ag na hinstiúidí creidmheasa is mó atá údaraithe i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE agus ag na gnólachtaí infheistíochta is mó atá údaraithe i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE mar a shainmhínítear faoi mhír 15(a);’*
  - ii. *cuirtear isteach an pointe seo a leanas*:  
*‘(ab) na caighdeáin sonraí, na formáidí agus an cineál faisnéise atá le tuairisciú agus le nochtadh maidir le nósanna imeachta bainistithe riosca, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, maidir leis na samhlacha éarlaise tosaigh, i gcomhréir leis na ceanglais mhaoirseachta dá dtagraítear i bpointe (aa);’*
  - iii. *cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh pointe (c)*:  
*‘Agus raon feidhme chur i bhfeidhm na hoibleagáide faoi pointe (aa) den chéad fhomhír á shonrú, áiritheoidh ÚBE nach mbeidh ach na contrapháirtithe sin atá an-ghníomhach i ndíorthaigh thar an gcuntar neamh-imréitithe faoi réir bhailíochtú tosaigh agus leanúnach na nósanna imeachta um bainistiú riosca dá dtagraítear sa mhír sin.’*
- (8) *Cuirtear an méid seo a leanas in ionad* Airteagal 13:

### *Airteagal 13*

#### *Sásra chun rialacha dúblacha nó codarsnacha a sheachaint*

1. *Tabharfaidh na ÚMEnna cúnamh don Choimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm idirnáisiúnta na bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 11, go háirithe maidir le ceanglais a d’fhéadfadh a bheith dúblach nó contrártha ar rannpháirtithe sa mhargadh, agus molfaidh sé bearta a d’fhéadfaí a dhéanamh.*
2. *Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina ndearbhaítear an méid seo a leanas i dtaca le socrúithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmithe an tríú tír:*
  - (a) *go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11;*
  - (b) *go n-áiritheoidh siad rúndacht ghairmiúil atá comhionann leis an rúndacht ghairmiúil a leagtar amach sa Rialachán sin; agus*
  - (c) *go ndéantar iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a fhorfheidhmiú ar mhodh chothromasach agus neamhsaofa ionas go ndéanfar maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú sa tríú tír sin.*

*Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 86(2).*

3. *Le gníomh cur chun feidhme maidir le coibhéis dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), tabharfar le tuiscint go measfar go bhfuil na hoibleagáidí atá in Airteagal 11 comhlíonta ag contrapháirtithe a dhéanann Conradh díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach faoi réir an Rialacháin sin i gcás ina mbeidh ar a laghad ceann amháin de na contrapháirtithe bunaithe sa tríú tír sin nó faoi réir cheanglais choibhéiseacha na tríú tíre sin.*

(9) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(-a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*

*‘I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas seirbhísí imréitigh a sholáthar mar chontrapháirtí lárnach, cuirfidh sé iarratas ar údarú chuig ÚEUM, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17.*

*Cuirfidh ÚEUM údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an duine dlítheanach sin bunaithe ar an eolas gan mhoill.*

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Deonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh gníomhaíochtaí atá nasctha le himréiteach agus sonrú san údarú na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a bhfuil an contrapháirtí lárnach údaraithe a sholáthar nó a chomhlíonadh lena n-áirítear na haicmí ionstraimí airgeadais a chuimsítear leis an údarú sin.

Eintiteas a dhéanann iarratas ar údarú mar chontrapháirtí lárnach chun ionstraimí airgeadais a imréiteach, áireoidh sé san iarratas, le cois na n-aicmí ionstraimí airgeadais a bhfuil sé ag déanamh iarratais chun iad a imréiteach, na haicmí ionstraimí neamhairgeadais atá oiriúnach lena n-imréiteach agus a bheartaíonn an contrapháirtí lárnach sin a imréiteach.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag contrapháirtí lárnach a údaraítear de bhun an Airteagail seo aicmí ionstraimí neamhairgeadais a imréiteach atá oiriúnach lena n-imréiteach, déanfaidh sé iarratas ar a údarú a leathnú de bhun Airteagal 15.’;

(aa) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*

‘4. Déanfaidh contrapháirtí lárnach na coinníollacha atá riachtanach d’údarú a chomhlíonadh i gcónaí. Tabharfaidh contrapháirtí lárnach, gan aon mhoill mhíchúí, fógra do **ÚEUM agus don** údarás inniúil i dtaobh aon athruithe ábhartha ar na coinníollacha d’údarú.

(b) cuirtear isteach na míreanna 6 agus 7 seo a leanas:

‘6. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeán theicniúla rialála ina sonrúfar liosta na ndoiciméad riachtanach a bheidh ag gabháil le hiarratas ar údarú de bhun mhír 1 agus ina sonrúfar an fhaisnéis a bheidh sna doiciméid sin d’fhonn a léiriú go gcomhlíonann an contrapháirtí lárnach ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeán theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar cumhacht a tharmligean don Choimisiún chun na caighdeán theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú formáid leictreonach an iarratais atá le cur faoi bhráid an bhunachair sonraí lárnaigh maidir le húdarú dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tabharfar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(10) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh contrapháirtí lárnach ar mian leis a ghnó a leathnú chuig seirbhísí agus gníomhaíochtaí breise nach gcumhdaítear leis an údarú atá ann cheana, **nó contrapháirtí lárnach nár chuir seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh ar fáil, le linn an 12 mhí roimhe sin, in aicme ionstraimhe airgeadais nó in aicme ionstraimhe neamhairgeadais a chumhdaítear leis an údarú atá ann cheana agus ar mian leis seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh a thairiscint maidir leis na hionstraimí sin**, iarratas ar shíneadh a chur faoi bhráid ÚEUM. Measfar gur síneadh ar an údarú sin é seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh a thairiscint nach bhfuil an contrapháirtí lárnach údaraithe ina leith cheana, **nó a bhfuil sé údaraithe ina leith ach nár chuir sé ar fáil le linn an 12 mhí roimhe sin**.

Déanfar an t-údarú a leathnú i gcomhréir le ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(a) an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17;

(b) an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17a i gcás ina n-iarrfaidh an CPL is iarratasóir amhlaidh de bhun Airteagal 17a(3).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Forbróidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú liosta na ndoiciméad riachtanach a bheidh ag gabháil le hiarratas ar údarú a leathnú de bhun mhír 1 agus ina sonrú an fhaisnéis a bheidh sna doiciméid sin d’fhonn a léiriú go gcomhlíonann an contrapháirtí lárnach ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(c) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú formáid leictreonach an iarratais atá le cur faoi bhráid an bhunachair sonraí lárnaigh maidir le leathnú an údaraithe dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tabharfar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(11) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal an Airteagail:  
**‘Nós imeachta maidir le hiarratas ar údarú nó ar leathnú ar údarú a dheonú agus a dhiúltú’**
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:  
‘1. Déanfaidh an CPL is iarratasóir iarratas ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 14(1) nó iarratas ar leathnú ar a údarú dá dtagraítear in Airteagal 15(1) a chur isteach i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach dá dtagraítear i mír 7. Déanfar an t-iarratas a roinnt láithreach *le ÚEUM*, le húdarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, agus leis an gcoláiste dá dtagraítear in Airteagal 18(1). Laistigh de 5 lá oibre tar éis an t-iarratas sin a fháil, admhóidh *ÚEUM* go bhfuarthas an t-iarratas, agus luafaidh sé leis an gcontrapháirtí lárnach cé acu atá nó nach bhfuil na doiciméid ann a cheanglaítear de bhun Airteagal 14(6) agus (7) nó, i gcás ina ndearna an contrapháirtí lárnach iarratas ar a údarú a leathnú, de bhun Airteagal 15(3) agus (4).

I gcás ina gcinnfidh *ÚEUM* nár cuireadh isteach na doiciméid uile a cheanglaítear de bhun Airteagal 14(6) agus (7) nó Airteagal 15(3) agus (4), diúltóidh sé d’iarratas an chontrapháirtí lárnaigh.

2. Soláthróidh CPL is iarratasóir an fhaisnéis uile is gá chun a léiriú go bhfuil na socrúithe uile is gá bunaithe aige, tráth an údaraithe *tosaigh*, chun na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. *I gcás ina n-iarrann CPL is iarratasóir síneadh ar údarú de bhun Airteagal 15, cuirfidh sé an fhaisnéis uile is gá ar fáil chun a léiriú go mbeidh, tráth deonaithe an tsínidh sin ar údarú faoi Airteagal 15, gach socrú breise bunaithe aige chun aon cheanglais a leagtar síos sa Rialachán seo maidir leis an síneadh sin ar údarú a chomhlíonadh.*

3. Laistigh de 40 lá oibre ó dheireadh na tréimhse a leagtar amach sa dara fómhír de mhír 1 (‘an tréimhse measúnaithe riosca’), déanfaidh údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, *ÚEUM* agus an coláiste measúnuithe riosca ar chomhlíontacht an CPL leis na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. Faoi dheireadh na tréimhse measúnaithe riosca, *tarchuirfidh an coláiste a thuairim agus a thuarascáil chuig ÚEUM agus údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, agus tarchuirfidh ÚEUM a dhréachtchinneadh agus cuirfidh sé tuarascáil chuig údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus chuig an gcoláiste.*

█

- (d) cuirtear isteach na míreanna 3a agus 3b seo a leanas:  
‘3a. Le linn na tréimhse measúnaithe riosca dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, *ÚEUM* nó aon duine de chomhaltaí an choláiste ceisteanna a chur go díreach chuig an gcontrapháirtí lárnach. I gcás nach bhfreagróidh an contrapháirtí lárnach na ceisteanna sin laistigh den tréimhse ama a leagfaidh an t-údarás iarrthach síos, féadfaidh █ *ÚEUM* nó an coláiste cinneadh a dhéanamh in éagmais fhreagairt an chontrapháirtí lárnaigh nó féadfaidh siad a chinneadh síneadh nach faide ná 10 lá oibre a chur leis an tréimhse measúnaithe, más rud é, dar leo, go bhfuil an cheist ábhartha don mheasúnú. *Ní bheidh sé de cheangal ar chontrapháirtí lárnach freagra a thabhairt níos mó ná uair amháin ar cheist shonrach, ar choinnioll gur freagraíodh an cheist i gceart.*

3b. Laistigh de **15** lá oibre ón tuairim ó **ÚEUM** agus an tuairim ón gcoláiste araon a fháil, glacfaidh **ÚEUM** a chinneadh agus tarchuirfidh sé é chuig **an gcontrapháirtí lárnach is iarratasóir**, chuig **údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh** agus chuig an gcoláiste.

I gcás nach n-aontóidh **ÚEUM** le tuairim ón gcoláiste, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, beidh cúiseanna iomlána agus míniú sa chinneadh maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó ó na moltaí sin.

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tar éis tuairimí **ÚEUM** agus an choláiste dá dtagraítear i mír 3 a bhreithniú go cuí, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh iontu, tabharfaidh **ÚEUM** údarú dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15(1), an dara fómhír, pointe (a), i gcás ina mbeidh sé lánsásta go bhfuil an méid seo fíor i dtaca leis an CPL is iarratasóir agus sa chás sin amháin:

- (a) go gcomhlíonann sé na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ceanglais chun seirbhísí nó gníomhaíochtaí imréitigh a chur ar fáil le haghaidh ionstraimí neamhairgeadais; agus
- (b) go dtugtar fógra ina leith mar chóras de bhun Threoir 98/26/CE.

***I gcás ina n-iarrann contrapháirtí lárnach is iarratasóir síneadh ar údarú de bhun Airteagal 15, féadfaidh ÚEUM a bheith ag brath ar chuid den mheasúnú a rinneadh roimhe sin de bhun an Airteagail seo a mhéid nach dtiocfadh aon athrú ar an gcuid sin chun cinn mar thoradh ar iarraidh sin ar shíneadh an údaráithe. Deimhneoidh CPL do ÚEUM nach bhfuil aon athrú ar fhíorais bhunúsacha na coda den mheasúnú a roghnaíonn ÚEUM a bheith ag brath uirthi.***

Ní údarófar an contrapháirtí lárnach i gcás ina dtiocfaidh comhaltaí uile an choláiste, seachas **ÚEUM**, ar thuairim chomhpháirteach trí chomhaontú frithpháirteach, de bhun Airteagal 19(1), nár cheart an contrapháirtí lárnach a údarú. Sa tuairim sin, luafar i scríbhinn na cúiseanna iomlána agus mionsonraithe atá ag an gcoláiste lena mheas nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin nó i ndlí eile de chuid an Aontais á gcomhlíonadh.

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:‘7. Coinneoidh **ÚEUM** bunachar sonraí lárnach ar bun lena dtabharfar rochtain d’údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, **ÚEUM**, agus comhaltaí an choláiste i gcás an chontrapháirtí lárnaigh sin (‘faighteoirí cláraithe’), ar gach doiciméad atá cláraithe sa bhunachar sonraí maidir leis an gcontrapháirtí lárnach sin.

■, ar gach doiciméad atá cláraithe sa bhunachar sonraí maidir leis an gcontrapháirtí lárnach sin. Cuirfidh an contrapháirtí lárnach an t-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 14, Airteagal 15(1), an dara fómhír, pointe (a), agus Airteagal 49 isteach tríd an mbunachar sonraí sin.

***Déanfar ceisteanna a chuirfidh ÚEUM agus comhaltaí an choláiste isteach le linn na tréimhse measúnaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 17(3a) a chur san áireamh sa bhunachar sonraí lárnach.***

Déanfaidh na faighteoirí cláraithe na doiciméid uile a gheobhaidh siad ón gcontrapháirtí lárnach i ndáil le hiarratas de bhun mhír 1 a uaslódáil go pras agus cuirfidh an bunachar sonraí lárnach na faighteoirí cláraithe ar an eolas go

huathoibríoch nuair a dhéanfar athruithe ar a ábhar. Sa bhunachar sonraí lárnach, beidh na doiciméid uile a sholáthair contrapháirtí lárnach is iarratasóir faoi mhír 1 agus gach doiciméad eile is ábhartha don mheasúnú a dhéanfaidh údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, ÚEUM agus an coláiste.

Beidh rochtain ag comhaltaí an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha ar an mbunachar sonraí lárnach freisin chun a gcúraimí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 24a(7). Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha rochtain a theorannú ar chuid de na doiciméid i gcás chomhaltaí an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha dá dtagraítear in Airteagal 24a, pointí (c) agus (d)(ii), i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin ar bhonn inní rúndachta.’;

- (12) cuirtear isteach na hAirteagail 17a agus 17b seo a leanas:

*‘Airteagal 17a*

**Nós imeachta neamhagóide maidir le hiarratas ar leathnú gníomhaíochtaí nó seirbhísí a dheonú**

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta neamhagóide maidir le hathruithe neamhábhhartha ar údarú reatha contrapháirtí lárnaigh in aon cheann de na cásanna seo a leanas ina ndéanann an tseirbhís bhreise imréitigh nó an ghníomhaíocht bhreise imréitigh atá beartaithe *ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*

- (a) airgeadra nua a chur *le* haicme ionstraimí airgeadais atá cumhdaithe cheana féin ag údarú an chontrapháirtí lárnaigh *nach bhfuil an tsaoráid íocaíochta ábhartha i bhfeidhm ag an gcontrapháirtí lárnach ina leith;*
- (b) *sásra nua socraíochta nó seachadta nó seirbhís nua a thairiscint a bhaineann le naisc a bhunú le córas socraíochta urrús, taisclanna lárnacha urrús nó córas íocaíochta éagsúil nár bhain an contrapháirtí lárnach úsáid astu roimhe sin.*
- (c) *conarthaí a thairiscint nach féidir a leachtú ar an mbealach céanna, amháil trí thairiscint dhíreach nó trí cheant, nó mar aon le conarthaí a d’imréitigh an contrapháirtí lárnach cheana féin;*

2. *Measfar gur athrú ábhartha é an tseirbhís nó an ghníomhaíocht imréitigh bhreise atá beartaithe agus beidh sé faoi réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17 i gcás ina mbeadh sé mar thoradh air go ndéanann an contrapháirtí lárnach aon cheann de na nithe seo a leanas:*

- (a) a struchtúr oibríochtúil *a oiriúnú* go suntasach, ag pointe ar bith de thimthriall an chonartha;
- (b) *seirbhís* a thairiscint *nó gníomhaíocht a dhéanamh a bhaineann le catagóir nua ionstraimí airgeadais nó le cineál nua táirgí nó le haicme nua idirbheart;*
- (c) *seirbhís a thairiscint nó gníomhaíocht a dhéanamh le haghaidh conarthaí a thrádáiltear ar ionad trádála, i gcás ina raibh an contrapháirtí lárnach ag soláthar seirbhíse roimhe sin nó ag feidhmiú gníomhaíochta do na conarthaí sin a thrádáiltear ar bhonn déthaobhach amháin;*
- (d) *seirbhís a thairiscint nó gníomhaíocht a dhéanamh le haghaidh conarthaí a thrádáiltear ar bhonn déthaobhach, i gcás ina raibh an contrapháirtí lárnach*

*ag soláthar seirbhíse roimhe sin nó ag feidhmiú gníomhaíochta do na conarthaí sin a thrádáiltear ar ionad trádála amháin;*

(e) *sonraíochtaí ábhartha nua conartha a chur san áireamh, amhail stíleanna nua feidhmithe roghanna laistigh de chatagóir conarthaí;*

(f) *tugtar isteach rioscaí ábhartha nua, atá nasctha le saintréithe éagsúla na sócmhainní dá dtagraítear;*

**2a.** *Forbróidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrú tuilleadh na critéir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.*

*Déanfaidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. (LS 366 agus 373 Lalucq, et al.; LS 374 Gruffat)*

**2b.** *I gcás ina gcomhlíonann seirbhís nó gníomhaíocht imréitigh bhreise atá beartaithe coinníoll faoi mhír 1 den Airteagal seo ag an am céanna a chomhlíonann sí coinníoll faoi mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17.*

3. Contrapháirtí lárnach a chuirfidh isteach iarratas ar leathnú agus é ag iarraidh go gcuirfí an nós imeachta neamhagóide i bhfeidhm, léireoidh sé cén fáth a gcáilíonn an leathnú atá beartaithe ar a ghnó chuig seirbhísí imréitigh breise nó chuig gníomhaíochtaí imréitigh breise faoi mhíreanna 1 nó 2 chun measúnú a dhéanamh air faoin nós imeachta neamhagóide. Cuirfidh an contrapháirtí lárnach a iarratas isteach i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 17(7) agus soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá chun a léiriú go bhfuil na socruithe uile is gá bunaithe aige, tráth an údaraithe, chun na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

Contrapháirtí lárnach a dhéanann iarratas ar leathnú ar a údarú agus é ag iarraidh go gcuirfí an nós imeachta neamhagóide i bhfeidhm agus go dtiocfadh na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí imréitigh breise atá beartaithe faoi raon feidhme mhír 1, féadfaidh sé tús a chur le himréiteach na n-ionstraimí airgeadais breise sin nó na n-ionstraimí neamhairgeadais breise sin atá oiriúnach lena n-imréiteach roimh chinneadh údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh de bhun mhír 4.

**4.** *I gcás nár chuir ÚEUM a agóid in iúl, tar éis ionchur an choláiste a mheas, in aghaidh na seirbhísí breise nó na ngníomhaíochtaí breise atá beartaithe ag an gcontrapháirtí lárnach laistigh de 10 lá oibre ón iarratas a fháil, measfar gur deonaíodh an t-údarú.*

**5.** *An contrapháirtí lárnach a iarrann gníomhaíochtaí agus seirbhísí a leathnú i gcomhréir le hAirteagal 15, ní cheadófar dó tús a chur leis an ngníomhaíocht nua nó leis an tseirbhís nua a iarradh sula measfar an t-údarú a bheith deonaithe.*

6. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí aon athrú ar liosta na n-athruithe neamhábhartha a liostaítear faoi mhír 1 a shonrú, i gcás nach mbeadh riosca



méadaithe ann don chontrapháirtí lárnach mar thoradh ar an athrú sin.

*Airteagal 17b*

**Nós imeachta chun tuairim a lorg ón gcoláiste**

1. *I gcás ina mbeidh sé ar intinn aige cinneadh a ghlacadh maidir le hAirteagail 20, 21, 30, 31, 32, 35, 41, 49, 51 nó 54, déanfaidh ÚEUM iarraidh ar thuairim ón gcoláiste de bhun an Airteagail seo agus Airteagal 19 a chur isteach i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 17(7).*

**■** Déanfar an iarraidh ar thuairim *dá dtagraítear sa chéad fhómhír, mar aon leis na doiciméid ábhartha uile*, a roinnt láithreach le *comhaltaí an choláiste*.

2. Mura sonraítear a mhalairt faoin Airteagal ábhartha, déanfaidh ÚEUM agus an coláiste, laistigh de 30 lá oibre ón iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil ('an tréimhse mheasúnaithe'), measúnú ar chomhlíontacht an chontrapháirtí lárnaigh leis na ceanglais faoi seach. Faoi dheireadh na tréimhse measúnaithe, *tarchuirfidh ÚEUM a dhréachtchinneadh chuig údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus chuig an gcoláiste, agus glacfaidh an coláiste tuairim de bhun Airteagal 19 agus cuirfidh sé chuig ÚEUM agus chuig údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh í. Féadfaidh an coláiste a áireamh ina thuairim aon choinníoll nó aon mholadh a mheasann sé is gá chun aon easnamh i mbainistiú riosca an chontrapháirtí lárnaigh a mhaolú.*

3. Laistigh de 10 lá oibre ón tuairim ón gcoláiste **■** a fháil, déanfaidh ÚEUM tar éis dó tuairimí an choláiste **■** a bhreithniú go cuí, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, a chinneadh a ghlacadh agus a tharchur chuig *údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh* agus chuig an gcoláiste.

I gcás nach n-aontóidh ÚEUM leis *an* tuairim ó ÚEUM nó ón gcoláiste, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, beidh cúiseanna iomlána agus míniú sa chinneadh maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó ó na moltaí sin.

(12 a) *cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:*

*'Airteagal 17ba*

*Nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme athruithe 'gnó mar is gnách' ag contrapháirtithe lárnacha*

1. *Tar éis dó a bhfuil ar intinn aige a chur in iúl go cuí do ÚEUM, beidh contrapháirtí lárnach in ann aon athrú ar a sheirbhísí nó ar a ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme go díreach gan a bheith faoi réir na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17 agus in Airteagal 17a, i gcás nach gcáilíonn athrú den sórt sin mar athrú ábhartha de bhun Airteagal 17 nó mar athrú neamhábhartha de bhun Airteagal 17a(1).2. Beidh na hathruithe a chuirfidh contrapháirtí lárnach chun feidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo faoi réir athbhreithnithe agus meastóireachta i gcomhréir le hAirteagal 21. Sa bhreis air sin, déanfaidh ÚEUM athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme na n-athruithe a chomhlíonann ceanglais mhír 1 ag contrapháirtithe lárnacha agus tuairisceoidh sé do choláiste gach contrapháirtí lárnaigh san Aontas maidir lena iomchuí atá siad.'*

(13) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Laistigh de 30 lá féilire ó iarratas comhlánaithe a bheith curtha isteach i gcomhréir le hAirteagal 17, déanfaidh **ÚEUM** coláiste a bhunú chun feidhmiú na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagail 15, 17, 20, 21, 30, 31, 32, 35, 41, 49, 51 agus 54 a éascú.’;

- (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):  
‘(a) an Cathaoirleach nó aon duine de chomhaltaí neamhspleácha an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 24a(2), pointí (a) agus (b), a dhéanfaidh bainistiú ar an gcoláiste agus a dhéanfaidh cathaoirleacht air;’;

*(b a) i mír 4, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*

***‘Chun pointí a chur leis an gclár oibre, breithneoidh comhaltaí an choláiste toradh na hoibre a rinne an Sásra Comhpháirteach Faireacháin.’***

(14) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:  
‘1. I gcás ina gceanglófar ar an gcoláiste tuairim a thabhairt de bhun an Rialacháin seo, tiocfaidh sé ar thuairim chomhpháirteach lena gcinnfear cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an contrapháirtí lárnaigh na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo.  
Mura dtiocfar ar thuairim chomhpháirteach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, glacfaidh an coláiste tuairim thromlaigh laistigh den tréimhse ama chéanna.’;
- (b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fhomhír:  
‘Ní bheidh aon cheart vótála ag comhaltaí an choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointí (ca) agus (i), i leith thuairimí an choláiste.’;
- (c) scriostar mír 4;

(15) ■ Cuirtear an méid *seo* a leanas in ionad Airteagal 20:

***‘1. Gan dochar d’Airteagal 22(3), déanfaidh ÚEUM údarú a tharraingt siar sa chás, maidir leis an gcontrapháirtí lárnaigh:***

- (a) *nár úsáid sé an t-údarú go hiomlán nó go páirteach laistigh de 12 mhí, i gcás ina dtréigeann sé an t-údarú go sainráite nó i gcás nach bhfuil seirbhísí ar bith curtha ar fáil aige nó aon ghníomhaíocht déanta aige i rith na 6 mhí roimhe sin;*
- (b) *go bhfuair sé údarú trí ráitis bhréagacha a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhrialta eile;*
- (c) *nach bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú á gcomhlíonadh a thuilleadh aige agus nach bhfuil na gníomhaíochtaí leasúcháin atá iarrtha ag ÚEUM déanta aige laistigh de thréimhse ama socraithe; nó*
- (d) *i gcás ina bhfuil sé tar éis aon de na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán sin a shárú go córasach agus go tromchúiseach.*
2. *I gcás ina measfaidh ÚEUM go bhfuil feidhm ag ar a laghad ceann de na himthosca dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh sé, laistigh de 5 lá oibre fógra faoi sin do údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus do chomhaltaí an choláiste dá réir.’*

‘3. *Rachaidh ÚEUM i gcomhairle le húdarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, le*

ÚEUM agus le comhaltá an choláiste, i gcomhréir le mír 6, maidir leis an ngá a bheidh le húdarú an chontrapháirtí lárnaigh a tharraingt siar, ach amháin i gcás ina bhfuil gá go práinneach le cinneadh.

4. Féadfaidh **údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh** nó aon chomhalta den choláiste, tráth ar bith, a iarraidh go ndéanfaidh **ÚEUM** scrúdú ar cé acu atá nó nach bhfuil an contrapháirtí lárnach fós i gcomhréir leis na coinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú. 5. Féadfaidh **ÚEUM** an tarraingt siar a theorannú ionas nach mbainfidh sí ach le seirbhís, le gníomhaíocht, nó le haicme ionstraimí airgeadais nó ionstraimí neamhairgeadais ar leith.

6. Sula ndéanfaidh **ÚEUM** cinneadh seirbhís, gníomhaíocht, nó aicme ionstraimí airgeadais nó ionstraimí neamhairgeadais ar leith a tharraingt siar, iarrfaidh sé **tuairimí** an choláiste i gcomhréir le hAirteagal 17b.

7. I gcás ina ndéanfaidh **ÚEUM** cinneadh maidir le húdarú a tharraingt siar ina iomláine nó i ndáil le seirbhís, le gníomhaíocht, nó le aicme ionstraimí airgeadais nó ionstraimí neamhairgeadais ar leith, gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin ar fud an Aontais.;

(16) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh **ÚEUM ar a laghad** gach ceann díobh seo a leanas:

(a) athbhreithniú ar na socrúithe, na straitéisí, na próisis agus na sásraí a chuireann contrapháirtithe lárnacha chun feidhme chun an Rialachán seo a chomhlíonadh;

(b) athbhreithniú ar na seirbhísí nó ar na gníomhaíochtaí a bhfuil an contrapháirtí lárnach tosaithe á soláthar tar éis na nósanna imeachta neamhagóide de bhun Airteagal 17a, **17ba** nó de bhun Airteagal 49;

(c) meastóireacht ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais agus oibríochtúla, a bhfuil contrapháirtithe lárnacha neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh contrapháirtithe lárnacha a bheith neamhchosanta orthu.’;

**(c a) plean a ullmhú le haghaidh comhghníomhaíochtaí maoirseachta de bhun Airteagal 23b.’;**

(b) **cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:**

‘3. Tar éis do **ÚEUM** ionchur an **choláiste** leagfaidh siad síos minicíocht agus doimhneacht **agus fócas substainteach** an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, ag féachaint go háirithe do mhéid, tábhacht shistéamach, cineál, scála, castacht na ngníomhaíochtaí agus idirnascthacht le bonneagair eile margaidh airgeadais na gcontrapháirtithe lárnacha lena mbaineann agus do na tosaíochtaí maoirseachta a shuigh **ÚEUM** i gcomhréir le hAirteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (ba). Déanfaidh **ÚEUM** an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Beidh na contrapháirtithe lárnacha faoi réir cigireachtaí ar an láthair.

Tabharfaidh **ESMA** cuireadh don **choláiste agus do na rannpháirtithe páirt a** ghlacadh sna **comhghníomhaíochtaí maoirseachta dá dtagraítear in** Airteagal 23b, páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair.

Cuirfidh **ÚEME** ar aghaidh chuig an **gcoláiste** fhaisnéis a fuarthas ó na contrapháirtithe lárnacha le linn nó i dtaobh cigireachtaí ar an láthair.

4 Cuirfidh **ÚEUM** tuarascáil faoi bhráid an choláiste go tráthrialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, **ina mbeidh an méid seo a leanas:**

a) torthaí an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear an ndearna *ÚEUM* aon ghníomhaíocht feabhais nó an ndearna sé pionóis; agus

(b) *plean le haghaidh comhghníomhaíochtaí maoirseachta de bhun Airteagal 23b don bhliain féilire dár gcionn.*

Cuirfidh *ÚEUM* an tuarascáil lena gcumhdaítear bliain féilire in iúl do *d'údarás inniúil an chomhpháirtí lárnaigh agus don choláiste* faoin 30 Márta den bhliain féilire dár gcionn. Beidh an tuarascáil sin faoi réir tuairim ón gcoláiste de bhun Airteagal 19 agus tuairim ó *ÚEUM* de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), a eisíodh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.;

(c) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*'4a. Chun an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a dhéanamh, agus chun a mhinicíocht, a dhoimhne agus a fhócas substainteach a shuí i gcomhréir le mír 3 den Airteagal sin, breithneoidh ÚEUM toradh na hoibre a rinne an Sásra Comhpháirteach Faireacháin de bhun Airteagal 23c, a mhéid is ábhartha an toradh sin don contrapháirtí lárnach faoi réir an athbhreithnithe agus na meastóireachta sin.'*

(d) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

*'5. Cuirfidh ÚEME de cheangal ar aon chontrapháirtí lárnach nach mbeidh ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán sin á gcomhlíonadh aige tabhairt faoi na gníomhaíochtaí nó na céimeanna is gá go luath chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin.'*

(16 a) *in Airteagal 22(1), leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:*

*'1. Ainmneoidh gach Ballstát ar leith an t-údarás inniúil a bheidh freagrach as na dualgais a thagann as an Rialachán sin a chomhlíonadh chun na contrapháirtithe lárnacha atá bunaithe ina gcriócha agus cuirfidh sé an Coimisiún agus ÚEUM ar an eolas faoin méid sin.'*

(16b) *cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:*

*'Airteagal 22a*

*Cumhachtaí ÚEUM*

*1. Beidh ÚEUM freagrach as a dhualgais a chur i gcrích faoin Rialachán sin maidir le contrapháirtithe lárnacha atá bunaithe san Aontas a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.*

*2. Áiritheoidh ÚEUM ar bhonn leanúnach go gcomhlíonfaidh na contrapháirtithe lárnacha atá bunaithe san Aontas Airteagail 7 go 8, Airteagail 14 go 17ba, Airteagal 20, Airteagal 21, agus 24 agus Teidil IV agus V.*

*3. Tabharfar de chumhacht do ÚEUM na cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoin Rialachán sin a dhéanamh.*

*4. Beidh ar a laghad cumhachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh san áireamh sna cumhachtaí dá dtagraítear i mír 3:*

- (a) *contrapháirtí lárnach do sheirbhís nó gníomhaíocht imréitigh ar leith a údarú in ionstraimí airgeadais nó in ionstraimí neamhairgeadais;*
- (b) *maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán sin ag an gcontrapháirtí lárnach agus cinní a ghlacadh agus measúnuithe maoirseachta a dhéanamh maidir le hAirteagail 7 go 8, 14 go 17ba, 20, 21 agus 24 agus Teidil IV agus V;*
- (c) *rochtain a bheith aige ar aon doiciméad nó sonraí eile ón gcontrapháirtí lárnach i bhfoirm a mheasann ÚEUM a bheith ábhartha chun a dhualgais a chomhlíonadh agus cóip de na doiciméid nó de na sonraí sin a fháil nó a thógáil;*
- (d) *a cheangal nó a éileamh go soláthrófar faisnéis ó aon duine a bhaineann leis an gcontrapháirtí lárnach agus, más gá, duine a thoghairm agus a cheistiú d'fhonn faisnéis a fháil;*
- (e) *cigireachtaí nó imscrúduithe comhphárteacha ar an láthair a dhéanamh le húdaráis inniúil an chontrapháirtí lárnaigh;*
- (f) *ceangal a chur ar iniúchóirí na gcontrapháirtithe lárnacha údaraithe faisnéis a sholáthar;*
- (g) *a cheangal go scoirfí go sealadach nó go buan d'aon chleachtas nó iompar a mheasann ÚEUM a bheith contrártha d'fhorálacha an Rialacháin sin nó i gcás ina bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag an gcleachtas nó ag an iompar sin ar ghníomhaíochtaí trasteorann na gcontrapháirtithe lárnacha nó go bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith acu;*
- (h) *a cheangal go ndéanfar duine nádúrtha a bhaint de bhord bainistíochta contrapháirtí lárnaigh údaraithe;*
- (i) *Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh;*
- (j) *fógraí poiblí a eisiúint; agus*
- (k) *údarú an chontrapháirtí lárnaigh a tharraingt siar, nó an t-údarú atá aige i dtaca le seirbhís, gníomhaíocht nó aicme ionstraimí airgeadais ar leith nó conradh neamhairgeadais a tharraingt siar.*

*Gearrfaidh ÚEUM táillí as a ndualgais a dhéanamh mar a leagtar amach faoi mhír 1 agus i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun na chéad fhomhíre eile den mhír seo.*

*Faoin ... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 82 chun an méid seo a leanas a shonrú tuilleadh:*

- (a) *gach cineál táille;*
- (b) *pé cúis dar dlite na táillí;*
- (c) *méid na dtáillí;*

(d) *mar atá táillí le híoc. (LS 121 agus 409 Hübner)*

*Tabharfaidh ÚEUM fógra cuí don Choimisiún a luaithe a mheasfaidh sé go bhfuil na forálacha faoin Airteagal seo agus faoi Airteagail 22b, 23b agus 23c curtha chun feidhme ina n-iomláine.*

#### *Airteagal 22b*

##### *ÚEUM cúraimí a tharmligean chuig údaráis inniúla*

1. *I gcás inar gá sin chun cúram maoirseachta a dhéanamh go cuí, féadfaidh ÚEUM, le cinneadh, cúraimí maoirseachta sonracha a tharmligean chuig údarás inniúil Ballstáit i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh ÚEUM de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

2. *Sula ndéanfar cúram dá dtagraítear i mír 1 a tharmligean, rachaidh ÚEUM i gcomhairle leis an údarás inniúil ábhartha maidir leis na nithe uile seo a leanas:*

- (a) *raon feidhme an chúraim a bheidh le tarmligean;*
- (b) *an tráthchlár chun an cúram a chomhlíonadh;*
- (c) *tarchur na faisnéise riachtanaí ag ÚEUM agus chuici.*

3. *Déanfaidh ÚEUM athbhreithniú ar an gcinneadh maidir le tarmligean a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1 ag eatrainmh iomchuí. Féadfar tarmligean a chúlghairm aon tráth.*

4. *Ní bheidh tionchar ag tarmligean cúraimí ar fhreagracht ÚEUM agus ní chuirfidh sé teorainn le cumas ÚEUM an ghníomhaíocht tharmligthe a dhéanamh agus a mhaoirsiú.;*

(17) leasaítear Airteagal 23a mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:
  - ‘1. ***Gan dochar d’Airteagal 22a***, comhlíonfaidh ÚEUM ról comhordúcháin idir údaráis inniúla agus ar fud na gcoláistí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - (a) *cultúr maoirseachta coiteann agus cleachtais mhaoirseachta chomhsheasmhacha a fhorbairt;*
    - (b) *nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus cuir chuige chomhsheasmhacha a áirithiú;*
    - (c) *comhsheasmhacht sna torthaí maoirseachta a neartú, go háirithe maidir le réimsí maoirseachta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo nó a bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith acu;*
    - (d) *comhordú i gcásanna éigeandála a neartú i gcomhréir le hAirteagal 24;*

(b) scriostar míreanna 2, 3 agus 4;

(18) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

#### *‘Airteagal 23b*

##### *Comhghníomhaíochtaí maoirseachta*

1. *Beidh gach contrapháirtí lárnach arna údarú faoi Airteagal 14 faoi réir comhghníomhaíochtaí maoirseachta. Déanfaidh ÚEUM agus an coláiste na gníomhaíochtaí sin a chomhordú i gcomhthéacs an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta bhliantúil, agus beidh siad oscailte do rannpháirtíocht gach comhalta den choláiste ar bhonn deonach.*

2. *Cuirfear de chúram ar rannpháirtithe sna comhghníomhaíochtaí maoirseachta dualgais lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:*

- (a) *páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar an láthair de bhun Airteagal 21(3);*
- (b) *páirt a ghlacadh i measúnuithe maoirseachta ábhartha;*
- (c) *rannchuidiú leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta bliantúil, arna dhéanamh ag ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 21(1).*

2 a. *Féadfaidh ÚEUM comhordú a dhéanamh freisin, le hionchur ón gcoláiste, ar chomhghníomhaíochtaí maoirseachta i réimsí nach bhforáiltear dóibh tráth an athbhreithnithe bhliantúil roimhe sin, go háirithe maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin sin ag an gcontrapháirtí lárnach agus measúnú a dhéanamh ar aon ábhair inní maoirseachta ábhartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó shin.*

3. *Beidh ÚEUM i gceannas ar chomhghníomhaíochtaí maoirseachta a bhunú agus a chomhordú.*

4. *Rachaidh ÚEUM agus na húdaráis atá rannpháirteach sna comhghníomhaíochtaí maoirseachta i gcomhairle le chéile agus comhaontóidh siad ar úsáid acmhainní maidir leis na comhghníomhaíochtaí maoirseachta.;*

#### *Airteagal 23c*

#### **Sásra Comhfhaireacháin**

1. Bunóidh ÚEUM Sásra Comhfhaireacháin chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 2 a fheidhmiú.

Beidh an Sásra Comhfhaireacháin comhdhéanta díobh seo a leanas:

- (a) ionadaithe ó ÚEUM;
  - (b) ionadaithe ó ÚBE agus ó ÚEÁPC;
  - (c) ionadaithe ón gCoimisiún, BERS, BCE agus BCE faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa laistigh den sásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle.
- (ca) *ionadaithe bhainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí seachas an euro ina bhfuil na conarthaí díorthacha dá dtagraítear in Airteagal 7ú(2) ainmnithe.*

Déanfaidh ÚEUM bainistiú agus cathaoirleacht ar chruinnithe an tSásra Comhfhaireacháin. Féadfaidh Cathaoirleach an tSásra Comhfhaireacháin, arna iarraidh sin do chomhaltaí eile an tSásra Comhfhaireacháin nó ar a thionscnamh féin, cuireadh a thabhairt d'údarás eile páirt a ghlacadh sna cruinnithe nuair is ábhartha maidir leis na hábhair a bheidh le plé.

2. Déanfaidh an Sásra Comhfhaireacháin na nithe seo a leanas:

- (a) faireachán ar chur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 7a agus 7b, lena n-áirítear gach ceann de na nithe seo a leanas:
  - (i) na neamhchosaintí foriomlána agus laghdú ar neamhchosaintí ar sheirbhísí imréitigh a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo agus a shainaithnítear de bhun Airteagal 25(2c);
  - (ii) forbairtí a bhaineann le himréiteach i gcontrapháirtithe lárnacha a údaraítear faoi Airteagal 14 agus rochtain ar imréiteach a bheith ag cliaint na gcontrapháirtithe lárnacha sin, lena n-áirítear táillí a ghearrann na contrapháirtithe lárnacha sin as cuntais a bhunú de bhun Airteagal 7a agus aon táille a ghearrann comhaltaí imréitigh ar a gcliaint as cuntais a bhunú agus as imréiteach a dhéanamh de bhun Airteagal 7a;
  - (iii) forbairtí móra eile i gcleachtais imréitigh a bhfuil tionchar acu ar an leibhéal imréitigh ag contrapháirtithe lárnacha a údaraíodh faoi Airteagal 14;
- (b) faireachán ar chaidrimh imréitigh cliant, lena n-áirítear iniomparthacht agus comhaltaí imréitigh agus idirthuilleamaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí cliant le bonneagair eile de chuid an mhargaidh airgeadais;
- (c) rannchuidiú le measúinuithe ar fud Aontais a fhorbairt ar athléimneacht contrapháirtithe lárnacha atá dírithe ar rioscaí leachtachta, **creidmheasa agus oibríochtúla** a bhaineann le contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh agus cliaint;
- (d) rioscaí comhchruinnithe a shainaithint, go háirithe maidir le himréiteach cliant, mar gheall ar chomhtháthú mhargaí airgeadais an Aontais, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann roinnt contrapháirtithe lárnacha, comhaltaí imréitigh nó cliant úsáid as na soláthraithe seirbhíse céanna, **mar gheall ar chliaint a bhfuil rochtain acu ar an gcontrapháirtí lárnach céanna trí chomhaltaí imréitigh éagsúla an chontrapháirtí lárnaigh sin, nó mar gheall ar shuíomhanna móra a bheith á gcoinneáil ag cliaint i margáí na dtáirgí a imréitíonn an contrapháirtí lárnach, nó mar gheall ar roinnt cliant ag imréiteach trí líon beag comhaltaí imréitigh;**
- (e) faireachán ar éifeachtacht na mbeart lena ndírítear ar tharraingteacht chontrapháirtithe lárnacha an Aontais a fheabhsú, imréiteach ag contrapháirtithe lárnacha an Aontais a spreagadh agus faireachán ar rioscaí trasteorann a fheabhsú.

Oibreoidh na comhlachtaí atá rannpháirteach sa Sásra Comhfhaireacháin agus na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhar le chéile agus roinnfidh siad an fhaisnéis is gá chun na gníomhaíochtaí faireacháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh.

I gcás nach gcuirfear an fhaisnéis is gá ar fáil, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7a(4), féadfaidh ÚEUM, trí iarraidh shimplí, ceangal a chur ar chontrapháirtithe lárnacha údaraithe, ar a gcomhaltaí imréitigh agus ar a gcliaint an fhaisnéis is gá a chur ar fáil lena gcuirfear ar a chumas do ÚEUM agus do na comhlachtaí eile atá rannpháirteach sa Sásra Comhfhaireacháin an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh.

3. Déanfaidh ÚEUM, i gcomhar leis na comhlachtaí eile atá rannpháirteach sa Sásra Comhfhaireacháin, tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le torthaí a ghníomhaíochtaí de bhun mhír 2.

***I gcás inarb iomchuí, áireofar sa tuarascáil sin moltaí maidir le gníomhaíocht fhéideartha ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cothrománacha sainaitheanta.***

!



(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

*‘Airteagal 24*

**Cásanna éigeandála**

1. Cuirfidh **ÚEUM** **ÚEUM**, an coláiste, comhaltaí ábhartha CEBC, an Coimisiún agus údarais ábhartha eile ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chás éigeandála a bhaineann le contrapháirtí lárnach, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) cásanna nó teagmhais a bhfuil tionchar acu nó ar dócha go mbeidh tionchar acu ar fhóntacht stuamachta nó airgeadais nó ar athléimneacht contrapháirtithe lárnacha a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14, a gcomhaltaí imréitigh nó a gcliant;
- (b) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag contrapháirtí lárnach a phlean téarnaimh a ghníomhachtú de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/23, ina ndearna údarás inniúil beart luath-idirghabhála de bhun Airteagal 18 den Rialachán sin nó inar cheangail údarás inniúil bainistíocht shinsearach uile an chontrapháirtí lárnaigh nó cuid díobh nó bord uile an chontrapháirtí lárnaigh nó cuid díobh a chur as oifig de bhun Airteagal 19 den Rialachán sin;
- (c) i gcás ina bhfuil forbairtí i margaid airgeadais, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leachtacht an mhargaidh, do tharchur beartais airgeadaíochta, d’oibriú rianúil córas íocaíochta nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais in aon cheann de na Ballstáit ina bhfuil an contrapháirtí lárnach nó ceann dá chomhaltaí imréitigh bunaithe.

2. Comhordóidh **ÚEUM** údarais inniúla, an t-údarás réitigh arna ainmniú de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/23 agus coláistí chun freagairt choiteann a thógáil ar chásanna éigeandála a bhaineann le contrapháirtí lárnach.

3. I gcásanna éigeandála, ach amháin i gcás ina bhfuil gníomhaíocht réitigh déanta ag údarás réitigh i ndáil le contrapháirtí lárnach de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/23, agus chun freagairtí na n-údarás inniúil a chomhordú, is fíor an méid seo a leanas maidir le cruinniú den Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha:

- (a) féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha é a thionól;
  - (b) is é Cathaoirleach an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha a thionólfaidh é, arna iarraidh sin do bheirt chomhaltaí den Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha.
4. Féadfar cuireadh a thabhairt d’aon cheann de na húdarais seo a leanas chuig an gcrúinniú dá dtagraítear i mír 3, i gcás inarb ábhartha, agus breithniú á dhéanamh ar na saincheisteanna a bheidh le plé ag an gcrúinniú:

- (a) na bainc cheannais eisiúna ábhartha;
- (b) na húdarais inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhaltaí imréitigh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, BCE faoi chuimsiú na gcúraimí a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa laistigh den sásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle;
- (c) na húdarais inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar ionaid trádála;
- (d) na húdarais inniúla ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh ar chliant i gcás inarb eol cé hiad féin;
- (e) na húdarais réitigh ábhartha a ainmnítear de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/23.

I gcás ina dtionóltar cruinniú den Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh an Cathaoirleach **ÚBE**, **ÚEÁPC**, **BERS** agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus tabharfar cuireadh dóibh freisin páirt a ghlacadh sa

chruinniú sin arna iarraidh sin dóibh.

***I gcás ina dtionóltar cruinniú tar éis staid éigeandála mar a shonraítear i mír 1, pointe (c), tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh i gcónaí do na bainc cheannais eisiúna ábhartha páirt a ghlacadh sa chruinniú sin.***

5. Féadfaidh ÚEUM, trí iarraidh shimplí, a cheangal ar chontrapháirtithe lánacha údaraithe, ar a gcomhaltaí imréitigh agus ar a gcliant, ar bhonneagair nasctha de chuid an mhargaidh airgeadais agus ar thríú páirtithe gaolmhara a ndearna na contrapháirtithe lánacha sin feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun é a chur ar a chumas do ÚEUM a fheidhm chomhordúcháin a dhéanamh faoin Airteagal seo.

■

(20) leasaítear Airteagal 24a mar a leanas:

*(-a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

***‘(e) na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an triúr comhaltaí imréitigh a bhfuil na ranniocaíochtaí is mó acu, arna ríomh ar bhonn comhiomlán thar thréimhse bliana, leis an gciste mainneachtana, dá dtagraítear in Airteagal 42 den Rialachán seo, le gach ceann de na contrapháirtithe lánacha atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán seo, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, BCE faoi chuimsiú na gcúraimí maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi chuimsiú an tsásra maoirseachta aonair a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle, nach mbeidh vóta acu.’***

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) (ii):

‘(ii) i gcás ina dtagann an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lánacha le chéile i dtaca le contrapháirtithe lánacha arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 14, i gcomhthéacs an phlé a bhaineann le mír 7 den Airteagal seo, bainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí de chuid an Aontais, ar sna hairgeadraí sin atá na hionstraimí airgeadais a imréitíonn contrapháirtithe lánacha údaraithe a bhfuil comhaltas den Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lánacha iarrtha acu, agus nach mbeidh cead vótála acu.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3;

‘3. Féadfaidh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt mar bhreathnóirí chuig cruinnithe an Choiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lánacha, i gcás inarb iomchuí ■, do chomhaltaí na gcoláistí dá dtagraítear in Airteagal 18, d’ionadaithe ó údaráis ábhartha na gcliant i gcás inarb eol cé hiad féin agus ó institiúidí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais.’;

(c) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

I ndáil le contrapháirtithe lánacha atá údaraithe nó le contrapháirtithe lánacha a bhfuil iarratas ar údarú á dhéanamh acu i gcomhréir le hAirteagal 14, déanfaidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lánacha, chun críoch Airteagal 23a(2), cinntí a ullmhú agus na cúraimí sin a chuirtear ar ÚEUM sna pointí seo a leanas a chur i gcrích:’;

(ii) cuirtear isteach na pointí (ba), (bb) agus (bc) seo a leanas:

‘(ba) tosaíochtaí maoirseachta do chontrapháirtithe lánacha atá údaraithe faoi Airteagal 14 a phlé agus a shaináithint uair sa bhliain ar a laghad

- chun cur le hullmhú thosaíochtaí maoirseachta straitéiseacha an Aontais a dhéanann ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 29a de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010;
- (bb) i gcomhar le ÚBE, ÚEÁPC, agus BCE agus a chúraimí á ndéanamh aige mar chuid de shásra maoirseachta aonair faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, machnamh a dhéanamh ar aon riosca trasteorann a eascraíonn as gníomhaíochtaí contrapháirtithe lárnacha, lena n-áirítear mar gheall ar idirnascthacht, idirnaise agus rioscaí comhchruinnithe contrapháirtithe lárnacha i ngeall ar naisc thrasteorann den sórt sin;
- (bc) **dréachtchinntí** a ullmhú lena nglacadh ag an mBord Maoirseoirí **agus measúnuithe maoirseachta arna ndéanamh** i ndáil le hAirteagail 7, 8, 14 go 17ba, 20, 21 agus 24 agus Teidil IV agus V den Rialachán seo;’;

*(ii a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c:*

*‘(c) malartú agus plé rialta a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22(1) den Rialachán sin maidir leis an méid seo a leanas:*

- (i) gníomhaíochtaí ábhartha maoirseachta arna nglacadh ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 22 agus 22a agus a ndualgais á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Rialachán sin maidir le húdarú agus maoirsiú contrapháirtithe lárnacha arna mbunú ar a gcéad;*
- (ii) forbairtí ábhartha de chuid an mhargaidh, lena n-áirítear cásanna nó imeachtaí a fhágfaidh a lorg nó ar dócha dóibh a lorg a fhágáil ar fhóntacht stuamachta nó airgeadais nó teacht aniar contrapháirtithe lárnacha arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 14 nó ar a gcomhaltaí imréitigh;*
- (iii) dréachtchinntí arna dtíolacadh ag ÚEUM i gcomhréir le pointe (bc);’*
- (iii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*  
*‘Tuairisceoidh ÚEUM ar bhonn bliantúil don Choimisiún maidir leis na rioscaí trasteorann a eascraíonn as gníomhaíochtaí na gcontrapháirtithe lárnacha dá dtagraítear i bpointe (bb) sa chéad fhomhír.’;*

*(20 a) in Airteagal 24b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:*

*‘1. I ndáil le cinntí a bheidh le glacadh de bhun Airteagail 41, 44, 46, 50 agus 54 maidir le contrapháirtithe lárnacha Leibhéal 2, rachaidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha i gcomhairle leis na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 25(3). Beidh cead freagartha ag gach banc ceannais eisiúna. Pé freagra a gheofar, gheofar é tráth nach déanaí ná 10 lá oibre ó tharchuirfear an dréachtchinneadh. I gcásanna éigeandála, ní rachaidh an tréimhse thuasluaite thar 24 uair. I gcás ina molfaidh banc ceannais eisiúna leasuithe ar dhréachtmheasúnuithe nó ina ndéanfaidh sé agóid i gcoinne dréachtmheasúnuithe nó dréachtchinntí de*

*bhun Airteagail 41, 44, 46, 50 agus 54, tabharfaidh sé cúiseanna iomlána mionsonraithe, i scríbhinn. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin, breithneoidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha go cuí freagra na mbanc ceannais eisiúna.*

*2. I gcás nach léireoidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha freagra ó bhanc ceannais eisiúna ina dhréachtmheasúnú nó ina dhréachtchinneadh, cuirfidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha an banc ceannais eisiúna sin ar an eolas i scríbhinn agus luafaidh sé na cúiseanna iomlána atá aige gan freagairt an bhainc ceannais eisiúna sin a chur san áireamh, agus tabharfaidh sé míniú ar aon imeacht ón bhfreagairt sin. Cuirfidh an Coiste Maoirseachta do chontrapháirtithe lárnacha faoi bhráid an Bhoird Maoirseoirí freagraí na mbanc ceannais eisiúna agus na míniúcháin a bheidh aige maidir le gan iad a chur san áireamh lena dhréachtchinneadh.*

(21) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(-a) i mír 2, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

**‘(ca) gur thug an contrapháirtí lárnach ráiteas i scríbhinn do ESMA, arna shíniú ag a ionadaí dlíthiúil, ina léirítear toiliú neamhchoinníollach an chontrapháirtí lárnaigh na táillí is infheidhme a íoc i gcomhréir le hAirteagal 25d’;**

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fómhír:

Is ar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 maidir le contrapháirtithe lárnacha Leibhéal 1 agus i mír 2, pointí (a) go (d) agus mír 2b maidir le contrapháirtithe lárnacha Leibhéal 2 a bhunófar an cinneadh aitheantais. Laistigh de 180 lá oibre ón tráth a gcinnfear gurb iomlán don iarratas i gcomhréir leis an dara fómhír, cuirfidh ÚEUM in iúl i scríbhinn don chontrapháirtí lárnach iarrthach le míniú lán-réasúnaithe, cibé acu a deonaíodh an t-aitheantas nó a diúltaíodh dó.’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:

‘I gcás ina ndéantar an t-athbhreithniú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fómhír, déanfar é i gcomhréir le mír 2 go mír 4. I gcás ina ndéanfar an t-athbhreithniú i gcomhréir le pointe (b) den chéad fómhír, déanfar é freisin i gcomhréir le mír 2 go mír 4, ach ní cheanglófar ar an gcontrapháirtí lárnach dá dtagraítear i mír 1 iarratas nua a chur isteach ach soláthróidh sé an fhaisnéis uile is gá do ÚEUM chun a aitheantas a athbhreithniú.’;

(c) i mír 6, cuirtear isteach an fómhír seo a leanas:

‘Ar mhaithe le leasanna an Aontais, agus i bhfianaise na rioscaí a d’fhéadfaidh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais mar gheall ar rannpháirtíocht ionchasach comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas i gcontrapháirtithe lárnacha atá bunaithe i dtríú tír, féadfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fómhír a ghlacadh gan beann ar phointe (c) den fómhír sin a bheith comhlíonta nó gan é a bheith comhlíonta.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Bunóidh ÚEUM socruithe comhair éifeachtacha le húdarais inniúla ábhartha na dtríú tíortha ar sainaithníodh go bhfuil a gcreataí dlí agus maoirseachta coibhéseach leis an Rialachán seo i gcomhréir le mír 6.’;

(e) cuirtear isteach na míreanna 7a, 7b agus 7c seo a leanas:

‘7a. I gcás nár chinn ÚEUM leibhéal contrapháirtí lárnaigh go fóill nó i gcás inar

chinn ÚEUM gur contrapháirtithe lárnacha Leibhéal 1 iad na contrapháirtithe lárnacha uile nó cuid den na contrapháirtithe lárnacha i dtríú tír ábhartha, cuirfear san áireamh sna socruithe comhair dá dtagraítear i mír 7 an riosca a bhaineann leis na contrapháirtithe lárnacha sin a bheith ag cur seirbhísí imréitigh ar fáil agus sonrúfar an méid seo a leanas iontu:

- (a) an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn bliantúil idir ÚEUM, na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann, ionas go mbeidh ÚEUM in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - (i) a áirithiú go gcomhlíonfaidh an contrapháirtí lárnach na coinníollacha maidir le haitheantas faoi mhír 2;
  - (ii) aon tionchar ábhartha féideartha ar leachtacht an mhargaidh nó ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a shainaitheint; and
  - (iii) faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí imréitigh i gceann amháin, nó níos mó, de na contrapháirtithe lárnacha atá bunaithe sa tríú tír sin ag comhaltaí imréitigh atá bunaithe san Aontas, nó ar cuid de ghrúpa é atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas.
- (b) go heisceachtúil, an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn ráithiúil lena n-éilítear faisnéis mhionsonraithe lena gcumhdaítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2a, ***mar aon leis an sásra chun faisnéis ar fhorbairtí margaidh a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais a mhalartú***, agus go háirithe faisnéis maidir le hathruithe móra ar shamhlacha riosca agus ar pharaiméadair riosca, leathnú gníomhaíochtaí agus seirbhísí CPL agus athruithe ar struchtúr na gcliantchuntas, agus é d'aidhm aige sin a bhrath an bhféadfadh CPL a bheith gar do bheith tábhachtach go sistéamach, nó an bhféadfadh gur dócha go mbeidh tábhacht shistéamach leis, maidir le cobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit.
- (c) an sásra chun fógra pras a thabhairt do ÚEUM i gcás ina measfaidh údarás inniúil tríú tír go bhfuil coinníollacha a údaraithe nó dlí eile a bhfuil sé faoina réir á sárú ag contrapháirtí lárnach a bhfuil maoirseacht á déanamh ag an údarás inniúil air;
- (ca) ***an sásra trína ndéanfaidh údarás inniúil tríú tír fógra pras a thabhairt do ÚEUM i gcás ina mbeidh sé beartaithe ag CPL tríú tír a ghníomhaíochtaí agus a sheirbhísí a leathnú agus a laghdú;***
- (d) na nósanna imeachta is gá chun go ndéanfar faireachán éifeachtach ar fhorbairtí rialála agus maoirseachta i dtríú tír;
- (e) na nósanna imeachta ***lena gcuirfidh údaráis tríú tír ÚEUM, an coláiste do CPLanna tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 25c, agus na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), ar an eolas gan moill mhíchúí faoi aon chás éigeandála a bhaineann leis an CPL aitheanta, lena n-áirítear forbairtí i margáí airgeadais, a bhféadfadh éifeacht dhochrach a bheith acu ar leachtacht an mhargaidh agus ar chobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas nó i gceann dá Bhallstáit, agus na nósanna imeachta agus na pleananna teagmhasacha chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin;***
- (f) na nósanna imeachta lena n-áiríteoidh údaráis tríú tír forfheidhmiú éifeachtach na gcinntí a ghlacfaidh ÚEUM i gcomhréir le hAirteagail 25f,

25j, 25k(1), pointe (b), 25l, 25m agus 25p;

(g) toiliú ó na húdaráis tríú tír maidir le haon fhaisnéis a thug siad do ÚEUM a chomhroinnt ina dhiaidh sin faoi na socruithe comhair leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 3 agus le comhaltaí an choláiste do CPLanna tríú tír, faoi réir na gceanglas rúndachta gairmiúla a leagtar amach in Airteagal 83.

7b. I gcás inar chinn ÚEUM gur CPL Leibhéal 2 é CPL amháin ar a laghad i dtríú tír ábhartha, sonrófar sna socruithe comhair dá dtagraítear i mír 7 an méid seo a leanas ar a laghad i ndáil leis na CPLanna Leibhéal 2 sin:

- (a) na gnéithe dá dtagraítear i mír 7a, pointí (a), (c), (d), (e) agus (g), i gcás nach bhfuil socruithe comhair bunaithe cheana féin leis an tríú tír ábhartha de bhun an dara fómhír;
- (b) an sásra chun faisnéis a mhalartú ar bhonn míosúil **ar a laghad, de réir mar is iomchuí**, idir ÚEUM, na bainc cheannais eisiúna dá dtagraítear i mír 3, pointe (f), agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear rochtain ar an fhaisnéis uile a d'iarr ÚEUM chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an CPL na ceanglais dá dtagraítear i mír 2b;
- (c) na nósanna imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú, lena n-áirítear comhaontú údarás tríú tír imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a cheadú i gcomhréir le hAirteagail 25g agus 25h faoi seach;
- (d) na nósanna imeachta lena n-áirítear údaráis tríú tír forfheidhmiú éifeachtach na gcinntí a ghlacfaidh ÚEUM i gcomhréir le hAirteagail 25b, 25f go 25m, 25p agus 25q;
- (e) na nósanna imeachta trína ndéanfaidh údaráis tríú tír an méid seo a leanas:

*(i) dul i gcomhairle le ÚEUM maidir le hullmhú pleananna téarnaimh agus pleananna réitigh i ndáil le gnéithe atá ábhartha don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit;*

*(ii) ÚEUM a chur ar an eolas go pras faoi bhunú pleananna téarnaimh agus pleananna réitigh agus faoi aon athrú ábhartha ina dhiaidh sin ar phleananna den sórt sin i ndáil le gnéithe atá ábhartha don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit;*

*(iii) ÚEUM a chur ar an eolas go pras má tá sé beartaithe ag CPL Leibhéal 2 a phlean téarnaimh a chur i ngníomh nó i gcás inar chinn na húdaráis tríú tír go bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil géarchéim ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibríochtaí an CPL sin, go háirithe don chumas atá aige seirbhísí imréitigh a sholáthar nó i gcás ina mbeartaíonn na húdaráis tríú tír gníomhaíocht réitigh a dhéanamh go luath sa todhchaí.*

7c. I gcás ina measann ÚEUM nach ndearna údarás inniúil tríú tír aon cheann de na forálacha arna leagan síos i socrú comhair arna bhunú i gcomhréir le míreanna 7, 7a agus 7b, a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé é sin in iúl don Choimisiún faoi rún agus gan mhoill. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an gníomh cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le mír 6 a athbhreithniú.;

*(21a) in Airteagal 25a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:*

*'1. Féadfaidh CPL dá dtagraítear in Airteagal 25(2b) iarraidh réasúnaithe a dhéanamh go ndéanfadh ÚEUM measúnú ar cibé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar a mheas gurb amhlaidh, tríd an gcreat tríú tír is infheidhme a chomhlíonadh, agus forálacha an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal*

*25(6) á gcur san áireamh, a chomhlíonann an CPL sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16 agus i dTeideal IV agus i dTeideal V. Cuirfidh ÚEUM an iarraidh faoi bhráid an choláiste do CPLanna tríú tír láithreach.*

*2. Beidh an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ina bonn fíorasach lena chinneadh go bhfuil inchomparáideacht ann agus leis na cúiseanna a ndéantar, trí na ceanglais is infheidhme sa tríú tír a chomhlíonadh, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16 agus i dTeideal IV agus i dTeideal V a chomhall. Déanfaidh CPL Leibhéal 2 a iarraidh réasúnaithe, dá dtagraítear faoi mhír 1, a thíolacadh i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 17c.*

*Deonóidh ÚEUM comhlíonadh inchomparáide, go páirteach nó go hiomlán, i gcás ina gcinnfidh sé, bunaithe ar an iarraidh réasúnaithe arna tíolacadh faoi mhír 1 den Airteagal seo, go ndéanann CPL Leibhéal 2, trí na ceanglais ábhartha is infheidhme sa tríú tír a chomhlíonadh, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16 agus i dTeideal IV agus Teideal V a chomhall agus, uime sin, an ceanglas maidir le haitheantas faoi Airteagal 25(2b)(a) a chomhlíonadh.*

*Tarraingeoidh ÚEUM siar, go hiomlán nó i ndáil le ceanglas ar leith, an comhlíonadh inchomparáide, i gcás nach ndéanann CPL Leibhéal 2 na coinníollacha maidir le comhlíonadh inchomparáide a chomhlíonadh a thuilleadh agus i gcás nach ndearna an CPL sin an ghníomhaíocht feabhais arna hiarraidh ag ÚEUM laistigh de thréimhse ama socraithe. Agus é ag cinneadh dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh an comhlíonadh inchomparáide a tharraingt siar, déanfaidh ÚEUM a dhícheall foráil a dhéanamh do thréimhse oiriúnaithe iomchuí nach mairfidh níos faide ná 6 mhí.*

*I gcás ina ndéonaítear comhlíonadh inchomparáide, beidh ÚEUM freagrach i gcónaí as a dhualgais a chomhlíonadh agus a chúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear faoi Airteagail 25 agus 25b, agus leanfaidh sé dá chumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 25c go 25d, 25f go 25m agus 25p go 25r a fheidhmiú.*

*Gan dochar do chumas ÚEUM na cúraimí sin a dhéanamh, i gcás inar deonaíodh comhlíonadh inchomparáide, comhaontóidh ÚEUM socruithe riaracháin le húdaráis an tríú tír chun malartú iomchuí faisnéise agus comhair a áirithiú i dtreo is go bhféadfaidh ÚEUM faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh inchomparáide ar bhonn leanúnach.'*

(22) in Airteagal 25b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Iarrfaidh ÚEUM gach ceann díobh seo a leanas ó gach CPL Leibhéal 2:

- (i) deimhniú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 25(2b) pointí (a), (c) agus (d) fós á gcomhlíonadh;
- (ii) faisnéis agus sonraí ar bhonn rialta chun a áirithiú go bhfuil ÚEUM in ann maoirseacht a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na CPLanna sin na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 25(2b), pointe (a).’;

(22a) *Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25f:*

*“1. Féadfaidh ÚEUM a cheangal ar CPLanna aitheanta, agus ar thríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna sin feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun a chur ar chumas ÚEUM a chúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo.*

*2. Féadfaidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina faisnéis thréimhsiúil nó aonuaire.*

*3. Tráth a cheanglaíonn ÚEUM go soláthrófaí faisnéis faoi mhír 1, léireoidh sé na nithe seo a leanas go léir:*

- (a) tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí na hiarrata;*
- (b) cuspóir na hiarrata;*
- (c) an fhaisnéis is gá;*
- (d) an teorainn ama ar laistigh di nach mór an fhaisnéis a sholáthar;*
- (e) i gcás inar faisnéis thréimhsiúil an fhaisnéis, an tréimhsiúlacht ar dá réir a bheidh an fhaisnéis le soláthar;*
- (f) na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 25k i gcás ina mbeidh an fhaisnéis is gá neamhiomlán;*
- (g) an fhíneáil dá bhforáiltear in Airteagal 25j, i dteannta phointe (a) de Roinn V d'Iarscríbhinn III, as mainneachtain an fhaisnéis is gá a sholáthar nó i gcás na freagraí ar cheisteanna arna gcur a bheith mícheart nó míthreorach.*

*4. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 1 nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha nó comhlachais nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreacht an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar. Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcliant. Leanfaidh na cliaint sin de bheith freagrach go hiomlán más amhlaidh an fhaisnéis a sholáthrófar a bheith neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.*

*5. Déanfaidh ÚEUM, gan mhoill, cóip den iarraidh a chur chuig údarás inniúil ábhartha an tríú tír ina bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1, lena mbaineann an iarraidh ar fhaisnéis, lonnaithe nó bunaithe.’*

(22b) *cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:*

*‘Airteagal 25fa*

*Tuairisciú tréimhsiúil arna dhéanamh ag CPLanna tríú tír*

*1. Déanfaidh CPLanna aitheanta raon feidhme a ngníomhaíochta imréitigh a thuairisciú do ÚEUM ar bhonn bliantúil, agus sonrúidh siad na nithe seo a leanas go léir ar a laghad:*



- (a) *cineál na n-ionstraimí airgeadais nó na gconarthaí neamhairgeadais arna n-imréiteach;*
- (b) *na luachanna, na méideanna agus an éarlais arna mbreacadh thar bhliain amháin in aghaidh an airgeadra agus in aghaidh na haicme sócmhainne;*
- (c) *a láimhdeachas domhanda bliantúil de thoradh na seirbhísí imréitigh arna soláthar;*
- (d) *figiúirí nuashonraithe maidir le táscairí na risíochta íosta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1303 ón gCoimisiún;*
- (e) *in aghaidh an chomhalta imréitigh atá bunaithe san Aontas nó ina chuid de ghrúpa atá faoi réir maoirseacht chomhdhlúite san Aontas:*
  - (i) *méid na n-éarlaisí arna mbailiú;*
  - (ii) *na ranníocaíochtaí leis an gciste mainneachtana;*
  - (iii) *an oibleagáid íocaíochta is mó;*
  - (iv) *méid na n-acmhainní airgeadais leachtacha iomlána a gealladh don chontrapháirtí lárnach. 2. Déanfaidh ÚEUM an fhaisnéis a tharchur chuig an Sásra Comhfhaireacháin dá dtagraítear in Airteagal 23c.*

3. *Déanfaidh ÚEUM, tar éis dó dul i gcomhairle le CEBC agus le BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonrúfar a thuilleadh mionsonraí agus cineál na dtuarascálacha mar aon leis na modhanna agus na socruithe chun an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo a thuairisciú, agus an fhaisnéis atá ar fáil cheana do ÚEUM faoin gcreat tuairiscithe atá ann cheana, lena n-áirítear faoi Airteagal 9 den Rialachán seo, á cur san áireamh.*

*Déanfaidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*

*Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

4. *Chun a áirithiú go gcuirfear mír 2 i bhfeidhm de réir coinníollacha aonfhoirmeacha, forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, i ndlúthchomhar le CEBC, ina sonrúfar na caighdeáin agus na formáidí sonraí chun an fhaisnéis a thuairisciú.*

*Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin á bhforbairt aige, déanfaidh ÚEUM forbairtí agus caighdeáin idirnáisiúnta arna gcomhaontú ar an leibhéal idirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus a gcomhsheasmhacht leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 9, a chur san áireamh.*

*Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh sin].*

*Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;*

(23) *Leasaítear Airteagal 25(p) mar a leanas:*

*(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c:*

*‘(c) rinne an CPL lena mbaineann aon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán seo a shárú go tromchúiseach agus go córasach nó ní chomhlíonann sé a thuilleadh aon cheann de na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos in Airteagal 25 agus ní dhearna sé an ghníomhaíocht feabhais arna hiarraidh ag ÚEUM laistigh de thréimhse iomchuí nárbh fhaide ná aon bhliain amháin.’;*

*(b) cuirtear an pointe seo a leanas leis:*

*‘(f) níor íoc an CPL lena mbaineann na táillí is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 25ú agus ní dhearna sé an cór a leigheas laistigh de thréimhse iomchuí arna socrú ag ÚEUM.’;*

(24) cuirtear isteach an tAirteagal 25r seo a leanas:

‘Airteagal 25r

**Fógra poiblí**

Gan dochar d’Airteagail 25p agus 25q, féadfaidh ÚEUM fógra poiblí a eisiúint i gcás inar comhlíonadh gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) níl na táillí atá dlite faoi Airteagal 25d íoctha ag CPL tríú tír nó níl fineálacha atá dlite faoi Airteagal 25j nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla atá dlite faoi Airteagal 25k íoctha aige;
- (b) níl aon ghníomhaíocht feabhais déanta ag an CPL a d’iarr ÚEUM in aon cheann de na cásanna a leagtar síos in Airteagal 25p(1), pointe (c) laistigh de thréimhse ama a socraíodh go hiomchuí a mhairfidh suas le sé mhí.’;

(25) in Airteagal 26(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Beidh socrúithe rialachais láidre ag contrapháirtí lárnach, lena n-áirítear struchtúr eagrúcháin soiléir a mbeidh freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha ann, próisis éifeachtacha chun na rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le sásraí leordhóthanacha um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fóna ó thaobh an riaracháin agus na cuntasáíochta de. ***Gan dochar do shocrúithe idir-inoibritheachta ná do ghníomhaíochtaí imréitigh chun críocha Airteagal 47***, ní bheidh contrapháirtí lárnach ina chomhalta imréitigh, ina chliant, ná ní éireoidh sé ina chomhalta imréitigh, ina

chliant, ná ní bhunóidh sé socruithe indíreacha imréitigh le comhalta imréitigh agus é d'aidhm aige tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imréitigh ag contrapháirtí lárnach.;

(25 a) *in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:*

*"8. Déanfar iniúchtaí minice agus neamhspleácha ar na contrapháirtithe lárnacha. Cuirfear torthaí na n-iniúchtaí sin in iúl don bhord agus cuirfear ar fáil do ÚEUM agus d'údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh iad."*

(25 b) *Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:*

*(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*"2a. Tabharfar aird chuí ar phrionsabal na cothromaíochta inscne i gcomhdhéanamh Bhord an chontrapháirtí lárnaigh";*

*(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

*'3. Déanfaidh contrapháirtí lárnach ról agus freagrachtaí an bhoird a chinneadh go soiléir agus cuirfidh sé miontuairiscí na gcrúinnithe boird ar fáil do ÚEUM, d'údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus do na hiniúcháirí.;*

(25 c) *Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:*

*'Airteagal 28*

*Coiste riosca*

*1. Bunóidh an chontrapháirtí lárnach coiste riosca, ar a mbeidh ionadaithe a chomhaltaí imréitigh, comhaltaí neamhspleácha den bhord, agus ionadaithe a chliant. Féadfaidh an coiste riosca cuireadh a thabhairt d'fhostaithe an chontrapháirtí lárnaigh agus do shaineolaithe seachtracha freastal ar chruinnithe den choiste riosca ach gan vóta a bheith acu. Féadfaidh ÚEUM agus údaráis inniúla a iarraidh freastal ar chruinnithe an choiste riosca ach gan vóta a bheith acu agus a bheith curtha ar an eolas mar is cuí faoi ghníomhaíochtaí agus faoi chinntí an choiste riosca. Beidh comhairle an choiste riosca neamhspleách ar aon tionchar díreach ó bhainistíocht an chontrapháirtí lárnaigh. Ní bheidh tromlach ar an gcoiste riosca ag grúpa ar bith de ghrúpaí na n-ionadaithe.*

*2. Déanfaidh an chontrapháirtí lárnach an sainordú, na socruithe rialachais chun a neamhspleáchas a áirithiú, na nósanna imeachta oibriúcháin, na critéir iontrála agus an sásra toghcháin le haghaidh chomhaltaí an choiste riosca a chinneadh go soiléir. Beidh na socruithe rialachais ar fáil don phobal agus cinnfidh siad, ar a laghad, go mbeidh an coiste riosca faoi chathaoirleacht comhalta neamhspleách den bhord, go dtuairisceoidh sé go díreach don bhord agus go reáchtálfadh sé cruinnithe rialta.*

*3. Cuirfidh an coiste riosca comhairle ar an mbord faoi aon socrú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhainistiú riosca an CPL, amhail athrú suntasach ar a shamhail riosca, na nósanna imeachta mainneachtana, na critéir maidir le comhaltaí imréitigh*

*a ghlacadh, imréiteach aicmí nua ionstraimí, nó eisfhoinsiú feidhmeanna. Déanfaidh an coiste riosca aon riosca nua a dhéanann difear d'athléimneacht an CPL a chur in iúl don bhord go tráthúil. Ní theastaíonn comhairle an choiste riosca d'oibríochtaí laethúla an CPL. Déanfar iarrachtaí réasúnacha ar dhul i gcomhairle leis an gcoiste riosca maidir le forbairtí a bhfuil tionchar acu ar bhainistiú riosca an CPL i gcásanna éigeandála, lena n-áirítear maidir le forbairtí atá úbhartha do neamhchosaintí chomhaltaí imréitigh ar an CPL agus idirthuilleamaíochtaí le CPLanna eile.*

4. *Gan dochar do cheart ÚEUM agus na n-údarás inniúil a bheith curtha ar an eolas mar is cuí, beidh comhaltaí an choiste riosca faoi cheangal ag rúndacht. I gcás ina gcinneadh cathaoirleach an choiste riosca go bhfuil coinbhleacht leasa nó go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag comhaltaí maidir le hábhar ar leith, ní bheidh cead ag an gcomhalta sin vótáil ar an ábhar sin.*

5. *Cuirfidh CPL ÚEUM, an t-údarás inniúil agus an coiste riosca ar an eolas go pras faoi aon chinneadh ina gcinneann an bord gan comhairle an choiste riosca a leanúint agus míneoidh sé an cinneadh sin. Féadfaidh an coiste riosca nó aon chomhalta den choiste riosca an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoi aon réimse ina measann sé nár leanadh comhairle an choiste riosca.”;*

(25 e) *Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:*

*‘Airteagal 30*

*Scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu*

1. *Ní údaróidh ÚEUM contrapháirtí lárnach mura rud é go mbeidh sé curtha ar an eolas faoi chéannacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, bídis ina scairshealbhóirí nó ina gcomhaltaí díreacha nó indíreacha, nó ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus faoi mhéideanna na sealúchas sin.*

2. *Diúltóidh ÚEUM contrapháirtí lárnach a údarú mura deimhin leis oiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu sa chontrapháirtí lárnach, ag féachaint don ghá le bainistíocht fhónta agus stuama an chontrapháirtí lárnaigh a áirithiú.*

3. *I gcás ina bhfuil dlúthnaisc idir an contrapháirtí lárnach agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile, ní dheonóidh ÚEUM údarú ach amháin i gcás nach gcuirfidh na naisc sin bac ar fheidhmeanna maoirseachta an údaráis inniúil a fheidhmiú go héifeachtach.*

4. *I gcás ina n-imríonn na daoine dá dtagraítear i mír 1 tionchar is dócha dochar a dhéanamh do bhainistíocht fhónta agus stuama an chontrapháirtí lárnaigh, déanfaidh ÚEUM bearta iomchuí chun deireadh a chur leis an staid sin, a bhféadfadh tarraingt siar údarú an chontrapháirtí lárnaigh a bheith ina measc.*

5. *Diúltóidh ÚEUM údarú a dheonú i gcás ina bhfágann dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin tríú tír lena rialaítear duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó lena bhfuil dlúthnaisc ag an gcontrapháirtí lárnach, nó deacrachtaí maidir lena bhforfheidhmiú, nach féidir ar fheidhmeanna maoirseachta ÚEUM a fheidhmiú go héifeachtach.”;*

(26) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:*

*‘Airteagal 31*

*Faisnéis do ÚEUM agus na húdaráis inniúla*

1. *Tabharfaidh an contrapháirtí lárnach fógra do ÚEUM agus dá údarás inniúil faoi aon athrú ar a bhainistíocht, agus soláthróidh sé an fhaisnéis go léir is gá do ÚEUM i dtreo is go bhféadfaidh sé measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíontar Airteagal 27(1) agus Airteagal 27(2), an dara fómhír.*

*I gcás inar dócha go ndéanfaidh iompar comhalta den bhord dochar do bhainistíocht fhónta agus stuama an chontrapháirtí lárnaigh, déanfaidh ÚEUM bearta iomchuí, a bhféadfadh an comhalta sin a bhaint den bhord a bheith mar chuid díobh.*

2. *Aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó na daoine sin atá ag gníomhú de chomhbheart dóibh (an ‘faighteoir beartaithe’), ag a bhfuil cinneadh déanta sealúchas cáilitheach i gcontrapháirtí lárnach a fháil, go díreach nó go hindíreach, nó an sealúchas cáilitheach sin i gcontrapháirtí lárnach a mhéadú tuilleadh, go díreach nó go hindíreach, a d’fhágfaidh go mbainfeadh céatadán na gceart vótála nó an chaipitil atá ar teachtadh 10 %, 20 %, 30 % nó 50 % amach nó go sáróidh sé an céatadán sin nó chun go dtiocfadh an contrapháirtí lárnach chun bheith ina fhochuideachta aige (an ‘éadáil bheartaithe’), tabharfaidh sé, ar dtús, fógra i scríbhinn faoi sin do ÚEUM agus d’údarás inniúil an CPL ina bhfuil siad ag iarraidh sealúchas cáilitheach a fháil nó a mhéadú, ina léireofar méid an tsealúchais atá beartaithe agus an fhaisnéis chuí, amhail dá dtagraítear in Airteagal 32(4).*

*Aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil cinneadh déanta sealúchas cáilitheach i gcontrapháirtí lárnach (an ‘díoltóir beartaithe’) a dhiúscairt, go díreach nó go hindíreach, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don údarás inniúil ar dtús ina thaobh sin, ina léireofar méid an tsealúchais sin. Tabharfaidh an duine sin fógra do ÚEUM agus don údarás inniúil freisin i gcás ina bhfuil cinneadh déanta aige sealúchas cáilitheach a laghdú ionas go dtitfeadh céatadán na gceart vótála nó an chaipitil atá ar teachtadh faoi bhun 10 %, 20 %, 30 % nó 50 % nó ionas go scoirfeadh an contrapháirtí lárnach de bheith ina fhochuideachta ag an duine sin.*

*Ar shlí phras agus in aon chás laistigh de dhá lá oibre ón bhfógra dá dtagraítear sa mhír seo a fháil, agus ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fháil, admhóidh ÚEUM i scríbhinn don faighteoir beartaithe nó don díoltóir beartaithe go bhfuil siad faighte aige agus comhroinnfidh sé an fhaisnéis leis an údarás inniúil agus leis an gcoláiste.*

*Laistigh de 60 lá oibre amhail ón dáta a n-admhófar i scríbhinn go bhfuarthas an fógra agus ar gá na doiciméid uile a chur i gceangal leis an bhfógra ar bhonn an liosta dá dtagraítear in Airteagal 32(4) agus mura rud é go ndéanfar é a fhadú i gcomhréir leis an Airteagal sin, ('an tréimhse mheasúnaithe'), déanfaidh ÚEUM an measúnú dá bhforáiltear in Airteagal 32(1) ('an measúnú'). Eiseoidh an coláiste tuairim de bhun Airteagal 19 i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 17b le linn na tréimhse measúnaithe.*

*3. Féadfaidh an t-údarás inniúil, ÚEUM agus an coláiste, le linn na tréimhse measúnaithe, i gcás inar gá, ach tráth nach déanaí ná an 50ú lá oibre den tréimhse measúnaithe, aon fhaisnéis bhreise a iarraidh a bhfuil gá léi chun an measúnú a chur i gcrích. Déanfar an iarraidh sin i scríbhinn agus sonrófar an fhaisnéis bhreise is gá inti.*

*Brisfear an tréimhse measúnaithe go ceann na tréimhse idir dáta na hiarrata ar fhaisnéis ó ÚEUM agus an dáta a bhfaighidh an faighteoir beartaithe freagra uirthi. Ní sháróidh an briseadh 20 lá oibre. Beidh sé de rogha ag an údarás inniúil iarrataí breise a dhéanamh ar chomhlánú na faisnéise, nó ar shoiléiriú uirthi, ach ní gá go mbrisfear an tréimhse measúnaithe dá bharr.*

*4. Féadfaidh ÚEUM an briseadh dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 3 a fhadú de 30 lá oibre ar a mhéad i gcás ina bhfuil an faighteoir beartaithe nó an díoltóir beartaithe:*

- (a) lonnaithe nó rialaithe lasmuigh den Aontas;*
- (b) ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach nach bhfuil faoi réir maoirseachta faoin Rialachán sin nó faoi Threoir 73/239/CEE, Treoir 92/49/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1992 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach seachas árachas saoil (17), nó Treoracha 2002/83/CE, 2003/41/CE, 2004/39/CE, 2005/68/CE, 2006/48/CE, 2009/65/CE nó 2011/61/AE.*

*5. I gcás ina gcinneadh ÚEUM, nuair a bheidh an measúnú críochnaithe, cur i gcoinne na héadála beartaithe, déanfaidh sé, laistigh de dhá lá oibre, agus gan an tréimhse measúnaithe a shárú, an faighteoir beartaithe a chur ar an eolas faoi sin i scríbhinn agus déanfaidh sé na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin a sholáthar dó. Tabharfaidh ÚEUM fógra dá réir sin don údarás inniúil agus don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 18. Faoi réir an dlí náisiúnta, féadfar rochtain ar ráiteas iomchuí faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh a sholáthar don phobal arna iarraidh sin don fhaighteoir beartaithe. Féadfaidh ÚEUM an nochtadh sin a dhéanamh in éagmais iarraidh ón bhfaighteoir beartaithe, úfach.*

*6. I gcás nach gcuirfidh ÚEUM i gcoinne na héadála beartaithe laistigh den tréimhse measúnaithe, measfar í a bheith formheasta.*

*7. Féadfaidh ÚEUM uastréimhse a shocrú chun an éadail bheartaithe a dhéanamh agus í a fhadú i gcás inarb iomchuí.'*

(27) in Airteagal 32(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Beidh measúnú an údaráis inniúil maidir leis an bhfógra dá bhforáiltear in Airteagal 31(2) agus maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 31(3), faoi réir tuairim ón gcoláiste de bhun Airteagal 19 agus tuairim ó ÚEUM de bhun Airteagal 24a(7), an chéad fhomhír, pointe (bc), a eisíodh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.’;

*(27 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:*

*‘Airteagal 32*

*Measúnú*

*"1. Agus measúnú á dhéanamh aige ar an bhfógra a ndéantar foráil dó in Airteagal 31(2) agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 31(3), tabharfaidh ÚEUM, chun bainistiú fóna agus stuama an chontrapháirtí lárnaigh ina bhfuil éadail beartaithe a úirithiú, agus ag féachaint don tionchar is dócha a bheidh ag an bhfaighteoir beartaithe ar an gcontrapháirtí lárnaigh, breithmheas ar oiriúnacht an fhaighteora beartaithe agus ar fhóntacht airgeadais na héadála beartaithe maidir leis an méid seo a leanas go léir:*

- (a) dea-cháil agus fóntacht airgeadais an fhaighteora beartaithe;*
- (b) clú agus taithí aon duine a stiúrfaidh gnó an chontrapháirtí lárnaigh mar thoradh ar an éadail beartaithe;*
- (c) an mbeidh an contrapháirtí lárnaigh in ann an Rialachán sin a chomhlíonadh agus leanúint dá gcomhlíonadh;*
- (d) an bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil nó go raibh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí de réir bhrí Airteagal I de Threoir 2005/60/CE nó iarracht air á déanamh, nó go bhféadfadh an éadail beartaithe an riosca ina leith a mhéadú.*

*I gcás ina bhfuil fóntacht airgeadais an fhaighteora beartaithe á mheasúnú aige, tabharfaidh ÚEUM aird ar leith ar an gcineál gnó a dhéantar agus atáthar ag brath a dhéanamh sa chontrapháirtí lárnaigh ina bhfuil an éadail beartaithe.*

*I gcás ina bhfuil inniúlacht an chontrapháirtí lárnaigh an Rialachán sin a chomhlíonadh á mheasúnú aige, tabharfaidh ÚEUM aird ar leith air i dtaobh an bhfuil struchtúr ag an ngrúpa a mbeidh sé mar chuid de lenar féidir maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, faisnéis a mhalartú go héifeachtach i measc na n-údarás inniúil agus leithdháileadh na bhfreagrachtaí i measc na n-údarás inniúil a chinneadh.*

*Beidh measúnú an údaráis inniúil maidir leis an bhfógra dá bhforáiltear in Airteagal 31(2) agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 31(3) faoi réir tuairim ón gcoláiste de bhun Airteagal 19.*

2. *Ní fhéadfaidh ÚEUM cur i gcoinne na héadála beartaithe, ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnta ann lena dhéanamh ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i mír 1 nó i gcás inar chuir an faighteoir beartaithe faisnéis neamhiomlán ar fáil.*

3. *Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon choinníoll roimh ré maidir le leibhéal an tsealúchais a gheofar.*

4. *Cuirfidh ÚEUM liosta ar fáil don phobal ina sonrú an fhaisnéis atá de dhíth chun an measúnú a dhéanamh, agus ar liosta é a dhéanfar a sholáthar do ÚEUM agus do na húdaráis inniúla tráth an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 31(2) a thabhairt. Beidh an fhaisnéis atá de dhíth comhréireach agus beidh sí oiriúnaithe do nádúr an fhaighteora bheartaithe agus na héadála beartaithe. Ní éileoidh ÚEUM faisnéis nach bhfuil ábhartha i leith measúnú stuamachta.*

5. *D'ainneoin Airteagal 31(2), (3) agus (4), i gcás inar tugadh fógra do ÚEUM agus don údarás inniúil faoi dhá thogra nó níos mó chun sealúchais cháilitheacha a fháil nó a mhéadú sa chontrapháirtí lárnach céanna, caithfidh an t-údarás inniúil leis na faighteoirí beartaithe ar mhodh neamh-idirdhealaitheach.*

6. *Comhoibreoidh ÚEUM agus na húdaráis inniúla iomchuí go dlúth le chéile nuair a bheidh an measúnú á dhéanamh i gcás inar ceann díobh seo a leanas an faighteoir beartaithe:*

(a) *contrapháirtí lárnach eile, institiúid chreidmheasa, gnóthas árachais, gnóthas atharachais, gnólacht infheistíochta, oibreoir margaidh, oibreoir córas socraíochta urrús, cuideachta bainistíochta gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe nó bainisteoir cistí infheistíochta malartacha atá údaraithe i mBallstát eile;*

(b) *máthairghnóthas contrapháirtí lárnaigh eile, institiúid chreidmheasa gnóthas árachais, gnóthas atharachais, gnólacht infheistíochta, oibreoir margaidh, oibreoir córas socraíochta urrús, cuideachta bainistíochta gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe nó bainisteoir cistí infheistíochta malartacha atá údaraithe i mBallstát eile;*

(c) *duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn contrapháirtí lárnach eile, institiúid chreidmheasa gnóthas árachais, gnóthas atharachais, gnólacht infheistíochta, oibreoir margaidh, oibreoir córais socraíochta urrús, cuideachta bainistíochta gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe nó bainisteoir cistí infheistíochta malartacha atá údaraithe i mBallstát eile.*

7. *Aon fhaisnéis atá sár-riachtanach nó atá ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe, soláthróidh ÚEUM agus na húdaráis inniúla dá chéile í gan aon mhoill mhíchuí. Cuirfidh ÚEUM agus na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin orthu, an fhaisnéis ábhartha ar fad in iúl dá chéile agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha ar fad in iúl ar a dtionscnamh féin. I gcinneadh ó ÚEUM chun an contrapháirtí lárnach ina bhfuil an éadáil beartaithe a údarú, léireofar aon tuairim nó amhras arna gcur in iúl ag ÚEUM nó ag an údarás inniúil atá freagrach as an bhfaighteoir*



**beartaithe.**

(28) Leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:  
‘Ní dhéanfaidh contrapháirtí lárnach mórghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca a eisfhoinsiú mura rud é go mbeidh an t-eisfhoinsiú sin formheasta ag **ÚEUM**. Beidh cinneadh **ÚEUM** faoi réir tuairim ón gcoláiste de bhun Airteagal 19 i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.’;

(aa) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*

**‘2. Cuirfidh ÚEUM de cheangal ar an gcontrapháirtí lárnach a chearta agus a oibleagáidí, agus cearta agus oibleagáidí an tsoláthraí seirbhíse, a leithdháileadh agus a leagan amach go soiléir i gcomhaontú i scríbhinn’**

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. An fhaisnéis uile is gá chun gur féidir leis an údarás inniúil, ÚEUM agus an coláiste measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíontar an Rialachán seo i bhfeidhmiú na ngníomhaíochtaí eisfhoinisithe, cuirfidh contrapháirtí lárnach an fhaisnéis sin ar fáil nuair a iarrtar í.’;

(ba) *cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:*

**‘4. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar ceanglais nithiúla na socruithe seachfhoinisithe agus na critéir lena gcinntear gníomhaíochtaí móra i dtaca le bainistiú riosca an CPL, agus le feidhmeanna criticiúla eile an CPL, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].**

*Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

**5. Chun a áirithiú go ndéanfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm de réir coinníollacha aonfhoirmeacha, forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrúfar an méid seo a leanas:**

- (a) *an fhaisnéis íosta a bheidh le háireamh sna comhaontuithe i scríbhinn i gcomhréir le mír 2;*

- (b) *an cineál faisnéise a bheidh le cur faoi bhráid an údaráis inniúil agus ÚEUM i gcomhréir le mír 3;*

***Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].***

***Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’***

(29) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:  
 ‘1. Bunóidh contrapháirtí lárnach, i gcás inarb iomchuí de réir an chineáil táirge a imréitítear, catagóirí na gcomhaltaí imréitigh atá inghlactha agus na critéir iontrála, le comhairle ón gcoiste riosca de bhun Airteagal 28(3). Beidh na critéir sin neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus oibiachtúil ionas gur féidir rochtain chothrom agus oscailte ar an gcontrapháirtí lárnach a áirithiú agus áiritheofar leo go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus cumas oibríochtúil leordhóthanach ag comhaltaí imréitigh chun na hoibleagáidí a bhaineann le bheith páirteach i gcontrapháirtí lárnach a chomhlíonadh. Ní cheadófar critéir a úsáid a chuireann srian le rochtain ach amháin sa mhéid is gurb é rialú an riosca atá ann don chontrapháirtí lárnach an cuspóir atá leo. ***Gan dochar do shocrúithe idir-inoibritheachta ná do ghníomhaíochtaí infheistíochta chun críocha Airteagal 47***, áiritheofar leis na critéir nach bhféadfaidh contrapháirtithe lárnacha ná tithe imréitigh a bheith ina gcomhaltaí imréitigh, go díreach ná go hindíreach, den chontrapháirtí lárnach.’;
- (b) cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:  
 ‘1a. Ní ghlacfaidh contrapháirtí lárnach le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh ach amháin más féidir leo a léiriú go bhfuil siad in ann na ceanglais éarlaise agus na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chomhlíonadh, lena n-áirítear i ndálaí anáis sa mhargadh.  
***Déanfaidh ÚEUM athbhreithniú rialta ar na socrúithe arna gcur i bhfeidhm ag contrapháirtí lárnach a ghlacann le contrapháirtithe neamhairgeadais mar chomhaltaí imréitigh*** agus tuairisceoidh sé d’***údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus don*** choláiste maidir lena n-oiriúnacht.  
 Ní cheadófar do chontrapháirtí neamhairgeadais atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh seirbhísí imréitigh cliant a thairiscint agus ní choimeádfaidh sé cuntas ag an gcontrapháirtí lárnach ach amháin le haghaidh sócmhainní agus suíomhanna arna sealbhú dá chuntas féin.  
 Féadfaidh ÚEUM tuairim nó moladh a eisiúint maidir le hoiriúnacht na socrúithe sin tar éis athbhreithniú píaraí ad hoc.’;
- (c) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:  
 ‘7. Forbróidh ÚEUM, tar éis dó dul i gcomhairle le ***ÚBE agus le CEBC***, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar a thuilleadh na gnéithe a bheidh le breithniú agus na critéir iontrála dá dtagraítear i mír 1 ***agus na ceanglais rannpháirtíochta le haghaidh contrapháirtithe neamhairgeadais a ghlacadh mar chomhaltaí imréitigh i gcomhréir le mír 1a*** á leagan síos.  
 Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].  
 Tarmlichtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010’.

(30) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

***‘Airteagal 38***

***Trédhearcacht***

***“1. Nochtfaidh contrapháirtí lárnach agus a chomhaltaí imréitigh go poiblí na praghsanna agus na táillí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear. Nochtfaidh***

*siad praghasanna agus táillí gach seirbhíse a sholáthraítear ar leithligh, lena n-áirítear lascaí agus aisíocaíochtaí mar aon leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as na laghdúithe sin. Ligfidh contrapháirtí lárnach dá chomhaltaí imréitigh agus, i gcás inarb ábhartha, dá gcliaint rochtain leithleach a bheith acu ar na seirbhísí sonracha a sholáthraítear.*

*Tabharfaidh contrapháirtí lárnach cuntas go leithleach i dtaobh chostais agus ioncaim na seirbhísí a sholáthraítear agus nochtfaidh sé an fhaisnéis sin do ÚEUM agus don údarás inniúil.*

*2. Déanfaidh contrapháirtí lárnach na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí arna soláthar a nochtadh do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint.*

*3. Nochtfaidh contrapháirtí lárnach do ÚEUM, dá chomhaltaí imréitigh agus dá údarás inniúil an fhaisnéis faoi phraghsanna arna húsáid chun a neamhchosaintí ag deireadh an lae ar a chomhaltaí imréitigh a ríomh.*

*Nochtfaidh contrapháirtí lárnach go poiblí líon na n-idirbheart arna n-imréiteach i leith gach aicme ionstraime arna himréiteach ag an gcontrapháirtí lárnach ar bhonn comhiomlán.*

*4. Nochtfaidh contrapháirtí lárnach go poiblí na riachtanais oibríochtúla agus theicniúla a bhaineann leis na prótacail chumarsáide lena gcumhdaítear na formáidí inneachair agus teachtaireachta a úsáideann sé chun idirghníomhú le tríú páirtithe, lena n-áirítear na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 7.*

*5. Foilseoidh contrapháirtí lárnach go poiblí aon sárú arna dhéanamh ag comhaltaí imréitigh ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus na ceanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal sin, ach amháin i gcás ina measann ÚEUM, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, go mbeadh an nochtadh sin ina bhgairt ar an gcobhsaíocht airgeadais nó ar mhúinín an mhargaidh nó go gcuirfeadh sé na margáí airgeadais i mbaol nó go ndéanfadh sé damáiste díreireach do na páirtithe lena mbaineann.*

*6. Soláthróidh contrapháirtí lárnach uirlis ionsamhlúcháin dá chomhaltaí imréitigh a chuirfidh ar a gcumas méid na héarlaise tosaigh breise ar leibhéal na punainne, a fhéadfaidh a bheith ag teastáil ón gcontrapháirtí lárnach ar idirbheart nua a bheith imréitithe, a chinneadh, lena n-áirítear ionsamhlúchán ar na ceanglais éarlaise a bhféadfaidís a bheith faoina réir in imthosca éagsúla. Is ar bhonn slánrochtana amháin a bheidh rochtain ag comhaltaí imréitigh ar an uirlis sin, agus ní bheidh torthaí an ionsamhlúcháin ina gceangal.*

*7. Déanfaidh contrapháirtí lárnach faisnéis ar na samhlacha éarlaise arna n-úsáid aige a sholáthar dá chomhaltaí imréitigh ar bhealach soiléir agus trédhearcach. Maidir leis an bhfaisnéis sin:*

*(a) míneofar go soiléir inti dearadh na samhla éarlaise agus an dóigh a n-oibríonn sí;*

- (b) *cuirfear síos go soiléir inti ar phríomhthoimhdí agus príomhtheorainneacha na samhla éarlaise agus na himthosca a fhágann na toimhdí sin gan a bheith bailí a thuilleadh;*
- (c) *beidh sí doiciméadaithe.*

8. ‘Na comhaltaí imréitigh agus na cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh, cuirfidh siad a gcliaint ar an eolas, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, faoin gcaoi a n-oibríonn samhla éarlaise an chontrapháirtí lárnaigh, lena n-áirítear i gcásanna struis, agus soláthróidh siad **rochtain dóibh ar** ionsamhlú ar na ceanglais éarlaise **a bhféadfaidh** siad a bheith faoina réir i gcásanna éagsúla, **bunaithe ar an uirlis ionsamhlúcháin arna soláthar ag an CPL dá dtagraítear i mír 6. Áiríteoidh na comhaltaí imréitigh go n-áireofar leis an ionsamhlú** na héarlaisí a éileoidh an contrapháirtí lárnach agus aon éarlais bhreise a éileoidh na comhaltaí imréitigh agus na cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh iad féin’; **Tabharfaidh contrapháirtí lárnach dá chomhaltaí imréitigh aon fhaisnéis a theastaíonn uathu chun na forálacha faoin gcéad fhomhír a chomhlíonadh, mura rud é go soláthraítear an fhaisnéis sin cheana de bhun na bhforálacha amhail dá dtagraítear i míreanna 1 go 7 den Airteagal sin. Arna iarraidh sin do chomhalta dá chomhaltaí imréitigh, tarchuirfidh an contrapháirtí lárnach an fhaisnéis sin gan mhoill.**

‘9. Cuirfidh comhaltaí imréitigh an chontrapháirtí lárnaigh agus na cliaint a sholáthraíonn seirbhísí imréitigh a gcuid cliant reatha agus féideartha ar an eolas go soiléir faoi na cailleanais fhéideartha nó costais fhéideartha eile a d’fhéadfaidís a iompar mar thoradh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistithe mainneachtana agus socruithe leithdháilte cailleanais agus suíomhanna faoi rialacha oibríochta an chontrapháirtí lárnaigh, lena n-áirítear an cineál cúitimh a d’fhéadfaidís a fháil, agus Airteagal 48(7) á chur san áireamh. Soláthrófar faisnéis atá mionsonraithe a dhóthain do chliaint chun a áirithiú go dtuigfidh siad na cailleanais sa chás is measa nó na costais eile a d’fhéadfaidh a bheith i ndán dóibh i gcás ina ndéanfaidh an contrapháirtí lárnach bearta téarnaimh.’;

**10. Forbróidh ÚEUM, i gcomhairle le ÚBE agus le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar a thuilleadh an fhaisnéis a bheidh le soláthar faoi mhíreanna 1 go 9, mar aon leis na ceanglais a bhaineann leis na huirlisí ionsamhlúcháin amhail dá dtagraítear i míreanna 6 agus 8. Déanfaidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’**

(31) Leasaítear Airteagal 41 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:
  - ‘1. Déanfaidh contrapháirtí lárnach éarlaisí a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú chun a neamhchosaintí creidmheasa óna chomhaltaí imréitigh, agus, i gcás inarb ábhartha, ó chontrapháirtithe lárnacha a bhfuil socruithe idir-inoibritheachta aige

leo, a theorranú. Beidh na héarlaisí sin leordhóthanach chun neamhchosaintí féideartha a chumhdach a mheasann an contrapháirtí lárnach a thiofadh chun cinn roimh leachtú na suíomhanna ábhartha. Beidh siad leordhóthanach freisin chun cailleanais a chumhdach a eascraíonn as 99 % ar a laghad de ghluaiseachtaí na neamhchosaintí thar thréimhse ama iomchuí agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh contrapháirtí lárnach urrús comhthaobhach a sholáthar go hiomlán dá neamhchosaintí lena chomhaltaí imréitigh ar fad, agus, i gcás inarb ábhartha, le contrapháirtithe lárnacha a bhfuil socrúithe idir-inoibritheachta aige leo, ar bhonn laethúil ar a laghad. Déanfaidh contrapháirtí lárnach faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar leibhéal a éarlaisí i bhfianaise dhálaí reatha an mhargaidh agus cuirfidh sé san áireamh aon iarmhairt chomhthimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathbhreithnithe sin.

2. Glacfaidh contrapháirtí lárnach samhlacha agus paraiméadair maidir lena cheanglais éarlaise a leagan síos a léireoidh saintréithe riosca na dtáirgí a imréitítear agus a dhéanfaidh an tréimhse idir éarlaisí a bhailiú, leachtacht mhargaidh agus athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an idirbhirt a chur san áireamh. Déanfaidh *ÚEUM* na samhlacha **agus na paraiméadair** a bhailíochtú agus beidh siad faoi réir tuairime i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 17b.

3. Déanfaidh contrapháirtí lárnach éarlaisí a éileamh agus a bhailiú laistigh de lá amháin, ar a laghad nuair a shárófar tairseacha réamhshainithe. Agus é sin á dhéanamh aige, déanfaidh contrapháirtí lárnach an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a bhailiúcháin éarlaisí ionlae agus a íocaíochtaí ar staid leachtachta a rannpháirtithe **agus ar athléimneacht an CPL** a chur san áireamh';

(32) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Tomhaisfidh contrapháirtí lárnach, ar bhonn laethúil, na riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith aige. Cuirfidh sé san áireamh an riosca leachtachta a ghinfidh mainneachtain an dá eintiteas ar a laghad, ar comhaltaí imréitigh **nó** soláthraithe leachtachta iad, a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith.;

(33) Leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Glacfaidh contrapháirtí lárnach le comhthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh chun a neamhchosaint tosaigh agus reatha ar a chomhaltaí imréitigh a chumhdach. Féadfaidh contrapháirtí lárnach glacadh le ráthaíochtaí poiblí nó le ráthaíochtaí bainc phoiblí nó bainc thráchtála, **lena n-áirítear ar bhonn neamh-chomhthaobhaithe do chontrapháirtithe neamhairgeadais**, ar choinníoll go mbeidh siad ar fáil go neamhchoinníollach arna iarraidh sin dóibh laistigh den tréimhse leachtaithe dá dtagraítear in Airteagal 41. I gcás ina soláthrófar ráthaíochtaí bainc do chontrapháirtí lárnach, cuirfidh an contrapháirtí lárnach sin san áireamh iad agus a neamhchosaint ar an mbanc ar comhalta imréitigh é freisin á ríomh aige, **agus cuirfidh sé ráthaíochtaí bainc neamh-chomhthaobhaithe arna soláthar ag contrapháirtithe neamhairgeadais faoi réir teorainneacha comhchruinnithe**. Cuirfidh an contrapháirtí lárnach caolchorraigh leormhaithe i bhfeidhm maidir le luachanna sócmhainne agus ráthaíochtaí chun a léiriú go bhféadfaidh laghdú teacht ar luach i gcaitheamh na tréimhse idir a luacháil deiridh agus an tráth faoinar féidir glacadh leis go réasúnach go ndearnadh iad a leachtú. Cuirfear san

áireamh ann an riosca leachtachta tar éis mhainneachtain rannpháirtí sa mhargadh agus comhchruinniú riosca ar shócmhainní áirithe, rud a d'fhéadfadh bunú na comhthaobhachta inghlactha agus na gcaolchorrlach ábhartha a chur faoi deara. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gcontrapháirtí lárnach ar leibhéal na gcaolchorrlach a chuireann sé i bhfeidhm maidir leis na sócmhainní a nglacann sé leo mar chomhthaobhacht, cuirfidh sé san áireamh aon éifeacht chomhthimthriallach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathbhreithnithe sin.';

- (b) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) **agus phointe (c)**:

'(b) na caolchorrllaigh dá dtagraítear i mír 1, agus an cuspóir chun a gcomhthimthriallacht a theorannú á chur san áireamh; agus';

- (c) **na coinniollacha faoinar féidir glacadh le ráthaíochtaí poiblí, ráthaíochtaí bainc poiblí agus ráthaíochtaí bainc tráchtála mar chomhthaobhacht faoi mhír 1, lena n-áirítear na coinniollacha faoinar féidir glacadh le ráthaíochtaí bainc neamh-chomhthaobhaithe mar chomhthaobhacht agus na teorainneacha comhchruinnithe amhail dá dtagraítear i mír 1.'**

(33a) *Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:*

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

**"5. I gcás ina dtairfeadfar i dtaifid agus i gcuntais contrapháirtí lárnaigh go bhfuil sócmhainní agus suíomhanna á gcoimeád do chuntas cliant comhalta imréitigh mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 39 (2), tabharfaidh an contrapháirtí lárnach, ar a laghad, tiomantas conarthach go dtionscnóidh sé na nósanna imeachta le haghaidh na sócmhainní agus na suíomhanna arna sealbhú ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana do chuntas a chliant a aistriú chuig comhalta imréitigh eile a ainmneoidh na cliaint sin go léir, arna iarraidh sin dóibh nó mura rud é go ndéanfaidh na cliaint uile agóid sula dtabharfar aistriú na sócmhainní agus na suíomhanna chun críche agus gan toiliú ón gcomhalta imréitigh mainneachtana. Ní bheidh aon oibleagáid ar an gcomhalta imréitigh eile glacadh leis na sócmhainní agus na suíomhanna sin ach amháin i gcás ina ndearna sé caidreamh conarthach roimhe sin leis na cliaint a bhfuil sé tar éis tiomantas a thabhairt dóibh sin go ndéanfaidh sé amhlaidh. Agus comhalta imréitigh á ainmniú acu, ainmneoidh cliaint, ar bhonn conarthach, comhalta imréitigh malartach a bheidh le húsáid más gá a suíomhanna a aistriú i gcás mainneachtana. Más rud é nach ndearnadh an t-aistriú chuig an gcomhalta imréitigh eile sin ar chúis ar bith laistigh de thréimhse aistrithe réamhshainithe a shonraítear i rialacha oibríochta an chontrapháirtí lárnaigh, féadfaidh sé na céimeanna go léir a cheadaítear lena rialacha a ghlacadh chun na rioscaí i ndáil leis na suíomhanna sin a bhainistiú go gníomhach, lena n-áirítear na sócmhainní agus na suíomhanna atá i seilbh an chomhalta imréitigh mainneachtana do chuntas a chliant a leachtú."**

(b) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:*

**"6. I gcás ina dtairfeadfar i dtaifid agus i gcuntais contrapháirtí lárnaigh go bhfuil sócmhainní agus suíomhanna á gcoimeád do chuntas cliant comhalta imréitigh mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 39 (2), tabharfaidh an contrapháirtí lárnach, ar a laghad, tiomantas conarthach go dtionscnóidh sé na nósanna imeachta**

*le haghaidh na sócmhainní agus na suíomhanna arna sealbhú ag an gcomhalta imréitigh mainneachtana do chuntas an chliant a aistriú chuig comhalta imréitigh eile a ainmneoidh an cliant, arna iarraidh sin don chliant agus gan toiliú ón gcomhalta imréitigh mainneachtana. Ní bheidh aon oibleagáid ar an gcomhalta imréitigh eile glacadh leis na sócmhainní agus na suíomhanna sin ach amháin i gcás ina ndearna sé caidreamh conarthach roimhe sin leis an gcliant a bhfuil sé tar éis tiomantas a thabhairt dó sin go ndéanfaidh sé amhlaidh. Más rud é nach ndearnadh an t-aistriú sin chuig an gcomhalta imréitigh eile ar chúis ar bith laistigh de thréimhse aistrithe réamhshainithe a shonraítear i rialacha oibríochta an chontrapháirtí lárnaigh, féadfaidh sé na céimeanna go léir a cheadaítear lena rialacha a ghlacadh chun na rioscaí i ndáil leis na suíomhanna sin a bhainistiú go gníomhach, lena n-áirítear na sócmhainní agus na suíomhanna atá ag an gcomhalta imréitigh mhainneachtana do chuntas an chliant a leachtú.*

*I gcás mainneachtain comhalta imréitigh atá ann cheana agus chun críocha cliant a aistriú ó na comhaltaí imréitigh mainneachtana chuig comhalta imréitigh malartach, déanfar an comhalta imréitigh malartach sin, an cliant atá á aistriú, agus an contrapháirtí lárnach, a tharscaoileadh go sealadach ó cheanglais Threoir (AE) 2015/849, Threoir (AE) 2018/843 agus Threoir (AE) 2019/1153. Déanfar an comhalta imréitigh malartach a tharscaoileadh go sealadach ó na ceanglais chaipitil do chomhaltaí imréitigh i leith cliant faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.”;*

(34) Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 1e:
- ‘1. Déanfaidh contrapháirtí lárnach athbhreithniú tráthrialta ar na samhlacha agus ar na paraiméadair arna nglacadh chun a cheanglais éarlaise, ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana, ceanglais chomhthaobhachta agus sásraí eile rialaithe riosca a ríomh. Cuirfidh sé tástálacha struis diana agus rialta i bhfeidhm ar na samhlacha chun a theacht aniar faoi dhálaí margaidh sochreidte ach foirneacha a mheas agus déanfaidh sé cúltástálacha chun iontaofacht na modheolaíochta ar glacadh léi a mheas. Gheobhaidh an contrapháirtí lárnach bailíochtú neamhspleách, cuirfidh sé ÚEUM ar an eolas ■ faoi thorthaí na dtástálacha arna ndéanamh agus gheobhaidh sé bailíochtú **ÚEUM** i gcomhréir le míreanna 1a go 1e sula nglacfaidh sé aon athrú mór ar na samhlacha **agus ar na paraiméadair**.  
Beidh na samhlacha **agus na paraiméadair** a ghlacfar, lena n-áirítear aon athrú mór orthu, faoi réir tuairim ón gcoláiste i gcomhréir leis an Airteagal sin. Áiritheoidh ÚEUM go gcuirfear an fhaisnéis ar thorthaí na dtástálacha struis ar aghaidh chuig na ÚMenna, chuig CEBC agus chuig an mBord Réitigh Aonair chun é a chur ar a gcumas dóibh measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint na ngnóthas airgeadais ar mhainneachtain na gcontrapháirtithe lárnacha.  
1a. I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag contrapháirtí lárnach aon athrú mór ar na samhlacha **agus na paraiméadair** dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, déanfaidh sé iarratas ar **bhailíochtú** an athraithe sin a chur isteach i bhformáid leictreonach tríd an mbunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 17(7) áit a gcomhroinnfear láithreach é le húdaráis inniúil an chontrapháirtí lárnaigh, le ÚEUM agus leis an gcoláiste. Déanfaidh an contrapháirtí lárnach bailíochtú neamhspleách ar an athrú atá beartaithe ar a iarratas a chur faoi iamh.

I gcás ina measfaidh contrapháirtí lárnach nach bhfuil an t-athrú ar na samhlachana **agus na paraiméadair** dá dtagraítear i mír 1 atá beartaithe aige a ghlacadh ina athrú suntasach amhail dá dtagraítear *i* mír 1ga, iarrfaidh an contrapháirtí lárnach go mbeadh an t-iarratas faoi réir nós imeachta neamhagóide faoi mhír 1b. Sa chás sin, féadfaidh an contrapháirtí lárnach tosú ar an athrú sin a chur i bhfeidhm roimh chinneadh údarás inniúil an contrapháirtí lárnaigh agus ÚEUM de bhun mhír 1b.

Laistigh de 5 lá oibre tar éis an t-iarratas sin a bheith faighte, admhóidh **ÚEUM** go bhfuarthas an t-iarratas, agus deimhneoidh siad don chontrapháirtí lárnach go bhfuil na doiciméid riachtanacha ann. I gcás ina gcinneadh **ÚEME** nach bhfuil na doiciméid riachtanacha san iarratas, diúltófar don iarratas.

1b. Laistigh de 15 lá oibre ón dáta dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1d, déanfaidh **ÚEUM**, **tar éis dó ionchur an choláiste a mheas**, measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-athrú atá beartaithe ina athrú suntasach de bhun mhír 1g. I gcás ina gcinneadh **ÚEUM** go gcomhlíonann an t-athrú ceann de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1g, déanfar an t-iarratas a mheasúnú faoi mhíreanna 1c, 1d agus 1e agus cuirfidh **ÚEUM** an contrapháirtí lárnach is iarratasóir ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn.

Más rud é, laistigh de 10 lá oibre ón dáta dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1a, nár cuireadh an contrapháirtí lárnach is iarratasóir ar an eolas i scríbhinn gur diúltaíodh dá iarraidh go mbeadh feidhm ag an nós imeachta neamhagóide, measfar an t-athrú sin a bheith bailíochtaíthe.

I gcás inar diúltaíodh d'iarraidh ar an nós imeachta neamhagóide, ní bhainfidh an contrapháirtí lárnach, laistigh de 5 lá oibre ón bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír, úsáid a thuilleadh as an athrú samhla sin. Laistigh de 10 lá oibre ón bhfógra sin, déanfaidh an contrapháirtí lárnach an t-iarratas a tharraingt siar nó déanfaidh sé an t-iarratas a chomhlánú le bailíochtú neamhspleách an athraithe.

- 1c. Laistigh de 30 lá oibre ón dáta dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 1a, **déanfaidh ÚEUM measúnú riosca ar an athrú suntasach agus déanfaidh sé a dhréachtchinneadh a tharchur chuig údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus chuig an gcoláiste.**

**Laistigh de 10 lá oibre ón dréachtchinneadh ó ÚEUM a fháil, glacfaidh an coláiste tuairim de bhun Airteagal 19 agus tarchuirfidh sé chuig ÚEUM í.**

█  
█

- 1d. **Laistigh de 10 lá oibre ón tuairim ón gcoláiste a fháil, déanfaidh ÚEUM tar éis tuairim an choláiste a bhreithniú go cuí, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, a chinneadh críochnaitheach a ghlacadh agus a tharchur chuig údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus chuig an gcoláiste.**

**I gcás nach n-aontóidh ÚEUM leis an tuairim ón gcoláiste, lena n-áirítear aon choinníoll nó aon mholadh atá inti, beidh cúiseanna iomlána agus míniú sa chinneadh maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin nó ó na coinníollacha nó ó na moltaí sin. I gcás ina gcinneadh ÚEUM gan an t-athrú a bhailíochtú, diúltófar d'iarratas an chontrapháirtí lárnaigh ar bhailíochtú.**

- 1e. Laistigh de 5 lá oibre ón dáta ón tráth a ghlacfar na cinntí faoi mhír 1c,



**I** cuirfidh ÚEUM *údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus an* contrapháirtí lárnach ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear míniú lánréasúnaithe, ar deonaíodh an bailíochtú nó ar diúltaíodh dó.

(b) cuirtear isteach na míreanna 1f agus 1g seo a leanas:

1f. Ní fhéadfaidh an contrapháirtí lárnach athrú suntasach ar na samhlacha *agus na paraiméadair* dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh sula bhfaighidh sé an bailíochtú óna údarás inniúil agus ó ÚEUM. Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcomhaontú le ÚEUM, cead a thabhairt athrú mór ar na samhlacha sin a ghlacadh go sealadach sula mbailíochtófar iad i gcás ina mbeidh údar cuí leis de bharr cás éigeandála faoi Airteagal 24 den Rialachán seo. Ní cheadófar athrú sealadach den sórt sin ar na samhlacha ach ar feadh tréimhse áirithe a shonróidh údarás inniúil an chontrapháirtí lárnaigh agus ÚEUM go comhpháirteach. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, ní cheadófar don chontrapháirtí lárnach an t-athrú samhla sin a úsáid ach amháin má formheasadh é de bhun mhíreanna 1a, 1c, 1d agus 1e.

1g. *Maidir le hathruithe ar pharaiméadair a dhíorthaítear ó ionchur seachtrach nó atá laistigh de raon réamhshainithe, i gcás inar cuid den tsamhail nó den mhodheolaíocht arna formheas agus arna bailíochtú faoin Airteagal sin é an leasú nó an raon sin chun samhail a athchalabhrú, ní mheasfar gur athrú ar na samhlacha agus ar na paraiméadair iad a bhfuil gá le bailíochtú ina leith i gcomhréir leis an Airteagal sin. .”*

*1ga. Measfar gur athrú mór é athrú i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:*

- (a) tá laghdú nó méadú os cionn 15 % ar na hacmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe iomlána mar thoradh ar an athrú, lena n-áirítear ceanglais éarlaise, ciste mainneachtana agus rud is dír leo féin a chur i bhfiontar;*
- (b) athraítear an mhodheolaíocht chun cásanna tástála struis a shainiú agus a chalabhrú chun neamhchosaintí ar chiste mainneachtana a chinneadh, rud a fhágann go bhfuil laghdú nó méadú os cionn 20 % de chiste mainneachtana, nó os cionn 50 % d’aon ranníocaíocht aonair le ciste mainneachtana;*
- (c) athraítear an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar riosca leachtachta agus chun faireachán a dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe, rud a fhágann go bhfuil laghdú nó méadú níos mó ná 20 % ar na riachtanais leachtachta mheasta in aon airgeadra nó laghdú nó méadú níos mó ná 20 % ar na riachtanais leachtachta iomlána;*
- (d) athraítear an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun comhthaobhacht a luacháil, nó caolchorrlach comhthaobhachta calabraithe, sa chaoi agus go dtiocfaidh laghdú nó méadú níos mó ná 20 % ar luach iomlán na comhthaobhachta;*
- (e) d’fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an athrú ar riosca foriomlán an chontrapháirtí lárnaigh.*

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Forbróidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar an méid seo a leanas:

*(a) na heilimintí atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1 g agus 1ga; agus*

*(b) liosta na ndoiciméad riachtanach a bheidh ag gabháil le hiarratas ar bhailíochtú de bhun mhír 1a agus sonródh sé an fhaisnéis a bheidh sna doiciméid sin chun a léiriú go gcomhlíonann an contrapháirtí lárnach ceanglais ábhartha uile an Rialacháin seo.*

*Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ...[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

*Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;*

*(d) cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:*

*‘6. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú formáid leictreonach an iarratais ar bhailíochtú dá dtagraítear i mír 1a atá le cur faoi bhráid an bhunachair sonraí lárnaigh.*

*Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

*Tabharfar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’*

*(35) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **■** Airteagal 54 **■** :*

#### *‘Airteagal 54*

### **Socruithe idir-inoibritheachta a fhorpheas**

*‘1. Beidh socrú idir-inoibritheachta faoi réir formheas a fháil roimh ré ó ÚEUM. ÚEUM. Iarrfaidh sé tuairim an choláiste i gcomhréir le hAirteagal 19, agus eiseofar é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17b.’;*

*Socruithe idir-inoibritheachta a fhorpheasadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ní bheidh siad faoi réir cheanglais na chéad fhomhíre.*

*2. Ní thabharfaidh ÚEUM formheas don socrú idir-inoibritheach ach amháin sa chás gur údaraíodh na contrapháirtithe lárnacha lena mbaineann chun imréiteach a dhéanamh faoin nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17 nó gur tugadh aitheantas dóibh faoi Airteagal 25 nó a údaraíodh faoi chóras údarúcháin náisiúnta a bhí ann cheana féin ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad, na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 52 agus go gceadaíonn na coinníollacha teicniúla maidir le hidirbhearta a imréiteach faoi théarmaí an chomhaontaithe do na margáí airgeadais feidhmiú go réidh ordúil agus nach mbaineann an socrú an bonn d'éifeacht na maoirseachta.*

3. *I gcás ina measann ÚEUM nach gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos i mír 2, tabharfaidh sé mínithe i scríbhinn maidir lena chomaoineacha riosca do na comhpháirtithe lárnacha eile lena mbaineann.*

4. *Faoin 31 Nollaig 2012, eiseoidh ÚEUM treoirlínte nó moltaí d'fhonn measúnuithe comhsheasmacha, éifeachtúla agus éifeachtacha a bhunú maidir le socruithe idir-inoibritheachta, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.'*

(36) *In Airteagal 81(3), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

*ciallaíonn “an t-údarás náisiúnta macrastuamachta ainmnithe an t-údarás a bhfuil sé de chúram air an beartas macrastuamachta a sheoladh” dá dtagraítear i Moladh B1 de Mholtaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistémach (BERS) an 22 Nollaig 2011 maidir le sainordú macrastuamachta na n-údarás náisiúnta (BERS/2011/3).’;*

(37) In Airteagal 82, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(6), Airteagal 3(5), Airteagal 4(3a), Airteagal 7a(6), Airteagal 17a(6), Airteagal 25(2a), Airteagal 25(6a), Airteagal 25a(3), Airteagal 25d(3), Airteagal 25i(7), Airteagal 25o, Airteagal 64(7), Airteagal 70, Airteagal 72(3), agus Airteagal 85(2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligeán cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(6), Airteagal 3(5), Airteagal 4(3a), Airteagal 7a(6), Airteagal 17a(6), Airteagal 25(2a), Airteagal 25(6a), Airteagal 25a(3), Airteagal 25d(3), Airteagal 25i(7), Airteagal 25o, Airteagal 64(7), Airteagal 70, Airteagal 72(3), agus Airteagal 85(2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

(38) *in Airteagal 84, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*

*‘3a. Tarchuirfidh an Ghníomhaireacht a chuireann Airteagal 8(2) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 chun feidhme chuig ÚEUM an méid trádála a tharlaíonn agus an méid ar shuíomhanna a shealbhaítear i dtáirgí mórdhíola fuinnimh.’*

(39) leasaítear Airteagal 85 mar a leanas;

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ullmhóidh sé tuarascáil ghinearálta. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar aon le haon togra iomchuí.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 1b seo a leanas:

‘1b. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an bhféidearthacht agus leis an indéantacht leithscaradh cuntas a cheangal feadh shlabhra imréitigh na gcontrapháirtithe neamhairgeadais

agus airgeadais. Beidh measúnú costais agus tairbhe ag gabháil leis an tuarascáil.’;

(bb) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

*‘1d. Faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh an Coimisiún Eorpach, tar éis dó dul i gcomhairle le BCE agus leis na bainc cheannais eisiúna ábhartha, tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina ndéanfar measúnú ar chothrom iomaíochta agus ar bhreithnithe cobhsaíochta airgeadais maidir le rochtain ar an mbanc ceannais ginearálaithe do CPLanna de chuid an Aontais arna n-údarú ag EMIR gan choinníoll ceadúnas baincéireachta a choinneáil. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin an staid i ndlínsí tríú tír. Más iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil(AM 532 Ferber);*

(bc) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

*‘5a. Faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir leis an ngníomhaíocht fhoriomlán in idirbhearta díorthacha contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais atá faoi réir an Rialacháin seo, ina soláthrófar, inter alia, an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na contrapháirtithe sin, agus idirdhealú á dhéanamh idir a gcineál airgeadais nó neamhairgeadais:*

(a) *na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a d’fhéadfadh eascairt as an gcineál sin gníomhaíochta;*

(b) *na suíomhanna i ndíorthaigh tráchtarraí thar an gcuntar os cionn EUR 1 bhilliún, lena sonraítear méid beacht na suíomhanna lena mbaineann;*

(c) *méid iomlán na gconarthaí díorthach fuinnimh arna dtrádáil, agus idirdhealú á dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, idir na conarthaí sin a úsáidtear chun críocha fálaithe agus neamhfhálaithe;*

(d) *méid iomlán na gconarthaí díorthach talmhaíochta arna dtrádáil, agus idirdhealú á dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, idir na conarthaí sin a úsáidtear chun críocha fálaithe agus neamhfhálaithe; agus*

(e) *sciar na gconarthaí díorthach thar an gcuntar agus na gconarthaí díorthach fuinnimh/talmhaíochta arna dtrádáil ar an malartán a sheachadtar go fisiciúil ar an dáta éaga i méid iomlán na gconarthaí díorthach fuinnimh a thrádáiltear.*

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

*“7. Faoin ... [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] foilseoidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ESMA agus leis an Sásra Faireacháin Comhpháirteach, tuarascáil athbhreithnithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin, inter alia, ar an méid seo a leanas:*

- (a) *éifeachtacht na bhforálacha faoi Airteagal 7a maidir le maolú a dhéanamh ar na rioscaí cobhsaíochta airgeadais don Aontas arb ionann iad agus comhchruinniú na gconarthaí díorthach gan íoc dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 7a ag na CPLanna Leibhéal 2 sin a thairgeann seirbhísí a bhfuil tábhacht shistéamach shubstaintiúil leo de bhun Airteagal 25(2c), chomh maith lena dtionchar ar iomaíochas idirnáisiúnta chontrapháirtithe airgeadais an Aontais agus contrapháirtithe neamhairgeadais. Cuirfear in iúl sa tuarascáil freisin, agus aird chuí á tabhairt ar spriocanna aontas na margáí caipitil, ar cheart na forálacha sin a choigeartú nó a bhaint go hiomlán;*
- (b) *éifeachtacht fhorálacha an Rialacháin seo maidir le creat imréitigh an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí, ag féachaint go háirithe ar ghníomhaíochtaí imréitigh contrapháirtithe neamh-AE i gcontrapháirtithe lárnacha de chuid an Aontais agus ar mhéid na méideanna imréitigh i gcontrapháirtithe lárnacha de chuid an Aontais i gconarthaí díorthach seachas iad sin dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 7a;*
- (c) *measúnú ar na forbairtí a bhaineann le socrúithe maoirseachta agus comhar maoirseachta idir ÚEUM agus údarais tríú tír, agus an bhféadfadh sé go n-éileodh na forbairtí sin athruithe ar Airteagal 25(2c) den Rialachán seo.*

*Bunaithe ar an tuarascáil sin, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.'*

(ca) *cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*10. Faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] déanfaidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le BERS agus leis an Sásra Comhpháirteach Faireacháin, measúnú ar an gcaoi ar cuireadh forálacha Airteagal 15, Airteagail 17 go 17ba agus Airteagal 49 i bhfeidhm.*

*Go háirithe, bunófar leis an measúnú sin an méid seo a leanas:*

- (a) *cé acu atá nó nach bhfuil na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*+, tá an éifeacht inmhianaithe bainte amach acu maidir le hiomaíochas CPLanna an Aontais a mhéadú agus an t-ualach rialála atá orthu a laghdú;*
- (b) *cibé acu a laghdaigh na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE).../...+ an t-am go dtí an margadh i gcás seirbhísí agus táirgí nua gan tionchar diúltach a imirt ar an riosca don CPL nó dá chomhaltaí imréitigh ná dá gcliaint;*
- (c) *an raibh tionchar diúltach ag tabhairt isteach na féidearthachta do CPLanna athruithe dá dtagraítear in Airteagal 17ba a chur chun feidhme go díreach ar phróifíl riosca an CPL sin nó ar mhéadaigh siad na rioscaí foriomlána don chobhsaíocht airgeadais san Aontas, agus ar cheart iad a leasú.*

*Cuirfidh ÚEUM an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.*

*Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun eilimintí áirithe de na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 15, in Airteagal 17 go hAirteagal 17ba agus in Airteagal 49 a mhodhnú chun an measúnú atá sa tuarascáil de bhun na chéad fhomhíre agus an dara fómhír den Airteagal sin a mheas.*

---

*\* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaintí iomarcacha ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargái imréitigh an Aontais a fheabhsú (IO L ..., .., lch. ....).*

*+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, an bhliain agus uimhir an Rialacháin leasaithe sin agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.*

*(40b) in Airteagal 89, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*“ 10. Contrapháirtithe atá faoi réir na n-oibleagáidí imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] nó a thiocfaidh faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 4a(1) agus contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi réir na hoibleagáide imréitigh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] nó a bheidh faoi réir na hoibleagáide imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an dara fómhír, leanfaidh sé de bheith faoi réir na hoibleagáide imréitigh sin agus leanfaidh sé d'imréiteach a dhéanamh go dtí go léireoidh an contrapháirtí airgeadais nó an contrapháirtí neamhairgeadais sin don údarás inniúil ábhartha nach sáraíonn a mheánsuíomh cinn míosa rollach don 12 mhí roimhe sin na tairseacha imréitigh ábhartha a leagtar síos leis na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 10(4), pointe (b), agus i gcás ina bhfuil na caighdeáin theicniúla rialála sin tagtha i bhfeidhm ag soláthar leibhéil na dtairseach imréitigh do dhíorthaigh neamh-imréitithe agus leibhéal aon tairsí gníomhaíochta. ’*

*(41) Leasaítear Airteagal 90 mar a leanas:*

*‘Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = cuir isteach 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh ÚEUM measúnú ar na riachtanais foirne agus ar na riachtanais acmhainní a eascraíonn as a chumhachtaí agus a dhualgais a ghlacadh de lámh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.’*

## *Airteagal 2*

### **Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

Leasaítear Airteagal 382 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

‘(b) idirbhearta laistigh de ghrúpa a dhéantar le contrapháirtithe airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 8, de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, institiúidí airgeadais nó gnóthais seirbhísí coimhdeacha atá bunaithe san Aontas nó atá bunaithe i dtríú tír a chuireann ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta i bhfeidhm maidir leis na contrapháirtithe airgeadais, na hinstiúidí airgeadais nó na gnóthais seirbhísí coimhdeacha sin atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, mura rud é go nglacfaidh Ballstáit dlí náisiúnta lena gceanglaítear deighilt struchtúrach laistigh de ghrúpa baincéireachta, agus sa chás sin féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go n-áireofar na hidirbhearta sin laistigh de ghrúpa idir na heintitis atá deighilte go struchtúrtha sna ceanglais cistí dílse;’

(2) cuirtear an mhír [4c] seo a leanas isteach:

‘[4c]. Chun críocha mhír 4, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh an gcuireann tríú tír ceanglais stuamachta mhaoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá ar a laghad coibhéiseach leis na socruithe sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

In éagmais cinneadh den sórt sin, féadfaidh institiúidí, go dtí an 31 Nollaig 2027, na hidirbhearta laistigh de ghrúpa lena mbaineann a eisiamh fós ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca CVA ar choinníoll go mbeidh an tríú tír sin formheasta ag na húdaráis inniúla ábhartha mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 31 Nollaig 2026. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE faoi chásanna den sórt sin faoin 31 Márta 2027.’

### *Airteagal 3*

#### **Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1131**

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1131 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach an pointe (24) seo a leanas

‘(24) Ciallaíonn ‘CPL’ duine dlítheanach dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.’;

*(1a) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):*

*‘(d) (d) ní mó ná 10 % dá shócmhainní an t-airgead tirim a bheidh faighte ag CMA mar chuid de chomhaontú athcheannaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach’;*

(2) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. An risíocht chomhiomlán riosca don chontrapháirtí céanna de CMA a eascraíonn as idirbhearta díorthacha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13 agus nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí chontrapháirtí lárnach a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, ní rachaidh sí thar 5 % de shócmhainní an CMA.’;

*(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*

*'5. Ní rachaidh méid comhiomlán an airgid thirim a sholáthrófar don chontrapháirtí céanna de CMA i gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais nach bhfuil imréitithe go lárnach thar 15 % de shócmhainní an CMA.'*

- (b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (c):  
'(c) ionstraimí díorthacha airgeadais nach ndéantar a imréiteach go lárnach trí chontrapháirtí lárnach a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin, a fhágann go bhfuil risíocht riosca ag an gcontrapháirtí don chomhlacht sin.'

### *Airteagal 3a*

#### *Leasuithe ar Rialachán (AE) 2010/1095*

*In Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad na chéad fomhíre:*

*"2. Gníomhóidh an tÚdarás laistigh de na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo agus laistigh de raon feidhme Threoracha 97/9/CE, 98/26/CE, 2001/34/CE, 2002/47/CE, 2004/109/CE, 2009/65/CE, Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1), Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2), Rialachán (AE) 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*), Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (3), agus a mhéid a bheidh feidhm ag na gníomhartha sin maidir le gnóilachtaí a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta nó maidir le gnóthais chomhinfeistíochta a dhéanann margaíocht ar a n-aonaid nó ar a scaireanna agus maidir leis na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht orthu, laistigh de na codanna ábhartha de, Threoir 2002/87/CE agus de Threoir 2002/65/CE, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus d'aon ghníomh breise de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás.*

---

*\* Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).'*

### *Airteagal 4*

#### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.



Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
*Ursula VON DER LEYEN*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

### **1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

#### **1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

#### **1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

#### **1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

#### **1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

#### **1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

#### **1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

#### **1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**

### **2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

#### **2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

#### **2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

#### **2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

### **3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

#### **3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid**

**caiteachais ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

**LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirithe lárnaigh agus stórtha trádála lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Rialachán (AE) 2017/1131 Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

Margadh Inmheánach – Seirbhísí Airgeadais.

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

- beart nua
- beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart<sup>20</sup>
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn agus Aontas na Margaí Caipitil a neartú.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an togra chun cuspóirí ginearálta mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí imréitigh lárnaigh a bhaint amach:

- An t-imréiteach a spreagadh ag CPLanna an Aontais agus spleáchas iomarcach ar CPL sistéamach neamh-AE a laghdú trí mhargadh imréitigh de chuid an Aontais a thógáil a bheidh níos tarraingte agus níos láidre.
- A áirithiú go bhfuil an creat maoirseachta do CPLanna an Aontais leormhaith chun na rioscaí a bhaineann le hidirnascthaict chóras airgeadais an Aontais agus méideanna imréitigh méadaitheacha a bhainistiú, go háirithe i ndáil le rioscaí trasteorann, toisc go bhféadfadh méadú breise teacht ar na rioscaí sin de réir mar a thagann méadú ar mhargaí imréitigh an Aontais.

An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é is aidhm don togra margadh imréitigh an Aontais a neartú trí fheabhas a chur ar tharraingteacht CPLanna an Aontais, trí imréiteach a spreagadh i CPLanna an Aontais agus trí chur leis an measúnú agus leis an mbainistiú ar rioscaí trasteorann.

*1.4.3. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar*

<sup>20</sup> Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*ghnóthachain.*

Maidir le gach cuspóir sonrach táthar tar éis na táscairí feidhmíochta seo a leanas a leagan síos.

Feabhas a chur ar tharraingteacht CPLanna an Aontais:

- Arna tomhas ag an % conarthaí a imréitíonn rannpháirtithe imréitigh an Aontais i CPLanna an Aontais agus i CPLanna tríú tír.
- An líon táirgí nua CPL de chuid an Aontais a fhorhfeastar.
- An méid ama a thógann sé ar an meán (an líon laethanta) chun táirgí nua CPL a fhorhfeas agus chun athruithe ar an tsamhail a bhailíochtú.
- Líon na nósanna imeachta neamhagóide a cuireadh i gcrích.

Imréiteach i CPLanna an Aontais a spreagadh:

- Meánmhéideanna ar chuntais ghníomhacha i CPLanna an Aontais.
- Idirbhearta arna n-imréiteach i CPLanna an Aontais in airgeadraí éagsúla (dearbhluch agus i gcomparáid leis na margaí domhanda).
- Líon na gcomhaltaí imréitigh agus na geliant in CPLanna an Aontais.
- Méid na gconarthaí arna n-imréiteach lasmuigh de CPLanna an Aontais ag gníomhaithe nó le haghaidh conarthaí arna n-ainmniú in airgeadra an Aontais.

Feabhas a chur ar an measúnú ar rioscaí trasteorann:

- Líon na dtuairimí arna n-eisiúint ag ÚEUM in aghaidh na bliana.
- Líon na gcásanna ina n-imíonn ÚINanna ó thuairimí ÚEUM.
- Líon na gcomhfhoirne maoirseachta arna mbunú agus cúraimí a rinneadh.
- Líon uaireanta a rinne ÚEUM comhordú ar iarrataí faisnéise nó a rinne sé iarrataí faisnéise.

## **1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is iad na ceanglais a fhéachann an togra seo lena gcomhlíonadh ná CPLanna nua-aimseartha iomaíocha a bheith san Aontas atá in ann gnó a mhealladh agus an tráth céanna CPLanna atá sábháilte agus athléimneach a bheith san Aontas, agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a fheabhsú.

Agus an togra seo á chur chun feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt bhreise atá beartaithe a dhéanamh ar leibhéal 2, meastar — faoi réir chomhaontú na gcomhreachtóirí — go ndéanfaidh an comhphobal maoirseachta agus an margadh araon a gcuid féin de na ceanglais faoi mhí an Mheithimh 2025 ar a dhéanaí.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an*

*Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)  
Is cuid dhoscartha de mhargadh airgeadais an Aontais é margadh imréitigh an Aontais. Dá réir sin, ba cheart a áirithiú le gníomhaíocht an Aontais nach mbeidh rioscaí ró-ard i ndán do rannpháirtí i margadh airgeadais an Aontais mar gheall ar spleáchas iomarcach ar CPLanna sistéamacha tríú tír más rud é, i gcás anacra, go ndéanfadh údarais tríú tír cinntí chun cosc a chur le rogha a bheith ag an Aontas idirghabháil a dhéanamh le linn staideanna éigeandála.

An breisluach Aontais a mheastar a ghinfear (ex post)  
Maidir le cuspóirí an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR), mar atá, idirbhearta díorthach a rialáil, cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn agus margaí a dhéanamh níos trédhearcaí, níos caighdeánaithe agus, dá bhrí sin níos sábháilte, is cuspóirí riachtanach iad chun margadh inmheánach airgeadais rathúil an Aontais a bhaint amach, go háirithe maidir leis an gcomhpháirt trasteorann de. Ní féidir leis na Ballstáit agus na maoirseoirí náisiúnta na rioscaí trasteorann a bhaineann le himréiteach lárnach laistigh den Aontas ná den chreat le haghaidh CPLanna tríú tír a réiteach as a stuaim féin, ná aghaidh a thabhairt orthu.

### *1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuirtear san áireamh sa togra seo an taithí a fuarthas ó leaganacha roimhe seo de EMIR.

Le EMIR rialaítear idirbhearta díorthach, lena n-áirítear bearta chun na rioscaí a bhaineann leo a theorannú trí CPLanna. Glacadh é tar éis ghéarchéim airgeadais 2008/2009 chun cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn agus chun na margaí a dhéanamh níos trédhearcaí, níos caighdeánaithe agus, dá bhrí sin, níos sábháilte. Cuireadh athchóirithe dá samhail chun feidhme i bhformhór thíortha G20.

Ceanglaítear le EMIR go dtuairiscítear idirbhearta díorthach chun trédhearcacht an mhargaidh a áirithiú le haghaidh rialtóirí agus maoirseoirí; agus go ndéantar na rioscaí a baineann leo a mhaolú go hiomchuí trí imréiteach lárnach a dhéanamh i CPL nó trí mhalartú chomhthaobhachta, dá ngairtear 'éarlais', in idirbhearta déthaobhacha. Tá fás nach beag tar éis teacht ar CPLanna agus ar na rioscaí a bhainistíonn siad ó glacadh EMIR.

In 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra reachtacha lena leasaítear EMIR, a ghlac na comhreachtóirí araon in 2019. Le EMIR REFIT<sup>21</sup> rinneadh athchalabhrú ar chuid de na rialacha chun a gcomhréireacht a áirithiú, agus cobhsaíocht airgeadais á háirithiú ag an am céanna. Agus aitheantas á thabhairt aige do na saincheistanna atá ag teacht chun cinn i ndáil leis an méadú atá ag teacht ar rioscaí i CPLanna, go háirithe CPLanna tríú tír, le EMIR 2.2<sup>22</sup> rinneadh athbhreithniú ar an gcreat maoirseachta agus leagadh amach próiseas chun measúnú a dhéanamh ar chineál

<sup>21</sup> Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnicí maolaithe riosca do chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 141, 28.5.2019, lgh. 42–63.

<sup>22</sup> Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdarais a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint; IO L 322, 12.12.2019, lgh. 1–44.

sistéamach CPLanna tríú tír ag ÚEUM i gcomhar leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus leis na bainc cheannais eisiúna. Comhlánaíodh EMIR leis an Rialachán maidir le Téarnamh agus Réiteach CPLanna<sup>23</sup>, arna ghlacadh in 2020, chun ullmhú don chás neamhdhóchúil — ach a mbeadh tionchar ollmhór aige — ina mbeadh anás mór roimh CPL de chuid an Aontais. Tá cobhsaíocht airgeadais i gcoirle na bpíosáí sin de reachtaíocht an Aontais. Ó 2017 i leith, cuireadh údair inné in iúl arís agus arís eile faoi na rioscaí leanúnacha do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a eascraíonn as ró-chomhchruinniú an imréitigh i roinnt CPLanna tríú tír, go háirithe na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás struis. Thairis sin, d'éireadh do theagmhais lena mbaineann ardriosca ach dóchúlacht íseal agus ní mór don Aontas a bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt orthu. Cé gur chruthaigh CPLanna an Aontais, le linn na n-imeachtaí sin, go bhfuil athléimneacht iontu ar an mórgóir, is léir ón taithí a fuarthas gur féidir éiceachóras imréitigh an Aontais a neartú, ar mhaithe leis an gcobhsaíocht airgeadais. Mar sin féin, chun uathriail straitéiseach oscailte a áirithiú ní mór don Aontas é féin a chosaint i gcoinne na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair a bhíonn rannpháirtithe i margadh an Aontais ag brath an iomarca ar eintitis tríú tír, de bhrí gur féidir leis sin a bheith ina chúis leochaileachtaí.

I ndearadh na gceanglas nua atá beartaithe cuirtear san áireamh an taithí a fuarthas le EMIR, mar a leagtar amach thuas.

#### 1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an togra seo agus na ceanglais shonracha a ghabhann leis i gcomhréir leis na socrúithe reatha le haghaidh seirbhísí airgeadais laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus tá siad ailínithe le cleachtais chaighdeánacha maidir le buiséad an Aontais a chur chun oibre agus i gcomhréir le cleachtais reatha sheirbhísí an Choimisiúin maidir le tograí nua a phleanáil agus a bhuiséadú.

Ina theannta sin, tá cuspóirí an tionscnaimh comhsheasmhach le beartas eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais atá ar siúl faoi láthair arb é is aidhm dóibh: (i) Aontas na Margáí Caipitil a fhorbairt, agus (ii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na maoirseachta ar leibhéal an Aontais, laistigh agus lasmuigh de Aontas araon.

Ar an gcéad dul síos, tá sé comhsheasmhach le hiarrachtaí reatha an Choimisiúin Aontas na Margáí Caipitil a fhorbairt a thuilleadh<sup>24</sup>. Na saincheistanna a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo, déanann siad difear do chobhsaíocht airgeadais an Aontais de bhrí go gcuireann siad bac ar laghdú neamhchosaintí iomarcacha ar CPLanna sistéamacha agus mar gheall gur bac suntasach iad ar mhargadh imréitigh AE a fhorbairt atá éifeachtúil agus tarraingteach, rud is bunchloch i gcomhar Aontas na Margáí Caipitil atá domhain agus leachtach. Cuireadh béim ar an bpráinn atá le margáí caipitil an Aontais a fhorbairt agus a chomhtháthú a thuilleadh i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margáí Caipitil i mí Mheán Fómhair 2020.

Ar an dara dul síos, tá sé comhsheasmhach le taithí sheirbhísí an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú forálacha tríú tíortha i reachtaíocht airgeadais an Aontais agus cuireann sé chun feidhme an taithí phraiticiúil a fuair seirbhísí an

<sup>23</sup> Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha, IO L 22, 22.1.2021, lgh. 1–102.

<sup>24</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún, Aontas na Margáí Caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – Plean gníomhaíochta nua, COM(2020) 590

Choimisiúin agus iad ag tabhairt faoi na cúraimí sin go praiticiúil.  
Ar an tríú dul síos, tá sé comhsheasmhach le cuspóir an Aontais maidir le huathriail straitéiseach oscailte<sup>25</sup>.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach

---

<sup>25</sup> Teachtairacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú COM/2021/32 final.



## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

### tréimhse theoranta

i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

### tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe<sup>26</sup>

**Bainistíocht dhíreach** arna déanamh ag an gCoimisiún

ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

**Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

**Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

comhlachtaí dlí phoiblí;

comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí', le do thoil.*

Barúlacha

Neamhbhainteach

<sup>26</sup> Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

I gcomhréir le socrúithe atá ann cheana ullmhaíonn ÚEUM tuarascálacha rialta ar a ghníomhaíochtaí (lena n-áirítear tuairisciú inmheánach don Bhainistíocht Shinsearach, tuairisciú don Bhord Bainistíochta, tuairisciú gach sé mhí do Bhord Maoirseoirí agus an tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile), agus déanann an Chúirt Iniúchóirí agus an tSeirbhís Inmheánach Iniúchta iniúchtaí ar ÚEUM maidir leis an gcaoi a n-úsáideann sé acmhainní. Ina theannta sin, soláthraíonn an togra roinnt oibleagáidí breise faireacháin agus tuairiscithe a bheidh ar ÚEUM i ndáil le gnéithe nua an Rialacháin, lena n-áirítear an cuntas gníomhach. Soláthróidh an Coimisiún tuarascáil 5 bliana tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

I ndáil le húsáid dhlíthiúil, eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach na leithreasuithe a eascróidh ón togra, meastar nach dtiocfaidh den togra rioscaí nua nach mbeadh cumhdaithe faoin gcreat rialaithe inmheánach atá ann faoi láthair.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cuirtear chun feidhme cheana féin na córais bhainistíochta agus rialaithe dá bhforáiltear i Rialachán ÚEUM. Oibríonn ÚEUM i ndlúthchomhar le Seirbhís Inmheánach Iniúchta an Choimisiúin lena áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin iomchuí sna réimsí rialaithe inmheánacha uile. Beidh feidhm freisin ag na socrúithe sin maidir le ról ÚEUM de réir an togra reatha. Seoltar tuarascálacha bliantúla iniúchóireachta inmheánaí chuig an gCoimisiún, chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Neamhbhainteach

### 2.3. Beartha chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaioise.*

Chun críocha calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaioise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle.

D'aontaigh ÚEUM do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Pharlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach, maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ghlac sé forálacha iomchuí maidir le foireann uile ESMA.

Leagtar síos go sainráite sna cinní maidir le maoiniú agus sna comhaontuithe agus sna hionstraimí cur chun feidhme a dtagann astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, más gá, ar thairbhithe an airgid atá eisíoctha ag ÚEUM agus ar bhaill foirne atá freagrach as an airgead sin a leithdháileadh.

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

#### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN. 27	ó thíortha de chuid CSTE 28	ó thíortha is iarrthóirí 29	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21 (2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.BB.BB.BB.BB]	LD/LN.	TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL	TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21 (2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.BB.BB.BB.BB]		TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL	TÁ/NÍ L	TÁ/NÍL

<sup>27</sup> Dífreáilte = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhífreáilte.

<sup>28</sup> CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

<sup>29</sup> Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

Ní bheidh aon tionchar ag an tionscnamh reachtach seo ar chaiteachas i ndáil leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) ná le comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

ÚEUM: Sa mheasúnú tionchair níor sainaithníodh ach costas breise measartha le haghaidh ÚEUM, agus ag an am céanna cruthaíonn na bearta atá beartaithe éifeachtúlachtaí a mbeidh laghduithe costais mar thoradh orthu. Ina theannta sin, le roinnt forálacha déantar ról ÚEUM a shoiléiriú agus a athchalabhrú ach ní chruthaítear cúraimí nua leo agus, dá bhrí sin, measfar iad a bheith neodrach ó thaobh an bhuiséid de.

Baineann na costais a sainaithníodh le huirlis TF nua a chur ar bun agus a oibriú le haghaidh doiciméid mhaoirseachta a thíolacadh. Mar sin féin, cé go bhféadfadh sé go dtabhódh ÚEUM costais níos airde a bhaineann le huirlis TF nua den sórt sin a fhorbairt nó a roghnú chomh maith lena hoibriú, cruthóidh an uirlis TF sin éifeachtúlachtaí freisin agus bainfidh ÚEUM tairbhe as na héifeachtúlachtaí sin. Baineann na héifeachtúlachtaí sin le níos lú oibre a dhéanamh de láimh ó thaobh doiciméid a réiteach agus a chomhroinnt, leis na bearta leantacha i ndáil le spriocdhátaí agus ceisteanna, chomh maith le comhordú le húdaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna), leis an gcoláiste agus leis an gCoiste Maoirseachta do CPLanna. Is dócha gur mó na tairbhí sin a gheofar ná na costais a thabhfófar.

Thairis sin, maidir leis an obair bhreise thosaigh/leis an bpáipéarachas breise tosaigh a bhaineann le modhnú uirlisí agus nósanna imeachta, agus a bhaineann le comhar feabhsaithe, d'fhéadfadh sé méadú a chur ar an gcostas i dtosach, ach is dócha go laghdófar í, nó go bhfanfaidh sí cobhsaí, le himeacht ama. Go háirithe, ceanglófar ar ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála/caighdeáin theicniúla cur chun feidhme (RTS/ITS) a dhréachtú maidir le formáid agus ábhar na ndoiciméad a cheanglaítear ar CPLanna a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta, le sonrú an cheanglais atá ar chomhaltaí imréitigh agus ar chliaint cuntas gníomhach a bheith acu le CPL de chuid an Aontais, leis an modheolaíocht atá le húsáid chun an cion a ríomh, le raon feidhme agus mionsonraí an tuairiscithe a dhéanann comhaltaí imréitigh agus cliaint an Aontais dá gcuid údarás inniúil maidir lena ngníomhaíocht imréitigh i CPLanna tríú tír agus, le linn na sásraí a sholáthar lena ngníomhachtófar athbhreithniú ar luachanna na dtairseach imréitigh i ndiaidh luaineachtaí praghais suntasacha san aicme fholuiteach díorthach thar an gcuntar, ceanglófar ar ÚEUM freisin athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na díolúine fálaithe agus tairseacha le haghaidh na hoibleagáide imréitigh atá le cur i bhfeidhm, chomh maith le tuarascáil bhliantúil ar thorthaí a gcuid gníomhaíochtaí faireacháin. Agus é ag tabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin, féadfaidh ÚEUM tógáil ar phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha atá ann cheana, agus féadfaidh sé, i gcás inarb ábhartha, na nósanna imeachta sin a thiontú ina gCaighdeáin Theicniúla Rialála/ina gCaighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme. Agus é i mbun an ceanglas maidir le cuntas gníomhach a shainiú, le haghaidh roinnt ionstraimí a sainaithníodh cheana, agus le haghaidh an fhaireacháin leanúnaigh orthu, féadfaidh ÚEUM an obair a rinne sé faoi Airteagal 25(2c) de EMIR a chur san áireamh le linn measúnú a dhéanamh ar cé acu de na seirbhísí imréitigh CPLanna Leibhéal 2 a mbaineann tábhacht shistéamach shuntasach leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit agus ar ina leith, dá bhrí sin, nach mbeadh ach roinnt acmhainní breise an-teoranta ag teastáil uathu.

Catagóir eile atá le cur san áireamh san anailís chostais is ea nósanna imeachta agus uirlisí a mhodhnú i leith an chreata nua um chomhar maoirseachta. Is gnéithe nua den chreat maoirseachta iad an comhar i gcomhfhoirne maoirseachta agus bunú an tsásra comhpháirtigh faireacháin ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, is uirlisí atá ann go príomha chun feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis agus chun cúraimí a chumhdach atá á ndéanamh, i ngach cuid bhunriachtanach, ag na húdaráis cheana féin, cé is moite den fhaireachán ar chur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach le haghaidh cuntais ghníomhacha i CPLanna an Aontais, amhail táillí ar rochtain a ghearrann CPLanna ar chliaint le haghaidh cuntais ghníomhacha. Is dócha go mbeidh roinnt atheagrúcháin foirne de dhíth ar na struchtúir nua seo agus d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le cruinnithe breise mar thoradh ar na struchtúir nua, ach ní bhainfidh impleachtaí móra buiséadacha leo. Thairis sin, gabhann tairbhí leis an bpróiseas maoirseachta athchalabraithe freisin, go háirithe freagrachtaí níos soiléire lena seachnaítear obair dhúblach nach bhfuil gá léi agus níos lú oibre mar gheall ar nósanna imeachta neamhagóide a thabhairt isteach lena gcuirtear ar chumas ÚEUM agus ÚINanna díriú ar ghnéithe ábhartha na maoirseachta i ndáil le síneadh a chur le seirbhísí imréitigh agus athruithe a dhéanamh ar shamhlacha riosca CPLanna.

Is é atá i gceist leis an gcur chuige atá beartaithe i leith CPLanna tríú tír a dhiúltaíonn táillí a íoc le ÚEUM ná fógra poiblí a eisiúint tar éis na táillí a bheith dlite 6 mhí agus tús a chur le tarraingt siar an aitheantais tar éis dóibh a bheith dlite ar feadh bliain amháin. Beidh an t-athrú sin dearfach ó thaobh costais de. Ar an gcaoi sin ní gá d'ÚEUM méid suntasach oibre a infheistiú gan luach saothair a fháil air. Thairis sin, tugtar forálacha breise isteach lena soiléirítear agus lena n-athchalabraítear ról ÚEUM agus, dá bhrí sin, measfar iad a bheith neodrach ó thaobh an bhuiséid de. Mar shampla, tá oibleagáid ar ÚEUM cheana féin tuairimí a eisiúint maidir le gnéithe áirithe den mhaoirseacht, ach déantar a bhfuil sna dtuairimí sin a athchalabráil chun leibhéal níos airde éifeachtúlachta a áirithiú sa phróiseas maoirseachta agus tugtar deis fhoirmiúil do ÚEUM tuairim a eisiúint maidir le hathbhreithniú bliantúil agus meastóireacht bhliantúil CPLanna agus maidir haistarraingt a n-údaraithe agus maidir le ról soiléir a ghlacadh i gcomhordú cásanna éigeandála. Is cúraimí iad sin a bhaineann, ar gach slí ábhartha, leis an obair atá ar siúl acu cheana, agus leis na forálacha soiléirítear seasamh ÚEUM agus, dá bhrí sin, neartaíonn siad é, agus soláthraítear freagrachtaí soiléire.

Comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh: Cé go dtugtar isteach athruithe níos lú ar ról chomhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh, amhail an Coimisiún Eorpach nó an Banc Ceannais Eorpach, ní bhainfidh impleachtaí buiséadacha leo.

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	

AS: .....			Bliain N <sup>30</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			<b>IOMLÁN</b>
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid <sup>31</sup>	Gealltanais	(1a)								
	Íocaíochtaí	(2a)								
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha <sup>32</sup>										
Líne bhuiséid		(3)								
<b>IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair DG .....</b>	Gealltanais	=1a +1b +3								
	Íocaíochtaí	=2a +2b +3								

• <b>IOMLÁN leithreasuithe faoi</b>	Gealltanais	(4)								
-------------------------------------	-------------	-----	--	--	--	--	--	--	--	--

<sup>30</sup> Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.

<sup>31</sup> De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

<sup>32</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínite ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

chomhair oibríochtaí	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
<b>IOMLÁN leithreasuithe faoin gCeannteidil ....</b> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

**Má tá tionchar ag an togra / tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:**

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
<b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1 go 6</b> den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

<b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</b>	<b>7</b>	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach ([Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha](#)) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.



EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			<b>IOMLÁN</b>
AS: .....									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas Riaracháin eile									
<b>IOMLÁN AS .....</b>	Leithreasuithe								

<b>IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n- íocaíochtaí)								

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N <sup>33</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			<b>IOMLÁN</b>
<b>IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	Gealltanais								
	Íocaíochtaí								

<sup>33</sup> Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN		
	ASCHUIR																		
	Sagh as <sup>34</sup>	Meáncho stas	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Uimhir	Cost as	Líon iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 <sup>35</sup> ...																			
- Aschur																			
- Aschur																			
- Aschur																			
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																			
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 ...																			
- Aschur																			
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																			

<sup>34</sup> Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a thógtar, etc.).

<sup>35</sup> Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

<b>IOMLÁIN</b>																	
----------------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin  
 Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N <sup>36</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁ N
<b>CEANNTÉIDE AL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
<b>Fo-iomlán CHEANNTÉID EAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>								
<b>Lasmuigh de CHEANNTÉID EAL 7<sup>37</sup> den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
<b>Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉID EAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>								
<b>IOMLÁN</b>								

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina

<sup>36</sup> Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.

<sup>37</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínite 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna.  
 Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfeadh an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
<b>•Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)</b>							
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)							
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)							
01 01 01 01 (Taighde indíreach)							
01 01 01 11 (Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
<b>• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)<sup>38</sup></b>							
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)							
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
<b>XX 01 xx yy zz</b> <sup>39</sup>	- sa Ceannteathrú:						
	- i dToscaireachtaí						
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)							
01 01 01 12 (AC, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
<b>IOMLÁN</b>							

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

<sup>38</sup> AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

<sup>39</sup> Fo-uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

### 3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór.

is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

### 3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:  
Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N <sup>1</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

<sup>1</sup> Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.



### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

maidir le hacmhainní dílse

ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh <sup>2</sup>					Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3				
Airteagal .....									

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

[...]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

<sup>2</sup> A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aici, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
ABN AMRO Clearing Bank
Alternative Investment Management Association (AIMA)
Association Française Des Marchés Financiers (AMAFI)
Assonime, the Association of Italian Joint-Stock Companies
Bank of America
Banque de France
Blackrock
BNP Paribas
BNY Mellon
Bundesverband deutscher Banken (BdB)
BVI Bundesverband Investment und. Asset Management
Cboe Clear Europe
Citigroup
Commodity Markets Council Europe (CMCE)
Crédit Agricole
Depository Trust and Clearing Corporation (DTCC)
Deutsche Bank AG
Deutsche Börse AG
Deutsches Aktieninstitut
DG FISMA
Euronext Clearing
European Association of Central Counterparty Clearing Houses (EACH)
European Association of Corporate Treasurers (EACT)
European Banking Federation (EBF)
European Central Bank (ECB)
European Economic and Social Committee (EESC)
European Federation of Energy Traders (EFET)
European Fund and Asset Management Association (EFAMA)
European Securities and Markets Authority (ESMA)
European Systemic Risk Board (ESRB)
FIA European Principal Traders Association
FleishmanHillard
French Tresor
FTI Consulting
Goldman Sachs
Hanbury Strategy

HM Treasury
Intercontinental Exchange (ICE)
International Swaps and Derivatives Association (ISDA)
Intesa Sanpaolo
Joint Energy Associations Group (JEAG)
JPMorgan Chase & Co
KDPW CCP Spółka Akcyjna
Kreab
LCH
LCH SA
NASDAQ
Nordic Securities Association
Permanent Representation of Belgium
Permanent Representation of France
Permanent Representation of Germany
Permanent Representation of Spain
Permanent Representation of the Netherlands
Société Générale
UK Mission to the European Union
UniCredit

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Rialacháin (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2017/1131 a leasú a mhéid a bhaineann le bearta chun neamhchosaint iomarcach ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír a mhaolú agus chun éifeachtúlacht mhargáí imréitigh an Aontais a fheabhsú		
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0697 – C9-0412/2022 – 2022/0403(COD)		
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	8.12.2022		
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 1.2.2023		
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 1.2.2023	JURI 1.2.2023	
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	ITRE 24.1.2023	JURI 31.1.2023	
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Danuta Maria Hübner 25.1.2023		
<b>Pléite sa choiste</b>	5.6.2023	28.6.2023	30.8.2023
<b>Dáta an ghlactha</b>	28.11.2023		
<b>Toradh na vótála chríochnaithí</b>	+: –: 0:	47 2 4	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Claude Gruffat, José Gusmão, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt		
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Ivars Ijabs, Janusz Lewandowski, Anđželika Anna Mozdżanowska, Erik Poulsen, René Repasi		
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Barry Andrews, Alessandra Basso, Theresa Bielowski, Carlos Coelho, Francisco Guerreiro, Fabienne Keller, Liudas Mažylis, Roberts Zīle		
<b>Dáta don chur síos</b>	5.12.2023		



## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

47	+
ECR	Andželika Anna Mozdżanowska, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle
ID	France Jamet
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Carlos Coelho, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Janusz Lewandowski, Liudas Mažylis, Luděk Niedermayer, Ralf Seekatz, Inese Vaidere
Renew	Barry Andrews, Engin Eroglu, Ivars Ijabs, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Eva Maria Poptcheva, Erik Poulsen
S&D	Marek Belka, Theresa Bielowski, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, René Repasi, Alfred Sant, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli
The Left	José Gusmão
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Claude Gruffat, Francisco Guerreiro, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Kira Marie Peter-Hansen

2	-
ID	Gunnar Beck
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos

4	0
ECR	Denis Nesci
ID	Alessandra Basso, Antonio Maria Rinaldi
NI	Enikő Győri

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh